


2008

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2008 agus Ráitis Airgeadais



RÉAMHRÁ

Bunaíodh Tuarascáil Bhliantúil 2008 ar na spriocanna a leagadh síos i Ráiteas Straitéise Teagasc 2008-2010.

Is i gcomhthéacs na spriocanna seo a dhéantar cur síos ar na mórchéimeanna a baineadh amach agus an fhorbairt a rinneadh i Seirbhísí um Thaighde Talmhaíochta agus Bia, i Seirbhísí Oiliúna, Forbartha, Comhairleacha, Corporáideacha, agus Bainistíochta, agus sna Stiúrthóireachtaí Riaracháin.

- 2** Buaicphointí 2008
 - Tionscadal ‘Forsight’
 - An Leabhar ‘Growing Knowledge’
 - Féile ‘Farmfest’
- 8** Ráiteas an Chathaoirligh
- 10** Tuarascáil an Stiúrthóra
- 12** Baill an Údaráis
- 13** Baill Choistí an Údaráis
- 14** An Bhainisteoireacht Shinsearach
- 15** Ionaid ina bhfuil Oifigí
- 16** Cairt Eagraíochtúil
- 18** **Sprioc 1** - Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair i gcoitinne a fheabhsú
- 46** **Sprioc 2** - Tacú le feirmeoireacht inbhuanaithe agus leis an gcomhshaol
- 56** **Sprioc 3** - Éagsúlú a chothú i ngeilleagar na tuaithe agus cáilíocht an tsaoil faoin tuath a fheabhsú
- 60** **Sprioc 4** - Inniúlacht eagraíochtúil a fheabhsú agus luach a thabhairt ar airgead
- 67** Ráitis Airgeadais
- 78** Nótaí le cur leis na Ráitis Airgeadais

TEAGASC 2030 TIONSCADAL 'FORESIGHT'



Seoladh tionscadal Foresight 2030 Teagasc i mí na Nollag 2006 agus tháinig sé chun críche le seoladh tuarascáil an tionscadail ag comhdháil idirnáisiúnta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 30 Bealtaine 2008.

Bhí an tionscadal dírithe ar fhís, a nglacfaí go forleathan léi, a bhunú d'eacnamaíocht agraibhia agus tuaithe na hÉireann faoi 2030, a riachtanais eolais a aithint agus cumais straitéiseacha Teagasc agus a ábharthacht dá gheallsealbhoirí a láidriú, rud a chumasódh dó ceannaireacht fhorghníomhach a sholáthar i dtimpeallacht mhargadh oscailte atá ag athrú go tapa. Reachtáladh Teagasc 2030 i gcomhoibriú le príomh-gheallshealbhoirí an agraibhia agus na tuaithe. Bhí an tionscadal á mhaoirsiú ag Coiste Stiúrtha, faoi chathaoirleacht an Ollaimh Séamus Smyth, Uachtarán Emeritus, OÉ Magh Nuad, agus bhí sé comhdhéanta d'ionadaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ó institiúidí rialtais, ón tionscal agus ó ollscoileanna. Fuair an Coiste Stiúrtha cabhair ó Phainéal Foresight a raibh ionadaíocht leathan air. Bhí an painéal sin freagrach as eolas a thiomsú agus a anailísiú, cásanna agus imthosca a thuar, straitéis a fhorbairt agus tuairiscíú.

Bhí Grúpa Oibre 'Foresight', a tarraingíodh as stiúrthóireachtaí taighde, oiliúna agus comhairleach, freagrach as an tionscadal a fheidhmiú ó lá go lá. Tógadh obair an tionscadail timpeall ar sheacht gceardlann mhóra agus ar roinnt imeachtaí speisialta eile chun faisnéis a bhailiú, ina measc ceardlann idirnáisiúnta 'Smaoineamh lasmuigh-den-bhosca' a tionóladh san RDS i mBaile Átha Cliath mí Iúil 2007. Ag tarraingt ar fhorbairtí ar dóigh dóibh tarlú san earnáil agraibhia agus eacnamaíocht tuaithe agus ar fhorbairtí domhanda thar na 20 bliain nó mar sin amach romhainn, d'fhorbair Teagasc 2030 cásanna agus imthosca eile, léirigh sé 'todhchaíochtaí' difriúla, agus an tuisneamh a bheadh acu ar Teagasc.

Bhí de chuspóir acusan smaointeoireacht a spreagadh i dtaobh cumas na heagraíochta ullmhú d'imthosca agus do thodhchaíochtaí éagsúla de réir mar a d'eascróidís. Sholáthraigh na cásanna agus imthosca sin an bonn ar ar forbraíodh straitéis eagraíochtuil fhadtréimhseach um bainistíocht taighde agus eolais. Reachtáladh an tionscadal le linn don mhargadh, do pholasaí agus do thimpeallacht eolaíoch earnáil an agraibhia a bheith ag athrú go tapa. Is mórchúis inní ar fud an domhain anois iad na ceisteanna gaolmhara faoi shlándáil bia agus fuinnimh, athrú aeráide agus inbhuanaitheacht an chomhshaoil.

Ag an am chéanna, tá dul chun cinn tapa na mbitheolaíochtaí ag cabhrú cheana féin chun dul i ngleic leis na dúshlán phráinneacha dhomhanda sin agus, sa phróiseas, tá siad ag cruthú an iliomad deiseanna gnó don talmhaíocht agus d'earnáil na n-acmhainní nádúrtha i gcoitinne. Ba é an tátal a dtángthas air sa tuarascáil ná go soláthrófar fócas lárnach nua don talmhaíocht ar fud an domhain sa tréimhse fiche, tríocha bliain amach romhainn má thapaítear na deiseanna agus má fhreagraítear na hábhair inní bhunúsacha seo.

Luaigh an tuarascáil gur féidir le Éire sochar a bhaint as na deiseanna nua seo chomh maith agus gur féidir lenár n-earnáil acmhainní nádúrtha ról lárnach a bheith aici i bhforbairt eacnamaíochta na tíre sa ré iar-Thíogair Cheiltigh. Tá an poitéinseal d'fhorbairt gnó nua chomh mór sin nach foláir raon traidisiúnta na hearnála a athchumrú chun a mhórphoitéinseal a chuimsiú. Tá fócas na tuarascála seo, mar sin, ar choincheap na bitheacnamaíochta i gcoitinne. Is é an ról a bheidh ag Teagasc amach anseo ná tacú le bitheacnamaíocht na hÉireann chun go mbeidh ról lárnach aici i 'ngeilleagar an eolais' trí thacaíocht a thabhairt don nuálaíocht ar fheirmeacha agus i ngnólaichtaí.

Ceann de phríomhthorthaí tionscadail Foresight ná bunú an Aonaid Foresight faoi cheannas an Dr. Lance O'Brien. Is é príomhról an aonaid ná treoir a thabhairt maidir le moltaí na tuarascála a fhorfheidhmiú.



An tUasal Mike Feeney, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Earnálacha Gnó Trádáilte go hIdirnáisiúnta, Fiontraíocht Éireann; Olivia O'Leary, Uasal, Craoltóir agus Iriseoir; An tUasal Jackie Cahill, Uachtarán, ICMSA; An Dr. Hugh Brady, Uachtarán, Cumann Chomhairle Ollscoileanna na hÉireann; An tUasal Pádraig Walshe, Uachtarán, IFA; Catherine Buckley, Uasal, Uachtarán, Macra na Feirme; An tUasal John Moloney, Stiúrthóir Bainistíochta an Ghrúpa, Glanbia plc; An tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc agus an Dr. Lance O'Brien, Bainisteoir an Tionscadail Foresight

An Dr. Tom O'Dwyer, An tUasal Brendan Smith, T.D., Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc.



An tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc; An Dr. Gale Buchanan, Leas-Rúnaí do Thaighde, Oideachas agus Eacnamaíocht USDA; An Dr. Tom O'Dwyer, Cathaoirleach Teagasc ag an am agus An tUasal Brendan Smith, T.D., Aire Talmhaíochta Iascaigh agus Bia.



An Dr. Gale Buchanan, Leas-Rúnaí do Thaighde, Oideachas agus Eacnamaíocht USDA.

Buaicphointí 2008

GROWING KNOWLEDGE Caoga Bliain de Thaighde agus d'Fhorbairt i bhFeirmeoireacht agus i mBia na hÉireann

Ba thréimhse dhorcha a bhí sna 1950idí maidir le heacnamaíocht na hÉireann. Bhí an daonra ar an líon ba lú ó thréimhse an ghorta mhóir agus ní raibh mórán forbartha déanta ar thalmhaíocht, an tionscal ceannasach. Tháinig athrú ar chúrsaí i 1958. Spreag An Chéad Chlár um Fhorleathnú Eacnamaíoch infheistíocht ón iasacht agus chuir sé easpórtálacha chun cinn.

Agus bunaíodh institiúid taighde talmhaíochta nua - An Foras Talúntais.

Leagann an leabhar seo amach na himeachtaí, an pholaitíocht, agus na daoine laistiar de bhunú An Fhorais Talúntais agus leagann sé béim ar an ról tábhachtach a bhí sa mhaoiniú a tháinig ó Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi Phlean Marshall.



An tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc; an Dr. Tom O'Dwyer, Cathaoirleach Teagasc ag an am; an tUasal Brendan Smith, T.D., an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus Michael Miley, Eagarthóir, 'Growing Knowledge' agus iad ag freastal ar sheoladh an leabhair 'Growing Knowledge' de chuid Teagasc a rinne ceiliúradh ar 50 bliain de thaighde agus d'fhorbairt i bhfeirmeoireacht agus i mbia na hÉireann.

Tugann sé léiriú ar fhis na gceannródaíthe, an Dr. Tom Walsh go háirithe, as comhlacht taighde a raibh cáil air ar fud an domhain a chruthú agus an ról a bhí acu maidir leis an tionscal talmhaíochta agus bia a athchruthú le 50 bliain anuas. Léirítear go soiléir beogacht an chéad chúpla bliain, na deacrachtaí airgeadais agus athruithe i bpolasaithe a bhain leis na 1980idí agus na 1990idí, mar aon le deiseanna briomhara feirmeoireachta agus bia an chéid seo. Bainfidh duine ar bith a bhfuil suim acu sna hathruithe drámata i bhfeirmeoireacht, bia agus saol tuaithe na hÉireann mar aon leis na daoine a chabhraigh leis na gnéithe sin a chruthú, an-tairbhe as an leabhar seo.



Ar chlé ar fad: Paddy O'Keefe, Cathaoirleach, Iontaobhas FBD agus Pat Markey, iar-Stiúrthóir Riaracháin, ACOT agus iar-Cheannasaí Pearsanra, An Foras Talúntais.



Ar chlé: An Dr. Tom O'Dwyer, Cathaoirleach Teagasc ag an am.



Michael Diskin, Teagasc Baile Átha an Rí agus Judy Chambers, Teagasc, Páirc na Darach agus iad ag freastal ar sheoladh an leabhair 'Growing Knowledge' de chuid Teagasc



Sa phictiúr seo tá Tilly O'Donnell, Teagasc, Cill an Dáltúnaigh, agus Eileen Lehane, Teagasc, An Chloch Liath agus iad ag freastal ar sheoladh an leabhair 'Growing Knowledge' de chuid Teagasc



Mark Moore, Teagasc, Páirc na Darach; James J Brett, Comhalta ó Bhord Údarais Teagasc agus Michael Miley, Eagarthóir, Growing Knowledge

FARMFEST 2008

Ba é an príomhthéama a bhain le Farmfest '08, an príomhimeacht de chuid Teagasc faoin aer i rith na bliana, ná feirmeoireacht inbhuanaithe agus gnólachtaí tuaithe a chruthú.

Ag labhairt dó ag oscailt oifigiúil Farmfest agus Bioenergy '08 i mBaile Átha an Rí, Dé hAoine, 20 Meitheamh, dúirt an tOllamh Gerry Boyle: "Tá sé mar phríomhaidhm ag Teagasc go mbeadh forbairt inbhuanaithe fadtréimhseach i gceist le talmhaíocht, leis an tionscal bia agus le gnólachta tuath-bhunaithe.

Anois agus lagthrá ar roinnt de na hearnálacha eile, tá an fhorbairt inbhuanaithe atá ag tarlú ar fheirmeacha agus i ngnólachtaí dúchasacha, nuálacha, tuath-bhunaithe bia ag teacht chun cinn." Tá torthaí na ndeá-oibreacha le feiceáil i ngach áit anseo i mBaile Átha an Rí inniu, maidir le gnólachtaí inbhuanaithe don todhchaí. Sna príomhfhiontair fheirmeoireachta, léiríonn taighde a rinne Teagasc go bhfuil buntáiste iomaíoch ag feirmeoireacht déirí i ndáil le táirgeoirí bainne eile ar fud na hEorpa agus go domhanda ar bhonn chostas airgid agus soláthróidh sé sin todhchaí inmharthana don iliomad feirmeoirí.



In ainneoin an chúlaithe sa tionscal caorach, tá roinnt de an hainmhithe is breátha sa tír ar taispeánt agus iad in iomaíocht i gcomórtais éagsúla chun róiséid a bhfuil an-tóir orthu a bhuachan. "Tá na céadta táirgeoirí le bianna ceirde agus bianna speisialtacha ann a chuireann a réimse uathúil táirgí i láthair agus is sampla é sin ar an mbealach gur féidir le gnólachtaí tuaithe nuálacha margáí sainiúla a chruthú, agus ar an gcaoi ar féidir leo forbairt ar bhealach inbhuanaithe chun maireachtáil agus dul in inmhe sna blianta amach romhainn.

Tá margadh an bhia speisialtacha ar cheann de na margáí is mó fás, ar fiú €500 milliún sa bhliain in Éirinn é agus margadh Eorpach ar fiú €33 billiún é béal dorais linn."


Lean an tOllamh Boyle ar aghaidh: "Tá an ócáid Bioenergy '08 i mBaile Átha an Rí ag leagan béime ar bhealaí chun teacht ar réitigh inbhuanaithe le gur féidir dul i ngleic le riachtanais fhuinnimh na tíre seo atá ag méadú i gcónaí.

Tá Teagasc tiomanta réitigh fuinnimh talamh-bhunaithe a aimsiú go háirithe le haghaidh theas baile agus tomhaltóra. Soláthróidh an fhoraoiseacht, a bhfuil stoc foraoise aici atá réidh le tanú, an t-ábhar a theastaíonn chun freastal ar an gcéad sruth éileamh ar bhithmhais, agus na barra fuinnimh malartacha ar nós saileach agus miscanthus ag éirí níos buaine.

Tá sé mar dhúshlán mór dár dtaighdeoirí roghanna malartacha planda-bhunaithe a aimsiú, na bithbhreoslaí dara agus tríú glúin mar a thugtar orthu, a chuirfidh roghanna malartacha inbhuanaithe fadtréimhseacha ar fáil seachas táirgí peitрилiam-bhunaithe a úsáid," a dúirt sé.



Agus borradh curtha faoi thionscail eile le déanaí, tá feirmeoireacht agus gnólachtaí tuaithe ag forbairt ar bhonn leanúnach le deich mbliana anuas i rith ré an Tiogair Cheiltigh.



Ruth Hamill agus Mohammad Hossain, Teagasc, Baile an Ásaigh



Gerry Scully, Teagasc Bhaile Átha an Rí agus an tUasal Brendan Smith, T.D., an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ag Farmfest 08 a tionóladh i mBaile Átha an Rí an 20 Meitheamh 2008.



Taighdeoir de chuid Teagasc Anne Bailey agus Dimitra Khalil

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



Tá tréimhse athraitheach agus dúshlánach amach roimh thalmhaíocht na hÉireann sa chéad chúig bhliana eile amach romhainn. Is trí muid féin a chur in oiriúint inár n-aonar agus mar ghrúpa a chinnfear rathúlacht na hearnála i rith na tréimhse amach romhainn. Caithfidh an tionscal próiseála agraibhia a dhícheall a dhéanamh iomaíochas a chothabháil agus a fheabhsú ag leibhéal na feirme; tá dúshlán roimh tháirgeoirí a ngnó a chosaint ó thionchar luaineachta praghais níos mó sa todhchaí. Ba chóir na teicneolaíochtaí ar fad atá ar fáil a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais gach aon sraith imthosca. Chun tacú leis sin tá tosaíocht tugtha d'aistriú teicneolaíochta agus feasachta chuig feirmeacha agus chuig gnólachtaí bia beaga agus meánmhéide.

Cuireadh próiseas i bhfeidhm chun tosaíocht a thabhairt do réimsí agus gníomhaíochtaí clár ar fud na n-aonad gnó i dTeagasc lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní airgeadais níos gainne ar bhealach níos éifeachtaí chun tacú le tionscal talmhaíochta agus bia na hÉireann. Dréachtaíodh Clár Athraithe cuimsitheach do Theagasc sa bhliain faoi athbhreithniú, comhaontaíodh é go luath i 2009 agus tá sé á chur i bhfeidhm faoi láthair. Beidh an eagraíocht ábalta tacú leis an earnáil ar bhealach níos éifeachtaí ó thaobh costais de, ag gabháil de thaighde ábhartha, ag teacht ar bhealaí nua chun teicneolaíochtaí a aistriú chuig an tionscal feirmeoireachta agus bia agus ag soláthar cúrsaí oideachasúla chun freastal ar riachtanais an chéad ghlúin eile. B'ionann deontas i gcabhair buiséadaithe Teagasc ag tús 2008 agus €145.114 milliún. B'ionann an t-aschur ag deireadh na bliana féilire agus €139.964 milliún. Agus é seo á scríobh agam, b'ionann an deontas i gcabhair buiséadaithe do 2009 agus €131.927 milliún. Chiollaigh na coigeartuithe anuas sin a rinneadh le buiséad Teagasc

in 2008 agus in 2009 gur laghdaíodh an maoiniú a bhí ar fáil go dtí €13 milliún. Agus é ag tabhairt aghaidh ar an leibhéal laghdaithe sa mbuiséad stáit, bhí an tÚdarás aireach go gcaithfí an éifeachtacht agus an éifeachtúlacht is fearr a chinntiú ina chuid oibríochtaí ar fad. Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh in 2008 agus chuir sé gníomhaíochtaí cuí i bhfeidhm. D'iarr Coiste Iniúchta Údarás Teagasc ar an Iniúchóir Inmheánach athbhreithniú a dhéanamh ar speansais a thabhaigh an fhoireann. I rith an iniúchta tugadh ar aird nár bhain caiteachas áirithe a thabhaigh an fhoireann go hiomlán le gnó. B'ionann an t-eisioc comhlán a bhí i gceist agus €80,000. Mar gheall ar chuspóirí measctha an chaiteachais, áfach, ar bhain roinnt de le forbairt foirne, ní féidir an ghné neamhéifeachtach a thomhas go cruinn.

Ceapadh polasaithe cuí ar shiamsaíocht agus ar thaisteal thar lear agus cuireadh iad sin in iúl don fhoireann, tá treoir fheabhsaithe ar fheidhmiú buiséad curtha i bhfeidhm agus meabhraíodh don fhoireann faoi úsáid inghlactha na gcistí poiblí maidir le caiteachas de chineál siamsaíochta.

Cheap an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Brendan Smith TD, triúr comhaltaí ar Údarás Teagasc.

Chuir ceathrar chomhalta údaráis a dtéarmaí i gcríoch. D'éirigh an Dr. Tom O'Dwyer as ar an 14 Meán Fómhair tar éis dó dhá théarma cúig bliana a chaitheamh ina Chathaoirleach ar an Údarás. Bhí tionchar leanúnach aige ar an eagraíocht le linn na tréimhse sin. Mar Chathaoirleach ar an Údarás threoraigh sé an eagraíocht i reáchtáil agus i bhfeidhmiú Chláir Fise Teagaisc, a d'aithin réimsí eolaíochta ar cheart go mbeadh Teagasc ag baint barr feabhais amach iontu, agus na saoráidí a raibh gá leo chun an taighde riachtanach a stiúradh.

Ní raibh Michael O'Dwyer as Tiobraid Árann, nach maireann, ach tar éis scoir i Meán Fómhair tar éis 20 bliain a chaitheamh ar Údarás Teagasc nuair a bhásaigh sé go dobhronach i mí na Nollag. Méala mór a bhás dúinn go léir. Ba mhór againn a chomhairle chríonna, a chur chuige praiticiúil agus an bealach cairdiúil ach gairmiúil a bhí leis, agus bhí a thiomantas d'Údarás Teagasc thar 20 bliain mar léiriú ar an tacaíocht a thug sé d'obair na heagraíochta thar ceann na bhfeirmeoirí.

D'éirigh Patrick Kelly as Cúil na gCuirridín, Co. Dhún na nGall agus Jerry Henchy, as Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh as a gcúraimí tar éis dóibh téarmaí cúig bliana a chur i gcríoch agus aithníonn an tÚdarás agus an fhoireann an méid a rinne siad don eagraíocht. Ceapadh Pádraig Gibbons as Mullán, Co. Mhaigh Eo, feirmeoir déiríochta, agus Cathaoirleach Chomharchumann Connacht Gold chun ionadaíocht a dhéanamh ar ICOS ar an Údarás. Ceapadh Frank O'Mahony, feirmeoir déiríochta as Ballyorban, Baile an Mhanaigh, Co. Chorcaí tar éis do ainmniúchán a fháil ó Mhacra na Feirme.

Tá dlúthchaidrimh oibre idir Teagasc, an Aire agus a Roinn arna stiúradh ag an Ard-Rúnaí Tom Moran. Thar ceann an Údaráis, glacaim buíochas leis an Stiúrthóir, an tOllamh Gerry Boyle agus an fhoireann as a rannpháirtíocht ghairmiúil agus tiomanta do Teagasc agus do na hearnálacha feirmeoireachta agus bia. Is tréimhse dhúshlánach í seo ach tabharfaidh Teagasc aghaidh uirthi le fuinneamh agus le diograis.

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach Údarás Teagasc

TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA



Tugadh tionscnamh réamhamhairc leathan chun críche anuraidh a d'aithin roinnt de na príomhthiománaithe athraithe réamh-mheasta sa tionscadal talmhaíochta agus bia go fadtréimhseach. Foilsíodh tuarascáil Teagasc 2030 agus cuireadh i láthair í ag mór-chomhdháil idirnáisiúnta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Bealtaine. Chuir an tuarascáil treo straitéiseach barrleibhéil ar fáil don tionscadal agus do Teagasc. Aithníodh príomhréimsí teicneolaíochta don todhchaí. Cuireadh an tuarascáil isteach i Ráiteas Straitéise Teagasc do 2008-2010, a foilsíodh anuraidh. Chuir sí eolas ar fáil do chinntí a rinneadh i rith chruthú an Chláir Athraithe Teagasc a dréachtaíodh in 2008 agus a tugadh chun críche agus a aontaíodh ó dheireadh na bliana. Tugann sí tosaíocht do na réimsí cláir a leanfaidh Teagasc agus an t-atheagrú acmhainní a bheidh riachtanach mar gheall ar an mbuiséad poiblí atá srianta go mór.

Tá tábhacht i gcónaí ag baint leis an gcomhshaoil san earnáil talmhaíochta agus leanann Teagasc ag cur acmhainní ar fáil san earnáil seo tríd an aonad taighde comhshaoil i gCaisleán Bhaile Sheáin agus trí na speisialtóirí comhshaoil a oibríonn sa tseirbhís chomhairleach. Tionóladh comhdháil thábhachtach i Loch Garman ar athrú aeráide agus ról na talmhaíochta, ina raibh taighde ón Nua-Shéalainn i gceist chomh maith. Tionóladh comhdháil idirnáisiúnta ar chaighdeán uisce sa bhfómhar, ina raibh ionchur ó shaineolaithe ar fud an domhain. Leag an dá chomhdháil béim ar an tábhacht a bhaineann le heolas a bhailiú ó fhoinse idirnáisiúnta chun cur leis an taighde atá á déanamh in Éirinn.

Bunaíodh clár na'ndobharcantair talmhaíochta' chun dianchomhairle comhshaoil ar an bhfeirm a chur ar fáil d'úinéirí talún chun an caighdeán uisce a chothabháil agus a fheabhsú i roinnt ceantair le haibhneacha roghnaithe agus cuirfead an clár sin i bhfeidhm ar feadh cúig bliana. Cuirfidh an taighde sin sonraí fíriciúla eolaíochtbhunaithe ar fáil ar an tionchar atá ag feirmeoireacht ar chaighdeán uisce.

Tá na feirmeacha Teicneolaíochta, Luachála agus Aistrithe (TETs) atá bunaithe cheana féin d'earnáil na gcaorach, athbhrandaíte mar fheirmeacha 'BETTER' agus tá an sampla ceanna curtha i bhfeidhm i bhfiontair eile. Bunaíodh clár mairteola Feirme 'BETTER', ina bhfuil cúigear déag d'fheirmeoirí tráchtála mart diúil, le tacaíocht ón Irish Farmers Journal agus ón tionscal.

Tá seirbhís nua á tabhairt isteach ag Teagasc chun cabhrú le teicneolaíocht a aistriú chuig cuideachtaí bia beaga agus meánmhéide. Is iad na fiontair bheaga agus mheánmhéide príomhthiománaithe eacnamaíocht na hÉireann, ag soláthar fostaíochta inbhuanaithe do líon mór daoine, agus cabhróidh na tseirbhís nua seo leo chun go n-aithneoidh siad teicneolaíochtaí taighde-bhunaithe atá ábalta iomaíochas ghnólachtaí aonair a fheabhsú.

Chuidigh Teagasc le 6,400 feirmeoir trí phleananna na Scéime um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath a ullmhú, agus tugadh cabhair do 14,400 iarrthóir ar an scéim bainistithe dramhail feirme leis an bpáipéarachas deiridh a theastaigh uathu chun cabhair deontais a dhaingniú. D'fhreastail trí mhíle naoi gcéad cliant ar chúrsaí na Scéime um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath 20 uair an chloig a d'eagair Teagasc. Sa dara leath de 2008 chuir an tseirbhís chomhairleach oiliúint ar fáil do líon mór feirmeoirí a ghlac páirt sa scéim leas bó diúil.

Is féidir tabhairt faoi chur chuige eolaíochta i leith póraithe ainmhithe atá níos spriocdhírthe anois toisc gur fhorbair taighdeoirí ag an aonad taighde táirgí déiríochta An Chloch Liath i gcomhar le tionscal agus an ICBF, agus meastar gur fiú €8 milliún de shochar féideartha an roghnú géanómaíochta d'earnáil déiríochta na hÉireann. Is iontach go deo an poitéinseal a bheidh aige seo nuair a chuirfead i bhfeidhm é sna fiontair bheostoic uilig.

In 2008 bhí Teagasc ag ceiliúradh 50 bliain ó bunaíodh An Foras Talúntais nó an Institiúid Talmhaíochta mar a thugtaí air chomh maith. Tionóladh sraith imeachtaí i rith na bliana chun aitheantas a thabhairt do na héachtaí eolaíochta agus an méid a chuir siad le forbairt an tionscail talmhaíochta le caoga bliain anuas. Tá roinnt de na buaicphointí taighde sin le feiceáil sa leabhar 'Growing Knowledge' a foilsíodh anuraidh.

Tionóladh Farmfest, an príomhlá oscailte faoin aer don bhliain i mBaile Átha an Rí i mí an Mheithimh. D'éirigh thar cionn leis, agus é ag léiriú an taighde feidhmeach is déanaí, ag cur an chomhairle sainfhiontair is fearr ar fáil agus ag leagan béime ar roghanna oideachasúla d'fheirmeoirí óga agus cúrsaí oiliúna do dhaoine fásta. Tionóladh Bioenergy '08, an ócáid bhithfhuinnimh bhliantúil a chomheagraíonn Teagasc, COFORD agus SEI, mar chuid de Farmfest agus tháinig 30,000 duine chun na himeachta dá bharr.

Ag comhdháil bith-theicneolaíochta idirnáisiúnta, a d'eagraigh Teagasc agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, an samhradh seo caite, tugadh le chéile in Éirinn príomh-eolaithe a oibríonn i réimsí difriúla sna bitheolaíochtaí d'imeacht a mhair ceithre lá.

Cuireadh le hacmhainn taighde Teagasc trí phríomh-imscrúdaitheoirí eolaíochta sinsearach a earcú chun clár físe na heagraíochta a sheachadadh. Áiríodh orthu sin eolaithe d'ionad bitheolaíochta na n-ainmhithe, d'ionad bitheolaíochta na mbarr agus don chlár taighde bia.

Ar an infheistíocht shuntasach a rinneadh i dtionscadail chaipitil áirítear saoráidí taighde nua ag an Ionad Taighde Bia ar an gCloch Liath; saoráidí oideachasúla ag Coláiste Chill an Dáltúnaigh; síneadh leis an bpríomhoifig i bPáirc na Darach, Ceatharlach; saotharlanna nua in Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh; agus athchóiriú ar oifigí atá in Ionad Uí Mhaoliosa, Baile Átha an Rí.

Cuireadh tús le hatheagrú ollmhór ar na stiúrthóireachtaí go déanach in 2008 a chiallaíonn go mbunófar stiúrthóireacht amháin don taighde agus stiúrthóireacht nua d'aistriú eolais agus d'oideachas. Cuireadh athruithe eile i bhfeidhm ar na struchtúir riaracháin chomh maith. Athrú amháin díobh ná go dtuairiscíonn an t-Iniúchóir Inmheánach chuig an Stiúrthóir anois chun éifeachtúlacht an phróisis airgeadais inmheánaigh a fheabhsú agus chun socrúithe tuairiscithe a shruhlíniú

An tOllamh Gerry Boyle
Stiúrthóir

BAILL AN ÚDARÁIS



AN DR. NOLLAIG MAC AMHLAIDH
Cathaoirleach. Ceapadh é 17 Meán Fomhair 2008 ar feadh tréimhse cúig bliana.



AN tUASAL MARTIN HERAGHTY
Ainmní de chuid an Aire



AN tUASAL JAMES BRETT
Ainmní de chuid an Aire



AN tUASAL STEPHEN FLYNN
Ionadaí na Foirne



AN tUASAL DEREK DEANE
Ainmní de chuid FAÉ



MS MARGARET SWEENEY
Ainmní de chuid an Aire



AN tUASAL JOE FITZGERALD
Ainmní de chuid CSBÉ



AN tOLLAMH PATRICK FOTTRELL
Ainmní de chuid an Aire



AN tUASAL PÁDRAIG GIBBONS
CCÉT
Ceapadh é 15 Meán Fomhair 2008 ar feadh tréimhse cúig bliana.



AN tUASAL FRANK O'MAHONY
Macra na Feirme
Ceapadh é 15 Meán Fomhair 2008 ar feadh tréimhse cúig bliana



AN DR. TOM O'DWYER
Cathaoirleach
Tháinig a thréimhse oifige chun deiridh 14 Samhain 2008.



AN TUASAL MICHAEL O'DWYER
RIP
CCÉT
Tháinig a thréimhse oifige chun deiridh 14 Samhain 2008.
Fuair an tUasal O'Dwyer bás 16 Nollaig 2008.



PATRICK J. KELLY
Macra na Feirme
Tháinig a thréimhse oifige chun deiridh 14 Meán Fomhair 2008.



AN TUASAL JERRY HENCHY
Ainmní de chuid an Aire
Tháinig a thréimhse oifige chun deiridh 11 Samhain 2008.

BAILL CHOISTÍ AN ÚDARÁIS

Coiste Luach Saothair

An Dr. Nollaig Mac Amhlaidh
An tUasal Martin Heraghty
An tUasal Pádraig Gibbons
Ms Margaret Sweeney

Coiste na Comhairle agus an Oideachais

An tUasal Frank O'Mahony (Cathaoirleach)
An tUasal Derek Deane
An tUasal Stephen Flynn
An tUasal Joe Fitzgerald
An tUasal Pádraig Gibbons

Coiste um Thaighde

An tOllamh Patrick Fottrell (Cathaoirleach)
An tUasal Derek Deane
An tUasal Frank O'Mahony
An tUasal Stephen Flynn

Coiste Iniúcháireachta

An tUasal James Brett (Cathaoirleach)
Ms Margaret Sweeney
An Dr. Nollaig Mac Amhlaidh
An tUasal Martin Heraghty

Coiste Airgeadais & AD

An tUasal Martin Heraghty (Cathaoirleach)
An Dr. Nollaig Mac Amhlaidh
An tUasal Stephen Flynn
An tUasal James Brett
An tUasal Joe Fitzgerald

BAINISTEOIREACHT SHINSEARACH TEAGASC



AN tOLLAMH GERRY BOYLE
Stúirthóir



AN tUASAL PAT BOYLE
Ceann Stúirthóireacht na
Seirbhíse Comhairliúcháin



AN tUASAL DONAL CAREY
Ceann Stúirthóireacht an
Oideachais agus na Forbartha



AN DR. SÉAMUS CROSSE
Ceann Stúirthóireacht um
Thaighde Talmhaíochta



AN tOLLAMH LIAM
DONNELLY
Ceann Stúirthóireacht um
Thaighde Bia



AN tUASAL TOM KIRLEY
Ceann Stúirthóireacht an
Riaracháin



AN tUASAL TOM COLLINS
Ceann Stúirthóireacht
Sheirbhíse Corporáideacha
agus Bainistíochta

LÉARSCÁIL NA SUÍOMH


LIOS TUATHAIL

- Ceannáras
- Ionad Forbartha
- ▲ Ionad Taighde Bia
- Ionad Comhairle Áitiúil
- Stáisiún Thaighde
- ▲ Coláiste Teagasc
- ▲ Coláiste Priobháideach



CAIRT NA hEAGRAÍOCHTA

mar a bhí Nollaig 2008





SPRÍOC 1

Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair i gcoitinne a fheabhsú

TAIGHDE

DÉIRÍOCHT

Ríomhchlár Cúplála Náisiúnta Deartha

Rinneadh forbairt ar dhearadh bogearra, i gcomhar le Cónaidhm Éireannach na dTógálaithe Beostoic (ICBF) agus leis an Lárionad Tógála Eallaigh Náisiúnta (NCBC), do Ríomhchlár Cúplála Náisiúnta a dhéanfadh scagthástáil ar líon na mbó bainne cláraithe in Éirinn, ar mhaithe le máithreacha féideartha tarbh ar ardchaighdeán géinte a aithint. Leagadh síos critéir maidir le máithreacha féideartha tarbh a roghnú, critéir ar nós doimhneacht an ghinealaigh, Séan Póraithe Eacnamaíoch (EBI) agus fiúntas géiniteach i leith torthúlachta. Ní gá ginealach máithreacha tarbh a chlárú a thuilleadh. Forbraíodh bogearra a dhearfadh ríomhchlár cúplála freisin ar mhaithe leis na tairbh ab fhearr (rangú ar bhonn Séan Póraithe Eacnamaíoch den chuid is mó) a chúpláil leis na máithreacha féideartha chun Séan Póraithe Eacnamaíoch an tsíolraigh (i.e. aithreacha tástála óga) a uasmhéadú agus chun drochiarmhairtí a íoslaghdú ag éirí as ionphórú carnach. Chuir an NCBC an córas sin i bhfeidhm in

2008, céim riachtanach chun a chinntiú go mbeidh Éire in ann na haithreacha tástála óga ar ardchaighdeán géinte is fearr a oireann do na córais tháirgthe in Éirinn a ghiniúint go leanúnach san fhadtéarma.

Am Teoranta don Rochtain ar Fhéarach i dtosach na Lacht-tréimhse

Má fhanann na ba sa bhanrach san aimsir fhliuch déanfaidh a gcuid satailte damáiste ionas go laghdófar ar na rátaí fáis féir in uainíochtaí féaraigh ar ball. Léiríodh cheana go mbíonn an táirgeadh bainne níos fearr agus go mbíonn comhchruinniú

próitéine níos fearr sa bhainne nuair a ligtear na hainmhithe chun féaraigh ar feadh roinnt uaireanta an chloig sa lá, i gcomparáid le réimeanna beatha bunaithe ar shadhlas féir. Sin straitéis fhéideartha a d'fhéadfaí a fheidhmiú le linn tréimhsí aimsir fhliuch.

Léiríodh in anailís ar iompraíocht innilte le linn staidéir in earrach 2008 gurbh iad na ba nár táirgeadh ach dhá thréimhse innilte trí huairé an chloig dóibh ab éifeachtaí i mbun innilte mar gur chaith siad sin 98% dá gcuid ama (353 nóim/lá) ag innilt, i gcomparáid leis na ba a bhí amuigh an t-am ar fad (487 nóim/lá; 37%).



SPRIOC 1

Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair i gcoitinne a fheabhsú

Ag éirí as an staidéar sin, is dóigh le Teagasc gur leor dhá thréimhse innilte trí huairte an chloig do bha bainne i dtosach na lucht-tréimhse. Rud eile, is fearr gan sadhla féir a thabhairt mar fhorbhia do na hainmhithe agus iad istigh óir bainneann sé sin dá bhfionn innilte agus bíonn laghdú ar an gcion próitéine sa bhainne freisin.

Sláinte na dTréad

Is féidir le galair thógálacha cur isteach go mór ar éifeachtacht na táirgeachta agus ar an inbhuanaitheacht ar fheirmeacha déiríochta. Tá sé i gceist, faoi straitéis sláinte ainmhithe an Aontais Eorpaigh 2007 - 2013, comhsheasmhacht a bhaint amach maidir le sláinte ainmhithe ar fud thíortha an AE. Tá Éire tite ar gcúl ar a cuid páirtithe trádála domhanda i láthair na huairte maidir le forfheidhmiú dea-chleachtas i leith rialú galar bunaithe ar an bpleanáil sláinte feirme, bithshlándáil san áireamh. Rinneadh suirbhé ar 450 feirmeoir déiríochta ar an iomlán, i 20 contae, féachaint cén cur amach atá acu ar an mbithshlándáil, agus ar a staid ullmhachta maidir le dul i ngleic le rialú éifeachtach galar.

Eddie O'Callaghan ag labhairt le grúpa ar thuras ar Pháirc Uí Mhórdha, Teagasc, ag ceiliúradh chomóradh 50 bliain de bhunú An Foras Talúntais.



Shíl formhór na bhfeirmeoirí (72%) go raibh tábhacht leis an mbithshlándáil. Dúirt 53% díobh áfach nach raibh siad in ann cleachtais bhithshlándála a chur i bhfeidhm ceal faisnéise. Bhí 93% agus 78% díobh áfach a dúirt nár lorg siad faisnéis bithshlándála ar a gcomhairleoir Teagasc nó ar a gcleachtóir tréidliachta 'ach go hannamh' nó 'riamh'. Ní dhéantar dóthain poiblíochta ar a thábhachtaí is atá tréad dúnta maidir le galar tógálach a chosc, agus is tréada oscailte atá ag breis agus leath na bhfeirmeoirí déiríochta.

Léirigh an suirbhé freisin nach ndéanann 90% de na feirmeoirí déiríochta tástáil galair, seachas eitinn agus brúsallóis, ar ainmhithe atá ceannaithe acu. Easpa eolais agus comhairle an phríomhchúis (65%) a luadh leis an tearcúsáid a baineadh as an tástáil dhiagnóiseach. Ní dúirt ach 20% de na feirmeoirí go gcuiridís na cleachtais chearta choraintín i bhfeidhm i gcónaí. Léirigh an staidéar gur gá an bhithshlándáil a chur i láthair mar phacáiste inmhathana ó thaobh na heacnamaíochta de.

Brabúsacht Feirmeacha Déiríochta a Mhéadú san Oirthuaisceart

Cuireadh tús le tionscnamh nua taighde san Oirthuaisceart sa bhliain 2004, i gColáiste Talmhaíochta Bhéal Átha hÉis. Páirc Uí Mhórdha a bhí ag treorú an chláir taighde agus ba é an cuspóir a bhí leis, éifeachtacht an táirgeadh bainne sa réigiún a mhéadú. Bunaíodh grúpa tráchtearraí sna céimeanna tosaigh, agus ionadaithe ann as na ceithre chomharchumann déiríochta sa réigiún (Lakeland Dairies, Town of Monaghan, Connacht Gold, Donegal Co-op) mar aon le hionadaithe de chuid lucht comhairle agus taighde Teagasc, chun an clár a stiúradh agus a luacháil. Tá clár comhoibrítheach atá cosúil leis bunaithe ag an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bithheacha (Agri-Food & Bioscience) i dTuaisceart Éireann.

Tá dhá chur chuige i gceist sa chlár: sa chéad áit, staidéir chórais innilte i gColáiste Talmhaíochta Bhéal Átha hÉis chun córais táirgthe bainne ardbhrabúis inbhuanaithe a fhorbairt, agus sa dara háit, staidéir ar-fheirm chun na sriantachtaí éagsúla agus an teorannú a shainiú ar mhaithe leis an mbrabúsacht feirme a mhéadú sa réigiún.



Léirigh an taighde córais ar fheirm a rinneadh i gcás 16 fheirm dhéiríochta tráchtála ó 2005 go dtí 2007 go bhféadfaí na costais a laghdú go suntasach ar na feirmeacha déiríochta a ndearnadh anailís orthu. Baineadh an bhrabúsacht ab airde amach le hainmhithe ar bhain SPE (séan póraithe eacnamaíoch) níos airde leo agus céatadán níos airde próitéine bainne, tréimhse póraithe níos torthúla agus níos dlúithe, níos lú den fhorlónadh tíúchán agus rátaí stocála níos airde.

MAIRTEOIL Cáilíocht Conablaigh agus an Margadh

Ba cheart go mbeadh praghsanna conablaigh mairteola de réir an mhéid feola agus praghas an mhargaidh. Pórtha mallaibíochta Eorpacha agus a gcuid crosálach atá i mbeis agus 70% de na ba diúil anois, agus is le haithreacha de phórtha Eorpach a phóraithear beagnach 90% díobh sin, rud a thugann cion breise ainmhithe a oireann do mhargadh an AE ar an mór-roinn, áit a dtugtar na praghsanna is airde ar ainmhithe trua dea-chonformála. Ó tharla go n-easpórtáiltear 85% de mhairteoil chonablaigh na hÉireann, tá sé tábhachtach go sásódh na hainmhithe éilimh na margáí sin.

Is é leas thionscal na mairteola san fhadtáirgí é praghas-struchtúr mairteola a bheith ann ar léiriú é ar luach an ainmhí. Níl na praghsanna tipiciúla sa Fhrainc ná san Iodáil ach

naoi cent/kg níos airde ná in Éirinn ar chonablaigh a fhaigheann scór O3 maidir le conformáil agus saill, ach bíonn siad breis is 60c/kg níos airde i gcás conablaigh U3, rud a léiríonn a oiread is a iocair faoi bhun a luach ar chonablaigh dhea-chonformála in Éirinn. Scála cúig phointe, agus é bunaithe ar bhreithmheas amhairc, a bhí i mbunchóras rangaithe conablaigh an AE maidir le conformáil (E, U, R, O, P - ba é E ab fhearr) agus méithe (1 go dtí 5, agus 5 ar an méithe is mó).

Bhunaigh Teagasc, An Ghráinseach, staidéar cuimsitheach féachaint cén éifeacht a bhí ag na scóir maidir leis an gconformáil chonablaigh agus méithe ar an méid feola agus ar luach conablaigh. 507 bullán ar an iomlán a úsáideadh agus iad ionadaíoch ar na rannóga éagsúla den ghreille rangaithe conablaigh maidir le conformáil agus méithe. Dioscadh 115 tarbh óg agus 40 bearach freisin. Rinneadh na conablaigh a ghrádú go meicniúil de réir Scéim Rangaithe Conablaigh Mairteola an AE.

Léirigh na torthaí: ar scála 1 go 5, maidir le méadú aonaid amháin ar an scór conformála conablaigh (e.g. O go R) agus an scór méithe ina thairiseach, gur thug sé sin méadú 3.5 aonad céatadán ar an méid feola agus méadú 18c/kg (5.8%) ar an luach conablaigh, dhá oiread an mhéid a bhí á íoc ag na próiseálaithe feola in Éirinn in 2007.

Féadann méadú aonaid amháin ar an scór conformála conablaigh suas le 80c/kg a chur leis an luach ar mhargáí ardchostais an AE ar an mór-roinn. Maidir le méadú aonaid amháin ar mhéithe chonablaigh, ar scála 1 go 5, thug sé sin laghdú 2.9 aonad céatadán ar an méid feola agus 17c/kg (5.2%) ar an luach conablaigh.

Tá difreálú conablaigh níos fearr de dhíth i gcás na hÉireann anois óir is le dhá rang conformála, R agus O, a bhaineann 87% de na bulláin agus 91% de na bearacha. Agus arís eile, is le ranganna méithe 3 agus 4 a bhaineann 87% de na bulláin agus 85% de na bearacha. Meastar, dá réir sin, gur scála 15 phointe a bheadh riachtanach i gcomhair íocaíocht bunaithe ar chonformáil agus ar mhéithe, agus b'fhurasta é a bhaint amach leis an rangú meicniúil.

Agus scála 15 phointe in úsáid, ba cheart go dtabharfadh méadú aon aonaid amháin ar an scór conformála conablaigh ardú praghas sé cent/kg ar a laghad (i.e. 18c/kg ar an scála cúig phointe). Bunaithe go hiomlán ar an méid feola agus ar an dáileadh a bheadh an difríocht sin sa phraghas agus ní fhéachann sé do thosa breise, ar nós na costais phróiseála níos airde a ghabhann le méid feola níos lú nó an luach breise ar chonablaigh níos fearr ar mhargáí áirithe an AE ar an mór-roinn. Bheadh a thuilleadh difreálú praghaís ann dá thoradh.

SPRIOC 1

Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair i gcoitinne a fheabhsú

Fíordheimhniú na Feola – Cad a d'íth an tAinmhi?

Ní haon rud nua é a rá go bhféadfadh réim bheatha ainmhithe sula maraítear iad dul i bhfeidhm ar chomhshuíomh cothaitheach agus eiliminteach na feola. Leanann uaidh sin go dtabharfadh anailís feola faisnéis faoi réim bheatha na n-ainmhithe sular maraíodh iad. Is tábhachtaí fós é anois ó tharla tomhaltóirí ag cur spéis bhreise sa ghaol idir beatha ainmhithe agus cáilíocht cothaitheach agus sábháilteacht na feola a itheann siad.

Tá tábhacht le faisnéis faoi bheathú ainmhithe freisin chun éilimh a bhailíochtú faoi tháirgí brandáilte, ar nós mairteoil ó ainmhithe a beatháíodh ar fhéar nó táirgí sicín ó shicíní a beatháíodh ar arbhar. D'úsáid grúpa eolaithe as an nGráinseach, COB, an Fhrainc agus an RA anailís chóimheas iseatóipí cobhsaí eilimintéadrom (SIRA) chun faisnéis a fháil faoi chúlra beathaithe ainmhithe bia.

Seamair Dhearg

Tá an tuairim ann gur pischineálach lusrach ilbhliantúil gearrshaoilach í an tseamair dhearg (*Trifolium pratense*) a thugann toradh suntasach ar feadh dhá bhliain nó trí bliana b'fhéidir agus a fheileann san fhéar tirim agus sa sadhla mar go bhfásann sí suas colgdhíreach. Féarach buan is ea cuid mhór den talamh feirme in Éirinn, agus tá sé tábhachtach dá réir gnéithe de bhainistiú na seamrach deirge a shainmhíniú a chuirfidh lena marthanacht agus lena cion sa soláthar beatha.

Cuireadh tús le turgnamh sa bhliain 2001, agus críochnaíodh é sa bhliain 2008, chun cainníochtú a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag saothróa, páirtí féir, sceideal buana agus leasachán nítrigine ar tháirgeacht na mbáinseach a bhí bunaithe ar an tseamair dhearg, mar aon lena luach cothaitheach measta agus a n-insadhlaitheacht. Móruidhm eile a bhí leis, measúnú a dhéanamh ar thionchar na gcóireálacha sin ar inmharthanacht na seamrach deirge i gcaitheamh tréimhse roinnt blianta Rinneadh 16 chóireáil leis an tseamair dhearg.

Cuireadh dhá shaothróg den tseamair dhearg (Merviot agus Ruttinova) i monashaothrú nó in éineacht le seagalach ilbhliantúil (cv. Greengold) i Lúnasa 2001. Fuair siad 0 nó 50kg/ha de leasachán neamhorgánach N i lár Mhárta gach bliain agus bhí an chéad bharr le baint i ndeireadh Bealtaine nó i lár an Mheithimh.

Bhí trí fhómhar eile bainte faoi lár Samhna i gcás gach sceidil bhuana díobh. Agus anuas ar na ceapacha de sheamair dhearg, bhí ocht gcóireáil eile a thabharfadh tagarmharc níos coitianta mar bhonn comparáide leis an tseamair dhearg.

Fuair ceapacha monashaothraithe de sheagalach ilbhliantúil (cv. Greengold) 0, 50 100 nó 150kg/ha de leasachán neamhorgánach N i lár Márta gach bliain agus díreach i ndiaidh na gcéad trí fhómhar, agus bhí a gcuid dátaí buana costúil leo siúd don tseamair dhearg. D'éirigh chomh maith céanna leis an dá chineál seamrach. Bhí an bhuain mar an gcéanna i gcás na gceapach uile agus fuair siad ionchuir leordhóthana de P agus K.

Maidir leis na cóireálacha a thug barr maith lusra ar ardchaighdeán agus báinseacha leanúnacha, cuireadh seamair dhearg mar mheascán dénártha in éineacht le seagalach ilbhliantúil, gan aon leasachán neamhorgánach nítrigine a scaipeadh i mí an Mhárta, agus baineadh an chéad fhómhar i ndeireadh Bealtaine seachas i lár Meithimh. Seagalach ilbhliantúil a fuair 0 nó 200kg N/ha/sa bhliain faoi na dálaí sin, thug sí meántoradh bliantúil 9.5 agus 14.8 tona d'ábhar tirim/ha, ach bhí toradh bliantúil 15.6 tona d'ábhar tirim/ha ann do na cóireálacha barrmhaithe bunaithe ar an tseamair dhearg.



PATRICK GOWING Comhairleoir Déiríochta, Teagasc, Sligeach

Patrick Gowing (ar dheis) in éineacht le Joseph Dunphy, feirmeoir déiríochta as Co. Shligigh.

As Contae Laoise do Patrick Gowing. Thosaigh sé le Teagasc i ndeireadh 2006 agus tá sé ag obair leis an tseirbhís Gnó agus Teicneolaíochta do Shligeach/Liatroim ó tosaíodh í sa bhliain 2007. Is é mórsprioc an chláir, cur leis an mbrabús feirme sa cheantar. Tháinig méadú, ó 5 go dtí 30, ar líon na bhfeirmeoirí a chomhlánaíonn anailís monatóireachta brabúis ó cuireadh tús leis an gclár, ionas gur ar fhíorshonraí atá an tagarmharcáil bunaithe.

"Ar bhainistiú féaraigh a dhírionn muide anseo, dála áit ar bith sa tír," arsa Patrick (sa phictiúr thuas, ar dheis). "Mar a chéile na haidhmeanna, ach ní mór na cleachtais taighde a athrú beagán lena gcur in oiriúint don cheantar ó tá an-éagsúlacht ithreacha ar fud an dá chontae. Is í an acmhainn faisil i lár an tséasúir an phríomhdhifríocht sna codanna fluucha den cheantar. Is léir é sin i Liatroim go háirithe, áit a mbíonn buaicháirgeadh ollmhór féir i lár an tséasúir agus gan ach beagán i ndeireadh an Earraigh agus san Fhómhar."

Tá an-tábhacht le pléghrúpaí sa chláir déiríochta i Sligeach/Liatroim.

Tá cúig pléghrúpa ann anois ar fud an cheantair. "Eagraítear na grúpaí chun go mbeidh deis ag na feirmeoirí uile a bheith páirteach, agus cuirtear in oiriúint dá riachtanais iad," arsa Patrick. "Feirmeoirí déiríochta tráchtála lánaimseartha atá sa chuid is mó de na grúpaí ach tá pléghrúpa amháin againn a bunaíodh sa bhliain 2008 do na feirmeoirí beaga agus do na feirmeoirí déiríochta páirtaimseartha. Tagann an grúpa sin le chéile sa tráthnóna i gcaitheamh míonna an tsamhraidh, rud a thugann deis d'fheirmeoirí a mbíonn saincheisteanna cosúla acu, saothar go háirithe, plé a dhéanamh ar an tslí is fearr chun teicnící nua bainistíochta a fheidhmiú ar fheirmeacha ar scála níos lú."

Tá an clár Gnó agus Teicneolaíochta sa cheantar ag fás agus á oiriúint féin i gcónaí. Ach is é an phríomhspríoc, brabús feirme níos mó a sheachadadh d'fheirmeoirí déiríochta. Tá a thionchar le feiceáil go soiléir ar fud an réigiúin. Is ag Connacht Gold, an próiseálaí bainne áitiúil, a bhí an méadú ba mhó ar an gcéatadán próitéine bainne sa bhliain 2008.



Alastair Black ag míniú struchtúr planda féir le linn lá oscailte Teagasc sa Ghráinseach.



CAOIRIGH

Is féidir sadhlas arbhar Indiach a tháirgeadh timpeall 20% níos saoire ná sadhlas féir, rud a thabharfadh coigilteas suntasach ar an gcostas beathaithe caorach le linn lár agus deireadh an toirchis. Léirigh staidéir le Teagasc i mBaile Átha an Rí nach mbíonn aon tionchar ag aibíocht an bhairr arbhar Indiach ar mheáchan breithe na n-uan, ná ar a bhfás ina dhiaidh sin, cé go raibh caoirigh ar tairgeadh sadhlas arbhar Indiach ó bharr aibí dóibh, go raibh siad cuid mhaith níos troime ag am breithe na n-uan i gcomparáid leis na caoirigh sin ar shadhlas ó arbhar Indiach a baineadh nach raibh chomh haibí. Léirigh staidéir ar an bhforlíon próitéine gur féidir laghdú ar an mbeatha thacúil a thugtar go déanach sa toircheas nuair a thairgtear sadhlas arbhar Indiach do chaoirigh, agus gur féidir é a chur in áit sadhlais féir ar ardchaighdeán sa bheatha a thugtar do chaoirigh thorracha.

Staidéir Fascioliasis i gCaoirigh

Dúshlán mór atá sa phuchán ae do tháirgeadh caorach ar fheirmeacha ina bhfuil limistéir fhliucha a oireann mar ghnáthóg don seilide lathaí, an t-óstach riachtanach idirmheánach i gciogal beatha an phucháin ae. Ar fhrith-heilmintigh oiriúnacha a bhíothas ag brath go tipiciúil chun tionchar an phucháin ae ar dhul chun cinn aimhíthe a shrianadh. Luacháladh éifeachtúlacht ceithre chineál frith-heilmintigh i staidéir a rinneadh ar an bhfeirm chaorach sléibhe sa Líonán Léirigh na torthaí go raibh an puchán ae ar an bhfeirm sin frithsheasmhach in aghaidh triclabendazole, óir 21 lá i ndiaidh na cóireála ní raibh ach laghdú 70% ar na huibheacha, i gcomparáid le 100% i gcás na frith-heilminteach eile a tástáladh. Is dócha gur mar sin atá ar an-chuid feirmeacha caorach, agus is gá suirbhéanna beartaithe a dhéanamh go práinneach chun leibhéal na frithsheasmhachta a chinntiú.

Ag Cur leis an Líon Uan san Áil

Tá fianaise tagtha chun cinn ar an tríú géin a mbeadh an-tionchar aici ar an bhfeidhm ubhagánach, ag éirí as staidéir leanúnacha ar shrianadh géiniteach an ráta ubhsceite i gcaoirigh. Tá taighdeoirí Teagasc tar éis sócháin a shainaitheint i ngéinte caoirigh Cambridge. Má dheimhnítear an éifeacht sin d'fhéadfaí leas a bhaint as an sóchán chun líon na mbreitheanna cúpla a mhéadú go suntasach agus líon na dtríríní a choinneáil íseal san am gcéanna. Bheadh torthúlacht bhreise níos inghlactha ag leibhéal na feirme dá réir, agus laghdófaí freisin ar na costais a ghabhann le háil tríríní a thógáil agus a bhainistiú.

Inseamhnú Saorga (I.S.) do Chaoirigh

Tá taighde ar siúl i gcónaí chun I.S. a chur á úsáid níos forleithne i gclár phóraithe caorach. Tá luacháil ar chaolaitheoirí nua seamhain san áireamh sna staidéir sin mar aon le seilfré an tseamhain úrchaolaithe. Léiríodh i staidéir nach raibh ach naoi bpointe céatadánach de laghdú ar an ráta toirchis i gcás seamhan a stóráladh ar feadh 24 huairé, i gcomparáid le seamhan úr. Ciallaíonn sé sin go mbíonn ráta sásúil toirchis ann le seamhan a úsáidtear taobh istigh de 24 huairé i ndiaidh a bhailithe, faoi dhálaí praiticiúla. Sin dul chun cinn suntasach ar an gcleachtas agus ar an bprótacal reatha a éilíonn go n-úsáidfi an seamhan lá a bhailithe.

John Cannon, comhairleoir, ag stiúradh plé ar chaoirigh.



SPRIOC 1

Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair i gcoitinne a fheabhsú

CURAÍOCHT

Íoschuraíocht ("MinTill")

Déantar an ithir a inbhéartú sa treabhadh faoin mbealach traidisiúnta le barra a chur ag fás, agus déantar í a dhiansaothrú ina dhiaidh sin. Córas an-mhaith, ach tá sé costasach, bíonn ráta mall oibre ag gabháil leis agus tá inní ann faoina inbhuaíne, rud a fhágann go bhfuil spéis á cur i dteicniocait íoschuraíochta a bheadh níos tiosaí ar fhuinneamh. Léiríonn athbhreithniú ar thorthaí trialacha cruithneachta geimhridh le hocht mbliana nár cuireadh isteach ar an tairgeadh nuair a chuathas leis an íoschuraíocht. Cé go raibh an tairgeadh don eorna gheimhridh bhunaithe agus don ráib sil ola iomaíoch freisin faoi chórais íoschuraíochta, níl torthaí dochloíte ann maidir leis an eorna earraigh. Bíonn méadú ar na costais a bhaineann le rialú féir fiailí nuair is íoschuraíocht atá ar bun, ach is féidir na costais innealra a laghdú €66/ha. Cuireann saothróirí móra spéis sa chóras, a bhuíochas ar na costais laghdaithe innealra agus saothair.

Póru Féir

Tugann an féar foráiste i bPáirc na Darach aschur dochreidte i gcónaí; mar an gcéanna an bhuíon póraithe seamrach. Bronnadh Liostú Náisiúnta ar sheacht seagalach ilbhliantúla nua sa bhliain 2008, agus cuireadh trí chineál, Tyrconnel, Kintyre agus January, leis an Liosta Molta. Cuirfidh a gcuid saintréithe tairgeachta, marthanachta agus cáilíochta le córais tairgthe féarbhunaithe níos saoire.

Luacháil ar Phoitéinseal Agranamaíoch an tSil Ola Ráibe in Éirinn

Tá barr briste tarraingteach á lorg i gcónaí. Léirigh obair ar shiol ola ráibe geimhridh go bhféadfadh an ráta barrmhaith sil a bheith níos airde faoi dhálaí na hÉireann ná mar a tuairiscíodh i gcás tíortha eile san Eoraip. Níor léiríodh go raibh aon tairbhe sheasmhach ag baint le saothróga hibrideacha seachas le gnáthshaothróga nuair is sa tréimhse bharrmhaith cuir faoi dhálaí maithe ithreach a cuireadh iad.





Matt Molloy, speisialtóir prátaí Teagasc agus Séamus Lynch, óstfheirmeoir, agus iad ag scrúdú prátaí le linn siúlóide ar fheirm phrátaí i gCo. Dhún na nGall.

Dúchan Phrátaí

Tá cineálacha cúplála d'fhungais dúchana prátaí ann, A1 agus A2, rud a d'fhéadfadh a bheith sách tromchúiseach maidir leis an ndúchan phrátaí a shrianadh. Féadann pobail mheasctha d'A1 agus a2 athchuingriú go gnéasach agus úspóir a chruthú, rud a éascaíonn bealach mór nua ionfhabhtaithe go luath sa séasúr. Tugadh faoi staidéar uile-oileáin ar an bpobal dúchana prátaí sa bhliain 2008, i gcomhar leis an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha (AFFBI) i dTuaisceart Éireann. Léirigh an suirbhé méadú an-suntasach ar líon na dtréithchineálacha dúchana A2, agus ba le A2 a bhain breis agus 25% de na haonaráin a tástáladh. Tá a thuilleadh carachtarthaí feinitópacha agus móilíneacha ar siúl i gcónaí mar chuid den staidéar, agus dearbhóidh siad má tharlaíonn atáirgeadh gnéasach. Cuideoidh sé sin le forbairt leanúnach straitéisí imeasctha um ghalair a chosc.

Géanómaíocht na bPlandaí

Chuir taighdeoirí Pháirc na Darach go fiúntach le tacair sonraí a bhfuil teacht orthu go poiblí i réimse géanómaíocht na bplandaí, rud a chuirfidh leis an bpoitéinseal do chuir chuige bunaithe ar an eolaíocht bhitheach maidir le speicis phlandaí a fheabhsú atá tábhachtach do thalmhaíocht na hÉireann. Tá Teagasc ag plé faoi láthair leis an tionscnamh idirnáisiúnta chun seicheamhú a dhéanamh ar ghéanóm an phráta. Scaoil Páirc na Darach breis agus cúig mhiliún núicléitíd de sheichimh ghéanóim phráta isteach sa bhunachar sonraí seichimh phoiblí (Genbank) sa bhliain 2008, rud a fhágánn gurb é an ceathrú deontóir is mó é ar domhan go dtí seo maidir le seicheamh ghéanóim phráta atá ar fáil go poiblí.

Tá torthaí na sonraí seichimh ag dul i gcion ar an gclár póraithe prátaí cheana féin, mar a bhfuil marcóirí géiniteacha le haghaidh frithsheasmhacht don néimeatóid chist prátaí (PCN), a forbraíodh le sonraí seichimh ghéanóim, in úsáid go gníomhach anois ag póraitheoirí prátaí chun cineálacha PCN frithsheasmhach a roghnú sa ghort. Tá Páirc na Darach chun tosaigh maidir le géanómaíocht speiceas

féir freisin. Rinne siad an géanóm clóraplaist sa seagalach ilbhliantúil a sheicheamhú agus a scaoileadh sa bhliain 2008

An Measúnú Riosca i gcás Plandaí Géinmhodhnaithe (GM)

Maidir leis an gcómhaireachtáil, agus maidir le measúnú ar thionchar barr géinmhodhnaithe (GM) a shaothrú in Éirinn, lean clár Pháirc na Darach air, sa bhliain 2008, ag cur sonraí ar fáil a bhí ábharthach don phobal feirmeoireachta agus dóibh siúd freisin atá bainteach leis an bpróiseas cinnteoireachta reachtaíochta. Rinneadh meastachán ar threoirilínte cómhaireachtála agus ar an gcostas/tairbhe a bhain le ráib síl ola ghéinmhodhnaithe luibhicíd-fhulangach a shaothrú in Éirinn. Leanadh de na staidéir ghortbhunaithe agus den samhaltú ar ríomhaire maidir le sreabhadh géinte go dtí gaolta fiáine agus go dtí gnáthbharr, i gcás ráib síl ola agus prátaí Forbraíodh liosta tréithe GM a bheadh ábharthach d'earnáil na curáíochta in Éirinn anonn go dtí 2020 i gcomhthéacs athruithe measta aeráide agus reachtaíochta.

SPRIOC 1

Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair i gcoitinne a fheabhsú

TAIGHDE AR BHIA

Gníomhaithe Bithrialaithe Núíosacha do Phaitiginí Bia

Léirigh taighde ar ghníomhaithe bithrialaithe núíosacha go bhféadfadh úsc déiríochta raon paitiginí baictéaracha ar chonablaigh mhairteola a chosc. D'fhéadfaí teicneolaíocht dí-éilliúcháin/frithmhíocróbach ar chonablaigh agus ar tháirgí mairteola a dhéanamh de agus é in úsáid chun sábháilteacht mairteola a dhearbhu. Táirge an-taitneamhach é an t-úsc déiríochta sin don tionscal mairteola, go háirithe toisc gur táirge 'nádúrtha' é. Tarlaíonn an éifeacht fhrithmhíocróbach ar an toirt, rud a chiallaíonn nach gá faomhadh a dhéanamh agus nach laghdófaí ar luas na líne oibre dá mbeadh sé in úsáid.

Moladh maidir le Modh Rialaithe i gcás Speiceas Clostridia atá Bainteach le Milleadh Feola Paca Séidte:

Éillítear pacáí feola folúsphacáilte príomhúla ó thráth go chéile le gás de bharr speiceas *Clostridia* a thugann milleadh. Pacaí millte séidte a bhíonn ann dá dheasca mar aon le caillteanas ollmhór d'earnáil na mairteola. Sainaitníodh speiceas nua *Clostridia* ar phacaí séidte agus críochnaíodh an obair ar mheasúnacht mhóilíneach a fhorbairt maidir leis an orgánach millteach sin.

Dearbháíodh an éifeacht a bhí le spór ionaclaim, le ham stórála agus le teocht i milleadh pacáí séidte, mar aon le ról an chrapadh teasa sna pacáí folúis chun spóir a ghníomhachtú agus an tseilfré a laghdú.

Forbraíodh straitéis rialaithe a bhí bunaithe ar an gcéim teaschraptha a dhibirt as an bhfolúsphacáil, agus cuireadh an méid sin in iúl do na próiseálaithe mairteola. Tá cuid mhór díobh tar éis an t-athrú a ionchorprú ina gcuid próiseas.

Paitinní agus Aistriú Teicneolaíochta i gcás Measúnachtaí Míocróbacha Núíosacha:

Rinneadh taighde ar mheasúnachtaí móilíneacha núíosacha i gcás míocrógánach bia-iompartha sa bhliain 2008, agus cuireadh iarratas isteach le haghaidh paitinn Eorpach do ghéin núíosach ar féidir i a úsáid i measúnacht mhóilíneach chun an t-ualach baictéarach (an t-olláireamh inmharthana) i sampla bia a chinneadh. Cuireadh iarratas paitinne Eorpaí isteach freisin do ghéin núíosach a bhíonn i láthair sna speicis *Clostridia* atá bainteach leis an Milleadh Feola Paca Séidte. Agus cosaint déanta ar an maoin intleachtúil tá plé ar bun le cuideachtaí diagnóiseacha tráchtála agus le saotharlanna tástála faoi na roghanna ceadúnaithe do na measúnachtaí sin. Forbraíodh measúnacht núíosach le haghaidh Salmonella freisin agus bailíochtaíodh a hábharthacht i gcás samplaí feola. Bhíothas in ann an mheasúnacht sin a aistriú go dtí an tSaotharlann Tagartha Zónóisí sa Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Saotharlanna Bia in i mbacastún. Tá plé ar siúl freisin le saotharlanna tástála tráchtála faoi na roghanna ceadúnaithe féideartha don mheasúnacht.

Bunachair Sonraí Nua do Bhia:

Seoladh clár bunachair sonraí, Food for Health, sa bhliain 2008. Faoin gclár uailmhianach seo atá á chomhordú ag Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh, tá sé i gceist trí bhunachar sonraí bia a fhorbairt mar atá, iarmhair cheimiceacha, paitiginí míocróbacha agus comhshuíomh cothaitheach. Tabharfaidh na bunachair sonraí sin pictiúr ríshoiléir de shábháilteacht agus d'fholláine an tsoláthair bhia in Éirinn agus éascóidh siad feidhmiú



Paddy Ward, Teagasc, Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh.

SPRIOC 1

Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair i gcoitinne a fheabhsú

cur chuige nua bunaithe ar an riosca maidir le rialú agus bainistiú na n-éilitheach i mbia na hÉireann.

Córas Bithsheachadta Biabhunaithe /Feoil Níos Sláintiúla

Táthar tar éis cur chuige a fhorbairt chun táirgí feola a chur ar fáil ina bhfuil raon comhábhar feidhmiúla ar nós úsc plandaí nó saille tairbheacha. Tástáladh sábháilteacht agus éifeachtacht raon nútraiceodach, agus scrúdaiodh a n-éifeacht ar cháiliocht táirgí feola mar aon lena n-éifeachtacht sa táirge deiridh. Tá sé faighte amach go bhfuil sé sábháilte úisc phlandúla as Marós, Oragán, Sáiste agus Eiceanáise a úsáid i dtáirgí feola. Táthar tar éis luachanna IC50 a chinneadh do lúitín, seiseamal agus aigéad gálach. Táthar tar éis iarmhairtí dearfa a shainithint ar nós dí-ocsaídiúcháin, agus gan ach beagán drochiarmhairtí, nó drochiarmhairtí ar bith, leo ar airíonna céadfacha, ar dhath agus ar uigeacht.

Laghdaiigh nútraiceodaigh áirithe ar an ocsaídiú lipide in ispiní amha muiceola a stóráladh go haeróbach agus in atmaisféar modhnaithe ar feadh suas le 35 lá, gan aon drochiarmhairtí datha. Fuarthas torthaí cosúla i gcás ispiní muiceola cócaráilte, léiriú ar chobhsaitheacht theirmeach na nútraiceodach breise. Bhain cobhsaitheacht mhiocróbach den chineál céanna, nó níos fearr, leis na táirgí feola uile faoi dheireadh na tréimhse stórála 35 lá. É Ní raibh tionchar ar bith ag na nútraiceodaigh ar an maíthe, ar an súmhaireacht, ar an uigeacht ná ar an mblas. B'fhéidir, ar an ábhar sin, go bhféadfaí neart úsáide a bhaint astu i dtáirgí muiceola. Chuideodh na torthaí sin leis an tionscal in Éirinn táirgí feola a fhorbairt mar chóras feidhmiúil seachadta bia.

Samhlacha Speictreascópacha Méarloirg d'Údaracht Bia

Éilítear sna tionscail phróiseála agus mhiondíola bia go ndéantar samplaí bia a scagthástáil d'údaracht bia. Cuireadh bailchríoch ar raon modhanna speictreascópacha neamhlomhar sciobtha chun an t-éileamh sin a shásamh. Léiríodh inniúlacht shuntasach idirnáisiúnta in úsáid na modhanna sin maidir le saincheisteanna rangaithe bia, agus táthar tar éis í a leathadh go hidirnáisiúnta.

Tráchtáil na bhFoirmlí Nua Aráin atá Saor ó Ghlútan

Táthar i mbun foirmlí a forbraíodh i mBaile an Ásaigh d'arán saor ó ghlútan a thráchtáil i mbácús saor ó ghlútan in Éirinn. Ba le linn tionscadal trí bliana faoin gCiste Tráchtála de chuid Fiontraíocht Éireann a forbraíodh na foirmlí do na haráin sláintiúla saor ó ghlútan. Bíonn roghanna ar phlúr cruithneachta iontu atá sláintiúil agus saor ó ghlútan.

I measc na bplúr sin tá súdaghránaigh ar nós amarantas, ruán agus blonagán ríse, ar léiríodh cion suntasach níos airde iontu d'ábhar próitéine, Vitimín E, frithocsaídeoirí agus polaifeanóil, i gcomparáid leis an bplúr cruithneachta, cé go bhfeidhmíonn siad san am gcéanna mar chomhábhair shásúla in aráin saor ó ghlútan. Táthar tar éis leibhéil bharrmhaithe na bplúr sin a dhearbhu anois, agus tá an ghníomhaíocht tráchtálaíochta leantach ar bun ag an gcuideachta phriobháideach, le cúnaimh ó Fhiontraíocht Éireann.

Frithocsaídeoirí a nÚscadh as Úlla Meilte ar Scála Píolótach

Forbraíodh modh ar scála píolótach sa bhliain 2008 chun frithocsaídeoirí a úscadh agus tuaslagóirí gráid bhia in úsáid. Cuireadh neart teicneolaíochtaí éagsúla i gcomparáid féachaint cé acu cumasc teochtaí agus úsc a thabharfadh cainníocht bharrmhaithe na móilíní sláintiúla féideartha sin.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA STIÚRTHÓIREACHTA TAIGHDE BIA IONAD TAIGHDE BIA PHÁIRC UÍ MHÓRDHA (MFRC)

Bronnadh tionscadail taighde comhoibritheach cúig bliana fíorshuntasacha ar Ionad Taighde Bia Pháirc Uí Mhórdha i gcaitheamh 2008. Rinneadh athnuachan ar an maoiniú d'Ionad Cógasbhitheach an Bhia don dara tréimhse cúig bliana, agus seoladh dhá thionscadal tionscail-cheannasach, mar atá, Bia Sláinte Éireann (FHI) de chuid Fiontraíocht Éireann agus tionscadal ELDERMET.

Agus cuireadh tús le Bianna Feidhmiúla Muiri, NUTRAMARA, clár taighde atá ceaptha comhábhair bhithéolaíoch-ghníomhacha as foinsí muiri a shainithint agus a úscadh, i gcomhar le comhghleacaithe in Teagasc i mBaile an Ásaigh.

Baineann na tionscadail sin le chéile le mórthionscnamh de chuid Teagasc ar Bhianna don tSláinte, trína chlár VISION atá ag iarraidh ar leibhéal amháin, cur leis an tuiscint ar na próisis mheitibileacha dhaonna a dtéann stíl mhaireachtála agus iompraíocht aiste bia i bhfeidhm orthu, agus deiseanna a sholáthar freisin d'fhorbairt bianna feidhmiúla agus comhábhair a mbeidh an fhianaise eolaíoch is gá ag roinnt leo chun tacú le héilimh sláinte bunaithe ar fheidhmíocht fhiseolaíoch feabhsaithe.

Gné shainiúil den chlár sin is ea go bhfuiltear ag déanamh taighde ar fheidhmíocht na sláinte putóige in aoisghrúpaí idir óg nuabheirthe (cothú luathnaíonachta) agus aosta (ELDERMET) i gcomhar le comhoibrithe as COC. Rud eile, oireann fócas an chlár, ar ról an chothaithe sa nuanaíonacht, go breá do thairgí fothacaíochta méadaithe an Ionaid agus don ghaol T&F atá acu leis na monaóirí idirnáisiúnta bainne leanaí – a bhfuil oibriochtaí



Léiríonn Mary Rea d'fheirmeoirí déiríochta mar a fhasann baictéir an ionathair ar phlátaí agair: Andrew agus Hannah O'Shaughnessy.

déantúsaíochta fiúntacha ag go leor díobh in Éirinn.

Méadaíodh na staidéir ar struchtúr an bhia i gcaitheamh na bliana nuair a rinneadh áiseanna an Ionaid Náisiúnta Íomháite Bia (NFIC), ionad nuabhunaithe i bPáirc Uí Mhórdha, a choimisiúnú. Is mó é an nasc anois idir taighde ar struchtúr an bhia agus an clár Bianna don tSláinte, áit a ndéanann na staidéir reatha ceangal idir airí ceadfaíoch ar nós uachtarúlacht bianna beagmhéathraí agus struchtúr, rud a théann i bhfeidhm ar an taitneamh a bhaineann an custaiméir as an táirge agus ar an mbolglíonadh a bhraitheann sé tar éis dó é a ithe.

Baictéir Lachtaigéid

Tá fíorthábhacht le baictéir lachtaigéid i ndea-dhéantúsaíocht cáise agus táirgí bainne coipthe, agus is mó i bhfad iad na féidearthachtaí do lucht taighde anois ó tá na taighdeoirí sa Rannóg Cultúir & Sábháilteacht Bia tar éis géanóm cineál amháin ar leith, Lactobacillus helveticus, a sheicheamhú agus a fhoilsiú. Tá cáil ar an gcineál sin as an bhfeabhas a chuireann sé ar bhlas cáise. Sainithníodh dhá bhéite-ghlúcán núiosaigh (eiseapholaisiúicrid) sa bhliain 2008 agus liostaiodh a dtréithe. Baictéir lachtaigéid a bhí á dtáirgeadh acu (as grán Kefir i gcás ceann amháin díobh i.e. Lactobacillus

kefiri, agus as an bputóg dhaonna i gcás an dara ceanna i.e. Bifidobacterium longum). D'fhéadfaí an dá chineál sin a shaothrú ar mhaithe le comhábhair bhia fheidhmiúla a tháirgeadh.

Bia agus Sláinte

Táthar ag déanamh staidéir ar an ról atá ag comhsuíomh flora inne i gcomhthéacs folláine ghinearálta an ionathair i gcomhar le comhoibrithe as COC, go háirithe maidir le céim an-luath sa saol e.g. nuair a tugadh cineál ar leith Lactobacillus próibhitheach do naíonáin ceithre lá d'aois bhí leibhéil an-ard den phróibhitheach ina gcuid caca ar feadh breis is coicís. Táthar ag coinneáil súil ar na leanaí sin sa staidéar, bliain níos déanaí.

An Ghéineolaíocht agus an Ghéanómaíocht

Tá an ghéanómaíocht ag cur go mór lenár gcumas tuisciana ar fheidhmiú na mbaictéir agus an tslí is fearr chun leas a bhaint astu. Rinne grúpa Pháirc Uí Mhórdha an seicheamh a fhoilsiú sa bhliain 2008 i gcás Lactobacillus helveticus, cineál a úsáidtear chun blas cáise a fheabhsú.



Frithmhiocróbaigh – Bithchaomhnú agus Frith- ionfhabhtaigh

Baineann téama an chláir taighde seo le sábháilteacht an bhia agus an tsláinte dhaonna a fheabhsú le frithmhiocróbaigh núosacha. Dlúthchomhoibriú leis an Ollamh Colin Hill faoi deara an clár seo a bahaineann le follasú agus saothrú peiptídí núosacha (baictéaraicin) a mharaíonn baictéir neamh-inmhianaithe.

Thángthas ar bháictéaraicin núosach, thuricin, a bhfuil speictream coisc an-teoranta aige i gcoinne Clostridium difficile. Léiríonn anailís móilíneacha agus géiniteacha a rinneadh ar an bhfrithmhiocróbach go sainíonn sé raon mór nua frithmhiocróbach. Táthar tar éis na torthaí sin a phaitniú, agus a cheadúnú do chuideachta Éireannach.

Aithníodh gur tréith phróibhithreach is ea an frithmhiocróbach, Salivaricin, a chuidíonn leis an gcumas atá ag meascán próibhithreach iompar Salmonella i muca a laghdú. Rinne CSK, cuideachta saothrán tús gabhála Dhúitreach, conradh cliant dhá bhliain breise a athnuachan leis an Roinn sa bhliain 2008. Sheachaid an tionscadal sin saothráin feabhsaithe tús gabhála don chuideachta go dtí seo. D'aimsigh an tionscadal sin cineál Lactobacillus sa bhliain 2008 a bhí bainteach le hairionna láidre frith-mhúscáin agus frith-Listeria. Dealraíonn sé go mbeifear in an-úsáid a bhaint as an gcineál sin i ndéantúsaíocht cáise.

Bitheolaíocht na gCeall

Déanann an Roinn Bhitheicneolaíochta taighde freisin ar fhreagairt na ngéinte eocarótacha ar bhithghníomhaigh in vitro agus in vivo. Cuimsíonn an clár sin raon leathan topaicí taighde, ina measc, mar shampla, freagairt géin imdhionachta ar phróibhithigh i gcóireáil an mhaistítis.

Rinneadh trialacha maistítis chun freagairt an útha ar dhúshlán Streptococcus dysgalactiae a thuiscint. Thug obair dá leithéid léiriú ar chumas na paitigine an córas imdhionachta a sheachaint agus tá obair ar siúl faoi lathair ar mhaithe le teiripigh núosacha a dheardh chun paitigíní inmheánaithe a ruaigeadh.

Struchtúr an Bhia

A bhuíochas do na teicnóicéir micreascópachta ardleibhéil a thug an ciste trealaimh speisialta, FIRM 2006, bhí an NFIC i bPáirc Uí Mhórdha in ann dul i mbun taighde agus seirbhísí anailíseacha a chur ar fáil don tionscal agus don saol acadúil. Cuidíonn an acmhainn sin le taighdeoirí bia micrea-cháithníní próitéine a ghiniúint mar aithrisigh saille – a bhfuil a bhfeidhmíocht ina hábhar staidéir i dtéarmaí an ghaoil idir uachtarlucht agus uigeacht sna córais iógart beagmhéathrais agus nialasmhéathrais.

Comhábhair Bhithfheidhmiúla

Rinneadh staidéar ar bhláthach, fotháirge ime agus foinsé thábhachtach den tsraith eiblithe nádúrtha sa bhainne ar a dtugtar scannán cruinnín saill bhainne (MFGM). Tá an MFGM comhdhéanta den iliomad comhchodanna próitéine agus fosfailipide. Is eol dúinn go gcomhlíonann siad feidhmeanna tábhachtacha fiseolaíochta cé nach bhfuil taiscéaladh déanta ar a gcuid féidearthachtaí mar chomhábhair fheidhmiúla.

Léiríodh i gcaitheamh 2008 go raibh gníomhaíocht frithmhiocróbach agus frithailse ag baint le codáin bhláthacha a táirgeadh le cóireálacha próiseála éagsúla. Tá tábhacht leis na hairionna frithailse freisin i gcás na luchtalbaimine, mórchodán próitéine meidhig ar eochair-chomhábhar é sna hiarrachtaí breise chun foirmle an bhainne naíonán a 'dhaonnú' tuilleadh. Is i ndiaidh

foirmiú coimpléacs idir luchtalbaimin agus aigéad oiléach a tharlaíonn an bhithghníomhaíocht sin áfach, agus d'éirigh le foireann taighde Pháirc Uí Mhórdha simpliú a dhéanamh ar na céimeanna ceimiceacha i bhfoirmiú coimpléacs dá leithéid.

An Clár Tacaíochta do Theicneolaíocht Bia Cheirde

Tosaíodh clár dhá bhliain i dtús 2008, clár a bhí á mhaoiniú ag an Roinn Talmhaíochta agus ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i gcomhpháirt. An aidhm a bhí leis, comhairle agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil do na táirgeoirí bia faoin tuath, a bhí ag dul i méid, agus cuidiú leo a bheith in oiriúint leis an raon fairsing reachtaíochta a rialaíonn táirgeadh agus miondíol bianna.

An Roinn Próiseála & Feidhmiúlachta Bia a bhí ag stiúradh an chláir, agus bhí socrúchán teicneolaíche bia speisialtóireachta i gceist leis, duine amháin san Ionad Taighde Bia i mBaile an Ásaigh agus an duine eile san Ionad Taighde Bia i bPáirc Uí Mhórdha. Rinneadh comhairliúchán agus tuairisciú forleathan ar oibriú an chláir sin leis na ranna rialtais coimircíochta i gcaitheamh 2008; ina measc bhí idirphlé leis an tSeirbhís Chomhairliúcháin d'Fhorbairt na Tuaithe atá ag Teagasc, a bhí ag déileáil le táirgeoirí bia agus le gníomhaíochtaí turasoireachta. Chinntigh an t-idirchaidreamh idir an Teicneolaí Bia Ceirde a bhí lonnaithe i bPáirc Uí Mhórdha agus an chigireacht déiríochta sa Roinn Talmhaíochta, lascaigh & Bia go raibh leanúnachas idir an chomhairle a bhíothas a chur ar chliaint agus éilimh na gníomhaireachta rialála.



ROSEARY GAFFNEY Stiúrthóir an Chúrsa Eachaí Coláiste Chill an Daltúnaigh, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh

Chuaigh Rosemary go dtí Teagasc sa bhliain 1997 as Ollscoil Luimní, áit a raibh sí ina léachtóir ar an gClár Eolaíochta Eachaí a bhí acu ansin.

Iomaitheoir Eachraíochta í Rosemary agus bhuaigh sí dhá Chraobh Náisiúnta sa bhliain 2008. 'Ní briathar a dhearbhaíos ach gníomh' i gcúrsaí capall. Is scrúdaitheoir le Club na bPónaithe agus Cumann Capall na Breataine í, agus tá baint aici le cúrsaí traenála i gcás Eachspóirt Éireann agus Tógálaithe Óga Teagasc. Cuireadh ar bun é ar mhaithe le daoine óga a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh i dtógáil, i dtaispeáint agus i meas na láracha agus na gcapall óg. Beidh Comórtas Domhanda na dTógálaithe Óga ar siúl ag Cumann Tógálaithe Domhanda na gCapall Spóirt ('WBFSH') i gCill an Daltúnaigh ar an 17ú agus ar an 18ú Iúil 2009.

Bhunaigh Rosemary cúrsa i gCill an Daltúnaigh chun eolas agus traenáil i scileanna a sheachadadh do mhic léinn agus chun a gcuid poitéinsil agus a gcuid ábaltachtaí a uasmhéadú. Tosaíodh cúrsa bliana i dtógáil agus i draenáil capall sa bhliain 1998 le 13 mhac léinn. Cúrsa dhá bhliain atá ann anois. Tá ceithre chlár ann agus 50 mac léinn.

Bhí spéis bhreise sa chúrsa ar bhainistiú graí sa bhliain 2006, agus chuir Cill an Daltúnaigh tús le cúrsa graí dhá bhliain. Caitheann na mic léinn am ag traenáil i gcuid de na graíonna is fearr in Éirinn – Cill Daingin, an Chúil Mhór, agus Baile Uí Loingsigh ina measc, agus tairgtear poist lánaimseartha do chéatadán ard tar éis dóibh cáiliú.

"Tá córas scrúdaithe Chumann Capall na Breataine ionchorpraithe againn chun go mbeidh na mic léinn in ann cáiliú mar Theagascóirí/mar Mhúinteoirí mar chuid dá gcúrsa oideachais, agus bíonn an dá theistiúchán acu," arsa Rosemary.



"Ócáid mhór a bhí ann nuair a tionóladh an chéad scrúdú Teagascóra de chuid Cumann Capall na Breataine lasmuigh den RA agus is ionad traenála Teagascóirí do Chumann Capall na Breataine muid, an t-aon áit in Éirinn atá cáilithe chun teagasc go dtí an leibhéal sin."

Bíonn sárthaoine ar chúrsaí anois agus arís agus ní haon eisceacht é cúrsa s'againne, - is fíor gur tháirgeamar mic léinn a chuaigh le crúdóireacht, fiaclóireacht eachaí, múinteoireacht, grúmaeireacht, bainistiú graíonna, altracht tréidliachta agus traenáil i riachtanaí speisialta – ach tá beirt iardhalta as Cill an Daltúnaigh a rithfeadh leat. Sin iad an Captaen Geoffrey Curran a chuaigh in iomaíocht sna cluichí Oilimpeacha agus a bhuaigh an corn domhanda, agus Ciara Hurley atá ina bainisteoir cunta graí don traenálaí Aidan O'Brien.



COMHAIRLIÚCHÁN

Bliain an-ghnóthach eile ba ea 2008 don tSeirbhís Chomhairliúcháin, agus bhí breis agus 43,000 cliant acu. B'in an chéad bhliain iomlán d'fheidhmiú na gclár nua comhairliúcháin: Gnó agus Teicneolaíocht; Timpeallacht agus Dea-chleachtas Feirme; Forbairt na Tuaithe agus Oideachas Aosach.

Thacaigh comhairleoirí le breis agus 39,500 cliant faoi Scéim na hAoniocaíochta. Bhí méadú suntasach ar líon na n-iarratas ar líne, ardú 20% ar fhigiúr 2007.

Bhí cuidiú tugtha do bhreis agus 14,000 feirmeoir faoi dheireadh na bliana lena gcuid iarratas ar an Scéim um Bainistíocht Dramhaíl Feirme. Chuir comhairleoirí Teagasc pleanáil agus tacaíocht REPS ar fáil do 41,000

feirmeoir D'fhreastail breis agus 5,000 feirmeoir ar ócáidí poiblí ar an dea-fheasacht timpeallachta a bhain leis an mbithéagsúlacht, comhlíonadh uilíoch agus éifeachtacht in úsáid cothaitheach.

Eochairghné den bhliain 2008 ba ea leibhéal na gníomhaíochta a bhí ag comhairleoirí le pléghrúpaí feirmeoirí. Rinne comhairleoirí breis agus 300 pléghrúpa ar fad a éascú a bhain le déiríocht, eallach, caoirigh agus curaíocht agus eagraíodh breis agus 3,000 cruinniú ar fheirmeacha.

D'eagraigh comhairleoirí breis agus 105,000 cuairt fheirme/seisiún comhairliúcháin/pleanála le feirmeoirí i gcaitheamh 2008. Chomhlánaigh

na comhairleoirí 1,597 plean monatóireachta brabús leictreonach san iomlán lena gcuid cliant.

Tionscnaíodh sraith nua nuachtlitreacha do chliant in Iúil 2008 agus dáileadh go lárnach iad ar an 43,000 cliant ar fad in aghaidh na míosa. Seoladh an iris Today's Farm amach go dtí na cliant uile ar bhonn démhíosúil i gcaitheamh na bliana. Tosaíodh ag dáileadh torthaí anailíse ithreach ar líne ar fud na tíre agus bhí méadú 30% ag gabháil ar an sampláil ithreach a rinneadh i gcaitheamh míonna rithábachtacha Mheán Fómhair agus Deireadh Fómhair.

Roinnt dá raibh i láthair ar shiúlóid feirme de chuid Teagasc i gCo. Phórt Láirge.

Feirmeoirí ag freastal ar sheisiún traenála don scéim Leas, Taifeadadh agus Póru Ainmhithe

Leanadh de na cúrsaí oideachais d'aosaigh i gcaitheamh 2008, agus bhí cúrsaí ar siúl ar fud na tíre faoi REPS, traenáil don Idirlíon, traenáil Airgeadais agus Teicniúil mar aon le cúrsaí ar Fhorbairt na Tuaithe. Tionóladh 140 Cúrsa REPS i gcaitheamh na bliana agus d'fhreastail 3,900 feirmeoir orthu.

Bunaíodh clár feirme BETTER d'eallach agus caoirigh sa bhliain 2008 i gcomhpháirt leis an Farmers Journal. Déanfaidh na feirmeacha BETTER sin cuid mhór den chlár breise comhairle/taighde d'fheirmeoirí eallach seasc sna blianta amach anseo.

Bhain breis agus 41,000 feirmeoir leas as dianseirbhísí timpeallachta Chomhairle Teagasc i gcaitheamh 2008. Bhí méadú 8% ar rannpháirthe REPS faoi dheireadh na bliana. D'aistrigh Teagasc €170 milliún go dtí feirmeoirí ina gcuid éascaíochta ar REPS. D'eagraigh Teagasc 100 cúrsa gearr sa tsábháilteacht feirme inar cuimsíodh traenáil ar Ráitis Sábháilteachta Feirme.

Traenáil Teagasc don scéim Leas, Taifeadadh agus Póru Ainmhithe
Bhí breis agus 32,000 feirmeoirí eallaigh rannpháirteach sna seisiúin oiliúna de chuid Teagasc a bhí ag



teastáil don Scéim Leas, Taifeadadh agus Póru Ainmhithe.

Sholáthair Teagasc breis agus 200 seisiún oiliúna do tháirgeoirí a chuir isteach ar an íocaíocht €80 an ceann faoin scéim sin, a bhí á riar agus an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

Seisiúin traenála éigeantacha (pictiúr thuas) ba ea iad do tháirgeoirí a bhí rannpháirteach sa scéim, agus chuir Teagasc ar siúl iad ar fud na tíre, sna marglanna agus in ionaid eile.



Pat Moylan, Teagasc, Cill Chainnigh agus é ag labhairt le feirmeoirí ag siúlóid feirme Teagasc/Glanbia do Mhonatóireacht na Déiríochta, a eagraíodh ar fheirm Michael Power, Gréin, Áth na nUrlann, Co. Chill Chainnigh.

Edmund agus Padraig McCarthy, Leic Snámha, baill de chomhchlár Kerry Agribusiness/Teagasc 'Focus on Profit' agus iad in éineacht le Ger Courtney, comhairleoir Teagasc.

Déiríocht

Bliain dheacair ba ea 2008 d'fhorhmór na bhfeirmeoirí déiríochta, de dheasca arduithe suntasacha ar chostais mhíne, leasacháin agus breosla. Agus mar bharr ar an donas, ba dhrochshéasúr innilte í. Titim ar an táirgeadh bainne an toradh in áiteanna, agus bhí an tír i gcoitinne 3% faoi bhun an chuóta ar deireadh thiar.

Bunaithe ar shonraí na Monatóirí Brabúis Déiríochta, thit an t-ollbhrabús feirme 5% ach bhí laghdú breis agus 20% air in áiteanna, mar bhí méadú 19% ar na costais athraitheacha agus méadú 8% ar na costais seasta. 35c/lítear an praghas a bhí ar bhainne, mórán mar a bhí sa bhliain 2007 – de thoradh méadú 1.0 agus 2.0% ar phróitéin agus ar shail faoi seach. Thit solaid bhainne sa bhó 2% áfach, go dtí 397kg. Titim 9% a bhí ar an gcorrlach glan sa lítear.



Maidir le seachadadh Clár Comhairleach Déiríochta Teagasc, thionóil na comhairleoirí déiríochta breis agus 200 siúlóid fheirme in imeacht na bliana; d'fhreastáil breis agus 16,000 orthu. Agus bhí breis agus 1,100 feirmeoir agus lucht tionscail i láthair ag na Comhdhálacha Náisiúnta Déiríochta a tionóladh i gCorcaigh agus i mBaile Átha Luain.

Móghné dár gClár Comhairleach Déiríochta a bhí in obair na bpléghrúpaí. 229 grúpa a bhí ann agus iad á n-éascú ag comhairleoirí déiríochta i ngach ceann de na 18 nAonad Ceantair. Reáchtáladh breis agus 2,200 cruinniú pléghrúpa sa bhliain 2008.

D'eagraigh na comhairleoirí déiríochta breis agus 15,000 cuairt fheirme, agus bhuaill siad le breis agus 15,000 cliant ina gcuid oifigí ar bhonn comhairliúcháin sa bhliain 2008. Mhéadaigh an EBI €13, rud a thug EBI €60 sa tréad. Ba é 17 Márta an meándáta do shaolú laonna arís sa bhliain 2008 agus mhéadaigh 25% ar úsáid an A.I. Tugadh 130,000 inseamhnú ar fad. Mhéadaigh líon na mbó bainne taifeadta 14% go dtí 498,321 – sin beagnach leath na bólaigh náisiúnta.

Bhí an-bhéim ar an bhféar sa heicteár a úsáideadh, agus coinníodh na leibhéal mar a bhí ainneoin gur thit an t-ionchur leasacháin (193kgN/ha do ráta stocála 2.31 bó/ha) i mbliain andeacair d'fhás féir. Bhí breis agus 1,000 feirmeoir páirteach sa chlár buiséadaithe féir atá ag Teagasc.

Bhí Teagasc páirteach i gcomhchlár dhéiríochta le Glanbia, Dairygold, Connacht Gold, Tipperary, Kerry, West Cork Co-ops, Wexford agus Centenary. D'éirigh go maith leis an gcéad bhliain de chomhfhiontar le Germinal Seed, chun bainistiú feabhsaithe féarach a chur chun cinn. Tá ag éirí i gcónaí lenár gcomhfhiontar i gcomhar le ICBF ar mhaithe le géinitic níos fearr, bainistiú na torthúlachta, breis A.I. agus taifeadadh an bhainne a chur chun cinn, agus bhí breis agus 900 feirmeoir rannpháirteach i gComórtas Pléghrúpaí EBI.

MAIRTEOIL

Tá cliant de chuid Teagasc a bhfuil monatóirí brabúis comhlánaithe acu tar éis a mbrabús a mhéadú 8% sa bhliain ó 2003 i leith. Éifeachtacht theicniúil fheabhsaithe agus margú níos fearr faoi deara cuid mhór den fheabhsú sin óir is amhlaidh a thit na fáiltais phréimhe sa heicteár i gcaitheamh na tréimhse. Bhí 26% de na feirmeoirí diúil agus 43% de na feirmeacha neamh-phórúcháin a raibh monatóirí brabúis acu agus a ghnóthaigh ollchorrlach os cionn €500 sa heicteár.

Beartas tábhachtach fisiceach a théann i gcion ar bhrabúsacht eallaigh is ea an t-aschur mairteola sa heicteár, agus is é an t-idirghníomhú idir an ráta stocála agus cruthúnas na n-ainmhithe indibhidiúla a chinneann é. 750kg de mhairteoil bheomheáchain sa heicteár, sin sárchaighdeán le baint nó le sárú. Bhí 14% de na feirmeacha diúil agus 16% de na feirmeacha neamh-phórúcháin a raibh breis agus 750kg de mhairteoil bheomheáchain sa heicteár acu, agus bhí 38% ar éirigh leo os cionn 600kg de mhairteoil bheomheáchain sa heicteár a tháirgeadh.

Ghnóthaigh trian uachtair na bhfeirmeacha diúil ollchorrlach breise €413 sa bhó i gcomparáid leis an trian in íochtar. Sin breis agus €16,500 d'fheirm diúil 40 heicteár agus is é an luach saothair indéanta é as córas diúil éifeachtach a oibriú.

Eagraíodh dhá sheisiún siúlóidí feirmeacha eallaigh i ngach Aonad Ceantair – Feabhra/Márta agus mí Iúil - agus bhíothas ag díriú ar an luath-innilt, bainistiú féarach, an cruthúnas as féar a uasmhéadú agus póru níos fearr sa tréad diúil. Reáchtáladh 78 siúlóid fheirme agus bhí beagnach 4,500 i láthair. Baineadh an-úsáid as pléghrúpaí eallaigh freisin i seachadadh na teicneolaíochta sa bhliain 2008 nuair a bhí 61 pléghrúpa gníomhach eallaigh ann a thionóil 244 cruinniú agus freastal iomlán 4,100 acu.

Tionóladh breis agus 230 clinic ar an Scéim nua Leas, Taifeadadh agus Póru Ainmhithe do Thréada Diúil san earrach, agus bhí breis agus 8,500 i láthair. Cuireadh tús leis an bpríomhchlár oiliúna i Meán Fómhair 2008. Eagraíodh breis agus 200 seisiún oiliúna sna marglanna beostoic idir Meán Fómhair agus mí na Nollag agus d'fhreastail timpeall 34,000 orthu.

Tionóladh sraith de 25 seimineár eallaigh i mí na Samhna a dhírigh ar an gcothú geimhridh agus a shainaithe eochair-athróga atá faoi smacht an fheirmeora agus a mbiann tionchar acu ar an mbrabúsacht ag leibhéal na feirme.

Cuireadh tús i Meán Fómhair le Clár Mairteola Feirme BETTER (Timpeallacht Gnó agus Teicneolaíochta le hOiliúint bhreise agus Taighde), clár atá dírithe ar an mbrabúsacht a fheabhsú ar fheirmeacha eallaigh ar fud ne tire. Tá an clár sin á reachtáil i gcomhar leis an Farmers' Journal ar feadh tréimhse trí bliana, agus is ar fheirmeacha diúil a bheidh sé dírithe i dtosach báire.



Tá sé cinn déag roghnaithe cheana féin. Úsáidfeadh iad chun tagairmharcanna a bhunú don táirgeadh éifeachtach, chun seachadadh na teicneolaíochta a spreagadh, chun iarmhairtí a thomhas as glacadh le teicneolaíochtaí nua agus chun limistéir a aithint i gcomhair taighde amach anseo. Scaipfeadh an fhaisnéis a ghinfear tríd an Irish Farmers' Journal, trí líonra pléghrúpaí Teagasc agus ag ócáidí poiblí eile de chuid Teagasc.



Emma McGeough, comhalta Wásh, agus Bernard Smyth, saineolaí mairteola, ag an lá oscailte in Teagasc, an Ghráinseach.

SPRIOC 1

Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair i gcoitinne a fheabhsú

CAOIRIGH

Mhéadaigh an t-aschur sa heicteár 17% ar fheirmeacha caorach le monatóirí brabúis le hais na bliana roimhe. An phríomhchúis leis sin, méadú 22% ar na huain sa heicteár a díoladh, toradh ar chéatadán scoite agus ráta stocála feabhsaithe. Bhain trian uachtair na bhfeirmeacha caorach a bhfuil monatóirí brabúis acu buntáiste €25 san uan ar an trian in íochtar, ag éirí as praghas díola níos fearr (€8), costais tháirgthe níos ísle (€13) agus costais athchuir níos ísle (€4). Sin breis agus €15,000 d'fheirm chaorach 40 heicteár, léiriú ar na féidearthachtaí iontacha atá ann maidir leis an ioncam a mhéadú ar fhormhór na bhfeirmeacha caorach ach an cruthúnas teicniúil a fheabhsú.

Bionn an-tionchar ag an aschur uan san acra ar bhrabúsacht na gcaorach. Tá Teagasc tar éis sprioc 12.5 uan a leagan síos, agus sprioc níos airde i gcás táirgeoirí tráchtála. D'éirigh le 45% de na feirmeoirí caorach a raibh monatóirí brabúis

acu díolachán breis agus 12.5 uan sa heicteár a bhaint amach, agus bhí 26% díobh a raibh díolachán os cionn 15 uan sa heicteár acu.

D'fhreastail breis is 550 feirmeoir ar an dá Chomhdháil Náisiúnta Caorach a d'eagraigh Teagasc i bhFeabhra 2008. Labhair an tOllamh Jon Hickford, Ollscoil Lincoln, An Nua-Shéalainn, saineolaí domhanda ar phórú agus ar ghéinte ainmhithe, ag an dá chomhdháil. Thug an Bord Bia agus mórspéisialtóirí taighde caorach agus comhairliúcháin de chuid Teagasc léirithe freisin.

Eagraíodh dhá ghrúpa siúlóidí feirmeacha caorach sna ceantair táirgthe caorach, mí Aibreáin agus Iúil/Lúnasa, agus bhíothas ag diriú ar an táirgeadh a uasmhéadú leis an bhféar agus le póru níos fearr. Tionóladh 46 siúlóidí feirme caorach ar an móriomlán, agus bhí beagnach 1,500 i láthair. Bhí pléghrúpaí caorach ag gníomhú sna príomhcheantair caorach. Thionóil 29 grúpa beagnach 100 cruinniú, agus bhí

breis is 1400 i láthair san iomlán. Chuaigh breis is 1,000 feirmeoir caorach chuig seimineáir chaorach i 19 n-ionad.

Cuireadh tús le Clár Caorach Feirme BETTER (Timpeallacht, Gnó agus Teicneolaíocht le hOiliúint bhreise agus Taighde) i Meán Fómhair freisin. Roghnaíodh trí fheirm sléibhe agus trí fheirm ísealchríche ar a bhfuil an fhaisnéis taifeadta agus bonnlíne curtha i gcrích. Táthar i mbun feirmeacha ísealchríche breise a roghnú faoi láthair. Tá sé i gceist feirm chaorach BETTER amháin a bheith i ngach ceann de na príomhcheantair caorach. Anuas ar na spriocanna d'fheirmeacha mairteola BETTER, is eochairphointí fócasacha a bheidh i bhfeirmeacha caorach BETTER agus clár nua feabhsaithe pórcháin caorach (Sheep Ireland) á fhorbairt ag an ICBF.



BARRA CURAÍOCHTA AGUS FUINNIMH

D'fhulaing na feirmeoirí curaíochta cúngach praghsanna an-ghéar sa bhliain 2008, ag éirí as ardleibhéal luaineachta maidir le praghsanna gráin agus costais ionchuir. Bhain praghsanna gráin buaicleibhéal stairiúil amach san earrach agus thit siad siar ar fad san fhómhar. Bhí na praghsanna ionchuir ag an mbuaic san earrach freisin, go háirithe ar leasacháin, fuinneamh agus talamh ar cíos. Meastar go raibh táirgeadh gránach móriomlán thart ar 2.4 milliún tona ann don bhliain 2008, sin méadú 21% ar 2007, ainneoin an fómhar deacair, agus an Lúnasa ba fhliche a taifeadadh riamh.

Tá an tseirbhís anailise ithreach athraithe as cuimse, ó chóras mall iontrálacha páipéir ina chóras snasta ar líne mar a bhfuil rochtain ag feirmeoirí agus comhairleoirí ar thorthaí, rud a thugann mórifeachtacht maidir le haga foirne agus slánúcháin i gcás torthaí. Oileadh 231 d'fhoireann Teagasc in úsáid SAOL (Anailis Ithreach ar Líne). Tá méadú 30% ar líon na samplaí ithreach do Mheán Fómhair/Deireadh Fómhair, ainneoin an drochaimsir, toradh ar fheachtas fócasaithe.

Mheall Comhdháil Náisiúnta na mBarr Curaíochta, an Chomhdháil Náisiúnta Bithfhuinnimh agus an Chomhdháil Náisiúnta Prátaí breis agus 1,000 saothróir san earrach. Agus d'fhreastail beagnach 2,000

saothróir ar sheimineáir earraigh ar fud na tíre. Chuidigh "Focus on Fertilizers", an seó bóthair do bharra curaíochta, le feirmeoirí aghaidh a thabhairt ar an méadú ollmhór ar chostais leasacháin.

Thug stiúthóireachtaí taighde agus comhairliúcháin Teagasc an-suntas do Bhliain Náisiúnta an Phráta. Thug an dúshlán "Meet the Spuds" ar bhreis agus 1,700 bunscóil páirt a ghlacadh i gcomórtas saothraithe

agus eolais. Bhí eochair-ról ag seirbhís chomhairleach Teagasc sa Chomhdháil Prátaí freisin, agus in "Potato 08 - The Quest for Quality", ócáid allamuigh ar éirigh go seoigh léi.

D'éirigh le Fóram Náisiúnta nua na mBarr Curaíochta i Meán Fómhair páirteachas na ngeallsealbhóirí, idir shaothróirí agus thomhaltóirí, a mhealladh agus iad ag déileáil leis an bhfómhar deacair agus ag tionscnamh pleananna do 2009.



I láthair ag Potatoes '08 'The quest for quality' in Teagasc, Páirc na Darach bhí an tOllamh Jimmy Burke, Ceann Ionaid; Trevor Storey, COB, Joe Dennigan agus Trevor Sargent, T.D., Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.



SPRIOC 1

Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair i gcoitinne a fheabhsú

OIDEACHAS AGUS FORBAIRT

Oiliúint d'Iontrálaithe Óga

Méadú 25% a bhí ar rolluithe 2007 agus tharla méadú breise 36% sa bhliain 2008, rud a thug ardú móriomlán 70% in imeacht dhá bhliain. Seachadadh clár bhreisoideachais sa talmhaíocht, sa ghairneoireacht, i dtógáil agus i draenáil capall, agus san fhoraoiseacht in ocht gcoláiste agus i roinnt ionad áitiúil. Cuireadh Ardchúrsaí Speisialtóireachta ar fáil freisin i mBainistíú Tréad Déiríochta, i mBainistíú Innealra agus Barr, i mBainistíú Eallach seasc agus sa Mheicniú Talmhaíochta. 755 mac léinn san iomlán a rollaigh i gclár bhreisoiliúna sna coláistí sa bhliain 2008, agus bhí 3,545 ar fad páirteach sna clár sin.

Seachadann Teagasc 11 chlár oideachais ardleibhéil i gcomhar le hInstitiúidí Teicneolaíochta. San áireamh sna clár sin tá talmhaíocht, gairneoireacht, eolaíocht talmhaíochta, agra-ghnó, mic léinn eachaí agus meicniú talmhaíochta. Rollaigh 294 mac léinn ar fad i gclár oiliúna ardleibhéil agus bhí 693 páirteach sna clár sin san iomlán.

Féadann rannpháirtithe i gclár bhreisoiliúna aistriú isteach i gcúrsaí ardleibhéil má ghnóthaíonn siad tuilleanas nó gradam, agus féadann na mic léinn ardleibhéil uile dul ar aghaidh go dtí leibhéal 8 (leibhéal céim onórach) ar an gCreat Náisiúnta um Cháilíochtaí, agus níos faide.



Bhronn an tOllamh Gerry Boyle teastais ar mhic léinn tar éis dóibh clár a chur i gcrích go sásúil a thugann aitheantas do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta acu. Bhí na mic léinn i lathair ag an searmanas, mar aon lena dtuismitheoirí, baill Stiúrthóireacht Oideachais & Oiliúna Teagasc agus Bernard O'Farrell, Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta Teagasc agus éascaitheoir an chláir.

Oideachas d'Fheirmeoirí Aosacha

Bhí an Stiúrthóireacht Oideachais agus Forbartha, i gcomhar leis an Stiúrthóireacht Chomhairleach, bainteach i seachadadh clár chuimsitheach Oideachais d'Fheirmeoirí Aosacha in imeacht 2008. Ar an iomlán bhí ca. 11,000

feirmeoir aosach a chríochnaigh clár oideachais agus oiliúna. B'iad cúrsaí oiliúna REPS an catagóir ba mhó, le móriomlán thart ar 3,900 rannpháirtí. Anuas ar an méid sin thuas, rinneadh modúil d'aosaigh a sheachadadh sna réimsí seo: Teicneolaíocht agus Gnó, Inmharthanacht na Tuaithe, Sláinte agus Sábháilteacht, Foraoiseacht, Fiontair Mhalartacha, Bearradh Fálta, Tarlú Beostoic, Teicneolaíocht na Faisnéise agus Lotnaidicídí.

Bhí 387 mac léinn san iomlán rannpháirteach sa chúrsa nua don Ardteastas Talmhaíochta (in áit an chúrsa 180 uair an chloig) sa bhliain 2008. Tá 150 rannpháirtí i mbun clár a chríochnú ag an leibhéal áitiúil, tá 137 ag críochnú cúrsaí ar líne i gcomhar leis na sé choláiste talmhaíochta agus tá 100 eile a thosaigh cúrsa nua leis an ríomh-Choláiste i Meán Fómhair.

Anuas air sin tá clár cuimsitheach

cúrsaí ann don Ardteastas Talmhaíochta d'fheirmeoirí páirtaimseartha ar fud na tíre. San oíche agus ag an deireadh seachtaine is mó a thionóiltear na cúrsaí sin, ar mhaithe le feirmeoirí páirtaimseartha. 16 chúrsa san iomlán atá á rith faoi lathair agus tá 503 ar fad páirteach iontu. Is sa bhliain 2008 a thosaigh naoi gcúrsa díobh, agus bhí 306 rannpháirtí iontu san iomlán. De bhreis ar na cúrsaí thuas, rinneadh cúrsa ar líne do tháirgeoirí éanlaithe a fhorbairt agus a sheachadadh sa bhliain 2008.



Bhí David Fennin, feirmeoir as Disert Diarmada, páirteach i gcúrsa ríomhaireachta.

OIDEACHAS

- Ó tharla gur chinn na Sailéisigh Coláiste Gairneoireachta Bhaile an Bhairínigh a dhúnadh tá an próiseas ar siúl chun clár, foireann agus mic léinn Bhaile an Bhairínigh a imeascadh leo siúd i nGarraithe na Lus.
- Tá an clár atá in áit na 180 uair an chloig lánfhorbartha agus ar siúl i sé choláiste talmhaíochta (ar líne) agus i gceithre ionad áitiúla.
- Bhí pléghrúpaí Leibhéal 6 ACA, i gcomhpháirt leis na feirmeoirí tagarmharcála, faoi lán seoil sa bhliain 2008, agus bhí 24 pléghrúpa ag teacht le chéile ar 21 fheirm thagarmharcála.
- Rinne Teagasc agus COB le chéile clár céime nua sa Déiríocht a fhorbairt, agus beidh sé ann i Meán Fómhair 2009.
- Cuireadh tús sa bhliain 2008 leis an bpróiseas chun dámhachtainí uile Teagasc a aistriú isteach faoi Chomhchóras Dámhachtainí FETAC.
- D'éirigh le hochtar mac léinn a raibh riachtanais speisialta acu trí sheachtain de shocrúchán oibre a chur i gcrích go sásúil sa Danmhairg mar chuid de Thionscadal Soghluaisteachta Leonardo da Vinci.
- Earcaíodh 200 máistirfeirmeoir sa bhreis ag éirí as an líon breise mac léinn talmhaíochta.

ríomh-Choláiste Teagasc

Chláraigh 250 mac léinn le ríomh-Choláiste Teagasc sa bhliain 2008 i gcomhair seachadadh ar líne an Teastais Ardleibhéil sa Talmhaíocht (ACA), FETAC Leibhéal 6. Is é FETAC Leibhéal 6 ACA an cúrsa nua atá ann in ionad 180 uair an chloig. Rinne ríomh-Choláiste Teagasc dhá chúrsa ACA ar líne a fhorbairt agus a thionscnamh – ceann díobh ag tosú i Márta 2008 agus ceann eile i Meán Fómhair 2008. 18 mí a mhaireann an cúrsa ACA agus caithfidh na mic léinn 115 creidiúint a ghnóthú chun pas a fháil sa chúrsa.

Baineadh leas as dhá shamhail do sheachadadh na gcúrsaí ACA ar líne – samhail na gColáistí agus gan ach foireann coláiste talmhaíochta á feidhmiú agus samhail an Ghrúpa Comhordaitheoirí ar líne agus í á feidhmiú ag oifigigh oideachais Teagasc, foireann AMU agus foireann coláiste talmhaíochta.

Tá 95 ríomhtheagascóir oile anois chun na clár ar líne a sheachadadh. Leanfaidh ríomh-Choláiste Teagasc de bheith ag soláthar tacaíocht riaracháin do sheachadadh ar líne an chúrsa éanlaithe LL47. Cúrsa Tosaigh i dTáirgeadh Uibheacha Saor-raoin.

SPRIOC 1

Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair i gcoitinne a fheabhsú

An tAonad Forbartha Gairneoireachta

Aonad Taighde agus Comhairleach lánaontaithe atá san Aonad Forbartha Gairneoireachta. 29 ball foirne atá ag obair ann agus tá leithdháileadh buiséid €2.2 milliún aige. Tá an fhoireann grúpáilte i gceithre fhoireann fhiontraíochta a fhaigheann tacaíocht bhreise ó chomhghleacaithe sna Coláistí Gairneoireachta - Teagasc agus na Coláistí Gairneoireachta Priobháideacha.

- Foireann Forbartha Torthaí
- Foireann Forbartha Stoic Phlandlainne
- Foireann Forbartha Muisiriún
- Foireann Forbartha Glasraí

930 saothróir ar fad atá ann agus aschur €297m ag geata na feirme acu. Bíonn teagmháil chomhairleach ag Teagasc le 80% de na saothróirí.

TORTHAÍ

Áirítear gur fiú timpeall €30m earnáil na dtorthaí boga faoi láthair, earnáil atá ag forbairt go gasta. D'fhéadfaí a luach a dhúbailt faoi 2018. Earnáil an-inmharthana is ea torthaí boga i ngairneoireacht tráchtála na hÉireann. Gineann sí fostaíocht agus infheistíocht i limistéir uirbeacha agus tuaithe. Táirgeoirí tráchtála mórsála iad formhór mór na saothróirí atá ag plé leis an earnáil sin anois, agus déanann siad infheistíocht throm ina gcuid fiontar.

Plandaí modúil sútha talún atá ag teacht go tréan in áit na n-athphlandaí fréamhloma traidisiúnta in Éirinn, mar ábhar plandaí don táirgeadh torthaí, go háirithe nuair is barra faoi chosaint a bhíonn i gceist. Táthar ag súil le méadú suntasach ar tháirgeadh tráchtála na bplandaí modúil as seo go ceann roinnt blianta, agus iad in úsáid in áit ábhair iompórtáilte den chuid is mó.

Rinne taighdeoirí imscrúduithe ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar tháirgeadh, táirgeacht torthaí agus cáilíocht na bplandaí tráidire. Ar na tosca breise le himscrúdú tá cúrsaí uainithe maidir le scoitheadh na barrghearrthóg, agus an éifeacht a ghabhann le cóireálacha difriúla cothaitheach agus substráite ar thionscnamh bláthanna agus ar an táirgeacht torthaí ar ball.

Tá réimsí eile d'earnáil na dtorthaí ag forbairt freisin, go háirithe táirgeadh sútha craobh agus raon torthaí eile, torthaí a tháirgtear faoi chumhdach don mhargadh úr.

STOC NA BPLANDLANN

Bhíothas in ann cultúir bhuiinneáin sheasca a thionscnamh go sásúil i gcás cúig chineál tráchtála Hebe agus táthar tar éis réisim mhicriomadaithe de rialaitheoirí fáis a fhorbairt do chineál amháin.

D'fhéadfadh ionfhabhtuithe folaigh baictéara agus fungasacha de bhréagmhonaid, mar aon le coinleach chlúmhadh agus verticillium, a bheith á n-iompar i stocphlandaí Hebe, rud a thugann plandaí laga droch-chaighdeán. Tá rún againne stocphlandaí glana a tháirgeadh a sholáthrófar do tháirgeoirí na bplandlann as an obair mhicriomadaithe.

Leis an micriomadú sásúil a rinneadh ar chineálacha Hebe d'fhéadfaí modhanna a fhorbairt anois a spreagfaidh sócháin agus forbairt cineálacha nua a mbeidh bláthanna níos mó orthu agus duilliúr breachnaithe. Tá na turgnaimh thosaigh chun sócháin a spreagadh curtha i gcrích i gcás cineáil amháin. Léiríonn siad go bhfuil spreagadh sócháin indéanta i gcás Hebe, ach gur gá an córas a fhorbairt a thuilleadh.

Harry O'Brien, speisialtóir torthaí Teagasc (an dara duine ar dheis) ar chuairt chomhairliúcháin.



Fiona Hutton, teicneoir, agus í i mbun measúnú galair ar phrátaí in Teagasc, Páirc na Darach.

MUISIRIÚIN

Rialú Galar

Tá trí thionscadal taighde ar siúl ar ghalar muisiriún. Baineann dhá cheann díobh le siomptóim muisiriún don a thuiscint agus a rialú atá comhghaolaithe le vísir dsRNA a bheith i láthair. Teagasc atá ag maoiniú an chéad tionscadail a scrúdaíonn an bunús géiniteach le léiriú na siomptóim. Tá an obair sin á déanamh i gcomhar le hOllscoil Warwick, RA.

Stimulus atá ag maoiniú an dara tionscadal a fhéachann leis na tosca cultúrtha faoi deara léiriú siomptóim muisiriún don a shainithint, mar ní i gcónaí a bhíonn siad i láthair i mbarra ionfhabhtaithe. Dealraíonn sé go mbíonn tionchar ag am an ionfhabhtaithe agus ag líon agus cineál na dsRNA atá i lathair in ábhar ionfhabhtaithe ar dhéine léiriú na siomptóim. Táthar tar éis teicníocht nua a fhorbairt chun tástálacha diaignéiseacha a dhéanamh ar shamplaí múirín, substráit a mbíodh deacrachtaí léi i gcás teicníochtaí íogaire PCR.

Tá an tríú tionscadal taighde ag féachaint ar epidéimeolaíocht agus rialú galar bolgán tirim, mórpheitigin i saothrú na muisiriún. Táthar tar éis teicníochtaí diaignéiseacha

móilíneacha, bunaithe ar theicníochtaí PCR fíor-ama cainníochtúla, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar shamplaí tionscail, inar braitheadh *Verticillium* go sásúil. Tá gnéithe den tionscadal á ndéanamh i gcomhar le hOllscoil Wageningen, an Ísiltír.

BARRA GLASRAÍ

Sainithníodh trí hibrideach nua brocailí sármhaith don táirgeadh samhraidh agus fómhair i gCionn Sáile. Scóráil na trí cinn: Iron (Ironman), Steel agus Naxos cuid mhaithe níos fearr ná Marathon, an gnáthchineál, maidir le fliuchlobhadh, gas toll, brachtadh agus táirgeacht agus cáilíocht i gcoitinne.

Buntáiste eile, na haibíochtaí difriúla a bhí acu, ionas gurbh fhéidir a bheith á mbaint go leanúnach i gcaitheamh trí seachtaine bunaithe ar dhátaí plandála ó lúil go dtí Meán Fómhair. Sna trialacha breise i mBiorra chruthaigh Steel sách briomhar lena tháirgeadh i mí na Samhna, ó tharla gurbh é ba lú a d'fhulaing ón sioc.

Tosaíodh dhá thionscadal nua ar fhícheimeiceáin a iniúchadh i mbarra glasraí. FIRM atá ag maoiniú an chéad cheann díobh, atá á dhéanamh i

gcomhar le Baile an Ásaigh. Scrúdóidh sé raon barr glasraí, a táirgeadh faoi réisimí fáis dhifriúla, dá n-ábhar fícheimeiceach. Baineann an dara tionscadal le barra Brassica a ionramháil chun leibhéal na bhfícheimeiceán iontu a fheabhsú.

Eagraíodh turas saothróirí go dtí saothróir mórsála svaieidanna in Oirthear na hAlban i mí na Nollag, féachaint arbh fhéidir barr cumhdaigh a úsáid i rialú lotnaidí.

TIONSCADAIL EILE TAIGHDE

Tá mórtionscadal ar bun, atá á maoiniú ag an EPA, chun breathnú ar mhúiríní dramhail ghlas maidir lena rangú, an úsáid a dhéantar díobh sa ghairneoireacht agus na hairíonna sochta galar barr atá acu.

Tá tús curtha le taighde ar thionscadal chun táirgeadh agus dálaí stórála néimeatóidí a ionramháil ar mhaithe le bithrialú na lotnaidí gairneoireachta a fheabhsú. Tá Teagasc rannpháirteach i dtionscadal le INRA chun na saothruga féir scráithe a shainithint is fearr a d'fheilfeadh lena n-úsáid do spóirt gheimhridh.





An tUas. Tony Killeen, T.D., Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, agus freagracht speisialta air as Foraoiseacht, Iascaigh agus Muirí, in éineacht le Nuala Ní Fhlaitheartaigh, ceann an aonaid fhorbartha foraoiseachta, ag Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta 2008.

An tAonad Forbartha Foraoiseachta

Ritheann Aonad Forbartha Foraoiseachta Teagasc clár lánaontaithe oiliúna agus taighde agus comhairle foraoiseachta. Foireann 22 a bhí ag an aonad sa bhliain 2008, agus buiséad €2.03 milliún.

Ritear an Clár Oiliúna agus Comhairle Foraoiseachta i gcomhar leis an tSeirbhís Foraoiseachta. Is iad spriocanna an chláir chomhairle, oiliúna agus forbartha seo, úinéirí talún a dhéanamh níos eolgaí agus iad a chur ar an eolas faoin bhforaoiseacht agus faoi gach gné de bhainistiú foraoisí. Aidhm eile leis an gclár seo, tionscadail forbartha foraoiseachta a thionscnamh agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

Tá rún ag an gclár taighde leathanduilleach cáilíocht na gcrann leathanduilleach a fheabhsú trí ábhar plandaithe níos fearr a fhorbairt, agus le cleachtas bhainistithe agus foraoiseolaíochta feabhsaithe.

Forbraíonn na cláir ithreacha agus tanúcháin agus buainteoireachta modheolaíochtaí chun cleachtas bhainistithe a fheabhsú, rud a chuireann le luach na bhforaoisí, a chruthaíonn barainneachtaí scála agus a sholáthraíonn rochtain ar mhargaí, ina measc margáí adhmaid agus fuinneamh adhmaid.

Déanann an tionscadal eacnamaíochta foraoiseachta anailís ar thionchar athruithe in earnálacha eile, an talmhaíocht ina measc, ar an bhforaoisiú. B'iad seo a leanas na príomhthionscadail taighde ar tugadh fóthu sa bhliain 2008:

Feabhsú na gCrann Leathanduilleach

Rinneadh taighde i gcomhar le comhghleacaithe sa RA ar phéire de na príomhspeicis leathanduilleacha, an fhuinseoig agus an seiceamar. Móruidhm is ea siolta géinfheabhsaithe fuinseoige agus seiceamair a sholáthar. Rinneadh beangú i gcás crainn as Éirinn agus as an RA chun iad a iomadú; is iad sin na tuistí, na crainn a thabharfaidh siolta géinfheabhsaithe nuair a chuirtear ag fás iad in úllord dhílsithe siolta. Rud eile, léirigh taighde ar iomadú fásúil crann fuinseoige roghnaithe gur féidir crainn roghnaithe a athnuachan agus a iomadú le gearrthóga ar mhórsála.

Páirtí is ea Teagasc i dtionscadal Treebreedex, a bhfuil mar aidhm aige an cur chuige ar fad mar aon leis na hábhair i dtrialacha reatha foraoiseachta san Eoraip a dhaingniú ionas gur féidir cláir sna ballstáit a imeascadh de réir a a chéile. Ba é a bhí in obair 2008, líon mór ceardlann ar rianú criosanna pórúcháin, oiriúnú, rialacha d'aistriú siolta, cearta maidir le cineálacha ilghnéitheacha plandaí agus monagraif speiceas a tháirgeadh.

Ar an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain 2008 bhí 60 fearnóg- plus nua a shainnaithe a áireofar i gclár pórúcháin nua fearnóg, agus dhá thriail sleachta a bhunú don fhearnóg. Sainnaithe 20 crann nua beithe de bhreis air sin. Ullmháidh polatollán d'úllord siolta istigh a bheidh i bhfearas faoi earrach 2009.

An Clár Comhairleach agus Traenála

Dhírigh clár comhairleach agus oiliúna Teagasc ar sheirbhís forbartha, oiliúna, comhairleach agus fógraíochta, a bhí neamhspleách, a chur ar fáil d'úinéirí talún a bhí ag smaoineamh ar an bhforaoiseacht agus d'úinéirí reatha foraoisí feirme.

Comhchlár i gcomhar le Seirbhís Foraoiseachta na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia is ea é. Ba é ab aidhm leis an gclár plandú agus bainistiú foraoisí inmharthana feirme a chur chun cinn agus comhairle agus oiliúint a chur ar fáil ar tháirgeadh adhmaid agus táirgí tairbhiúla eile as foraoisí feirme. Leasaíodh an tseirbhís sin chun freastal ar riachtanais daoine a bheadh ag smaoineamh ar an bhforaoiseacht, nó a bhí i mbun foraoisí fheirme a thosú, nó daoine a mbeadh coillearnach acu cheana féin agus iad siúd a bhfuil a gcuid plandlann ag an gcéad tanúchán.

Gné shuntasach de chlár 2008 ba ea an fhoraoiseacht a phoibliú dóibh siúd nár smaoineigh ar chúrsaí foraoiseachta go fóill. Bhí rannóga móra foraoiseachta ag na seónna, ina measc an Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta, Seó Thulach Mhór agus Farmfest agus Bithfhuinneamh '08. Eagraíodh dhá thaispeántas foraoiseachta feirme náisiúnta mar aon le cruinnithe faisnéise ar fud na tíre i Mí na Samhna, agus bhí breis agus 200 duine i láthair ar spéis leo talamh a phlandú.

Cuireadh oiliúint ar fáil i réimsí éagsúla, agus tugadh cúrsaí i gcás bailiú siolta, bunú coillearnach dhúchasach, bunú foraoisí feirme, bainistiú foraoisí, dealbhú foraoisí leathanduilleacha agus fuinneamh adhmaid. Agus fuair 1,170 rannpháirtí de chuid REPS oiliúint ar bhuntáistí na foraoiseachta feirme. Cuireadh cuid de na cúrsaí ar fáil trí eagraíochtaí eile nó i gcomhar leo, eagraíochtaí ar nós an Grúpa Oideachais agus Oiliúna don Fhoraoiseacht Inmharthana, an Lárionad Orgánach – Ros Inbhir, Skillsnet agus na Comhairlí Contae. Ritheadh dhá chúrsa phiolótacha FEPS, chun riachtanais scéim FEPS a chomhlionadh, i mí na Nollag 2008.



LIAM KELLY Comhairleoir Foraoiseachta Feirme An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí


Tar éis dó Céim Onóracha san Fhoraoiseacht a fháil as COB sa bhliain 1991, d'oibrigh Liam (thuas, agus clogad dearg air) in earnáil na foraoiseachta príobháidí.

Chuaigh sé ag obair le Teagasc ina dhiaidh sin, mar Chomhairleoir Foraoiseachta Feirme sa bhliain 2001. Oifigeach Forbartha Foraoisí is ea Liam faoi láthair agus é lonnaithe in oifig an Mhuilinn Chearr. Tá sé freagrach as comhairle, fógraíocht agus oiliúint i ngach gné den Fhoraoiseacht sna contaetha i lár na tíre – an Iarmhí, Longfort, Laois, Uíbh Fhailí agus Cill Dara.

Tá na foraoisí leathanduilleacha i mbaol ón iora glas. Rinne Liam taighde sa bhliain 2003 ar bheartais smachtaithe chun cur i gcoinne an damáiste a dhéanann an t-iora glas do na foraoisí leathanduilleacha, a aithníodh i measc úinéirí coillearnaí ina fadhb mhór ag an am. Tá na teicnící sin in úsáid i gcónaí. Ceapadh Liam ina ionadaí ag Teagasc ar "Securing Ireland's Broadleaf Forests and Conservation Native Red Squirrels through Integrated Management of Grey Squirrel", tionscadal a bhí á mhaoiniú ag Coiste Comhairleach na Seirbhíse Foraoiseachta

Sa bhliain 2005, d'fhorbair sé coincheap bliantúil an tsráidbhaile foraoise le haghaidh seó Thulach Mhór, a thugann deis do thionscal na foraoiseachta a chuid táirgí agus seirbhísí a chur ar taispeáint i suíomh foraoiseachta dílsithe ag príomhsheo talmhaíochta an chontae.

Is é Liam an Comhordaitheoir Náisiúnta Ócáidí in Aonad Forbartha Foraoiseachta Teagasc ón mbliain 2007 i leith.



An tAonad Forbartha do Tháirgeadh na Muc

Tionscal nua-aimseartha, rí-éifeachtach is ea tionscal na muc in Éirinn, a éilíonn neart caipitil. Tionscal é freisin atá ina cheannaire domhanda maidir le ceann de tháscairí na héifeachtachta teicniúla, i.e. líon na muc a tháirgtear sa chráin sa bhliain, agus táirgeann sé muiceoil agus táirgí muiceola den scoth.

I dtimpeall 450 aonad tráchtála a tháirgtear formhór na muc, agus is mó in Éirinn ná i dtíortha eile an AE an cóimheas den táirgeadh feoil muc atá comhchruinnithe in aonaid mhórsála. Méid mór sna haonaid, ardleibhéal speisialtóireachta agus lucht saothair ardoilte, chuidigh siad sin uile chun tionscal na muc in Éirinn a dhéanamh éifeachtach agus iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta.

Is iad na cuspóirí atá ag clár an Aonaid Fhorbartha Táirgeadh Muc, laghdú ar an gcostas aonaid táirgthe agus caighdeán na feola muc a fheabhsú, agus maolú ag an am céanna ar an tionchar ar an timpeallacht agus leas na n-ainmhithe a fheabhsú.



AN CLÁR TAIGHDE

Clúdaíonn an Clár Taighde Muc raon leathan topaicí a bhaineann le cothú agus bainistiú agus cáilíocht na feola agus béim leanúnach ar leas ainmhithe, sábháilteacht an bhia agus an tionchar ar an timpeallacht a íoslaghdú. Tá comhaltaí Walsh i gclár na muc cláraithe le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na Ríona, Béal Feirste, Ollscoil Londan (Coláiste Ríoga Tréidliachta) agus I.T. Phort Láirge.

Cothú agus Bainistiú

I staidéar a rinneadh ar chothú agus bainistiú cránacha bhí monatóireacht le déanamh ar chéiseanna póraithe a bhí ag dul isteach i dtréad Pháirc Uí Mhórdha agus ar thréad mór tráchtála, agus a gcruthúnas a chur i gcomparáid lena riocht corpartha (méithe) ag an gcéad chúpláil.

Leanadh le staidéar ar leibhéal laghdaithe amhphróitéiní agus forlíonadh réimeanna beatha le haigéid aimíneacha criostalta. An cuspóir, na méideanna nítrigine a eisfheartar san aoileach a laghdú.

Leanadh, faoi Chiste Spreagtha Taighde na Roinne Talmhaíochta, Iascaigha agus Bia, de scrúdú ar éifeacht an chothaithe ar neart na gcnámh i gcránacha póraithe agus i muca atá ag fás.

Sláinte agus Leas

Bíonn meáchain mharaithe níos mó ann anois, rud a chiallaíonn go mbíonn níos mó de na muca fireanna anois ag teacht chun caithreachais nó atá ag caitheamh tráth a maraítear iad, ionas go dtig leo a bheith níos ionsaithí. Tá comhchlár le hOllscoil na Ríona ag scrúdú iompraíocht na muc trom sin, agus a bhfreagairt nuair a dhioltar na muca is troime i ngrúpa.

Bhí an mhuc in úsáid i gcónaí mar shamhail do staidéir ar an gcothú daonna a bhí ar siúl ag Ionad Taighde Bia Pháirc Uí Mhórdha.

SPRIOC 1

Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair i gcoitinne a fheabhsú

Cáilíocht na Feola

Leanadh den staidéar ar an mbeathú le linn toirchis agus ar a thionchar ar an bhforbairt mhatánach i muca réamh- agus iarbheirthe. Ní bhfuarthas an leibhéal céanna freagairtí i staidéir Pháirc Uí Mhórdha is a fuarthas i saothair fhoilsithe eile. Cuireadh tús le tionscadal Framework 7 ar shainníthint bithmharcálaithe do mheasúnú na sábháilteachta i gcás beathuithe núiosacha.

Bainistiú an Chomhshaoil

Tá dhá thionscadal ar bhainistiú an chomhshaoil ag fáil tacaíochta ó Chiste Spreagtha Taighde DAFF I mbliain a trí atá an chéad tionscadal díobh, agus é i mbun comhshuíomh an aoiligh a scrúdú agus aoileach á scagadh ina chodáin sholadacha agus leachtacha. Baineann an dara tionscadal le fuinneamh a ghiniúint as aoileach na muc agus cuimsíonn sé díleá anaeróbach agus dó an chodáin soladaigh scagtha.

An Clár Comhairleach agus Traenála

Ag tabhairt aghaidh ar phraghsanna arda ar bheathú, ar phraghsanna ísle ar mhuca agus ar chorrlaigh dhiúltacha a bhí an clár comhairleach sa bhliain 2008. B'iad cuairteanna feirme ar chliaint faoi chonradh an phríomhghníomhaíocht chomhairleach, mar aon le seirbhís gnó agus teicneolaíochta a sholáthar. Is ar chóras próiseála sonraí PIGSYS don mhonatóireacht cruthúnais a bhunaítear formhór na gcinntí gnó, agus lean na hOifigigh Forbartha Muc orthu ag áiteamh ar tháirgeoirí leas a bhaint as an tseirbhís. Bhain táirgeoirí agus iasachtóirí leas forleathan as foireann scarbhileog phleanála airgeadais a ullmhaíodh d'Oifigigh.

Tá ballraíocht den ghrúpa InterPig atá ag plé le tagarmharcáil idirnáisiúnta ar éifeachtacht na táirgeachta agus ar chostais táirgthe san AE agus i dtíortha

Mheiriceá ag cur faisnéis luachmhar ar fáil chun iomaíocht idirnáisiúnta thionscal na muc in Éirinn a mheasúnú. Aibhsíonn tuarascálacha InterPig réimsí laige san earnáil ar gá díriú orthu, sna cláir taighde, comhairliúcháin agus oiliúna. Agus ligeann sé d'fhoireann Teagasc gaolmhaireachtaí oibre a thógáil le teagmhálaithe a bhfuil rólanna cosúla acu i dtíortha rannpháirteacha.

An tOllamh Paul Ross, Ionad Taighde Bia Pháirc Uí Mhórdha, a fuair dámhachtain Fiontraíocht Éireann ón Dr. Joe Healy as Eolaíocht Bheatha agus Trachtáil Bia.





SPRIOC 2

Tacú le feirmeoireacht inmharthana agus leis an timpeallacht

TAIGHDE

ÉIFEACTH NA gCOTHAITHEACH

Tá taighde ar siúl ar na féidearthachtaí atá sa chóras riartha crú cúil chun laghdú ar astuithe amóinia agus chun méadú ar luach athchuir an leasacháin nítrigine as riartha sciodair eallaigh ar fhéaraigh faoi dhálaí na hÉireann. Tá obair tosaithe freisin ar chóras tacuithe cinntí, bunaithe ar réamhaisnéis na haimsire, a thuarfadh dálaí a dhéanfadh optamú ar an tsabháilteacht imshaoil agus ar aisghabháil cothaitheach i gcás leasachán orgánach agus mianrach. Athbhreithníodh agus foilsíodh, sa bhliain 2008, an chomhairle a thugann Teagasc i gcás riartha mór- agus mionchothaitheach ar fhéaraigh, ar thalamh curaíochta, agus ar bharr glasraí agus torthaí Rinneadh an chomhairle athbhreithnithe sin i gcás na mionchothaitheach a ionchorprú sa ghléas tacuithe cinntí, a cruthaíodh i gCaisleán Bhaile Sheáin, agus a bhíonn in úsáid ag comhairleoirí agus bainistíú niotráití á bpleanáil don traschomhlíonadh faoin Treoir Niotráití.

I láthair ag Comhdháil Teagasc agus Comhdháil Bithfhuinnimh IrBEA 2008 i dTulach Mhór bhí an tOllamh Gerry Boyle, Stúirthóir Teagasc; Mary Wallace, T.D., Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia; Vicky Heslop, Uachtarán IrBEA agus Barry Caslin, Speisialtóir sa Bhitheolaíocht, Teagasc.

Cáilíocht agus Bitheolaíocht Ithreacha

Thosaigh clár nua ag dul i ngleic, i gcaitheamh 2008, le saincheisteanna faoi ithreacha a tugadh chun solais sa díospóireacht ar chreat-threoir nua ithreacha an AE agus ar na bagairtí do cháilíocht ithreacha. Teastaíonn cur amach cuimsitheach ar shuíomh agus ar airíonna ár n-ithreacha éagsúla agus cinneadh náisiúnta ar bith á dhéanamh. Déanfaidh Córas Faisnéise Ithreacha Éireann (ISIS), atá á mhaoiniú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú

Comhshaoil agus ag Teagasc agus a tionscnaíodh sa bhliain 2008, an bunéolas sin a chur ar fáil.

Aithníodh freisin a thábhachtaí is a bhí sé an bhitheolaíocht a thuiscint is bun le mórpheiríocht timpeallachta ar nós dínitriúcháin, nítrigíní, eagrú fosfair agus an bhithéagsúlacht nuair a tionscnaíodh ollúnacht Stoke i gCaisleán Bhaile Sheáin, agus í arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann.



Sprioc 2

Tacú le feirmeoireacht inmharthana agus leis an timpeallacht



Denis Carroll, feirmeoir déiríochta as Co. Chorcaí, in éineacht le Denis Minogue, taighdeoir le Teagasc.

Cáilíocht an Uisce

Léirigh taighde breise a d'imscrúdaigh an buntáiste a bhí le cumhdach barr glas geimhridh (barr cumhdaigh mustaird nó athghiniúint nádúrtha) a thábhachtai is a bhí sé an cumhdach glas a chaomhnú chun an láisteadh níotráití isteach sa screamhuisce a laghdú. Fuarthas go raibh an athghiniúint nádúrtha faoi bhainistiú laghdaithe curaíochta chomh maith céanna chun an láisteadh níotráití a laghdú is a bhí sé barr mustaird a chur, agus rinne siad araon laghdú suntasach ar an láisteadh níotráití.

Déanfaidh taighde a tosaíodh sa bhliain 2008 áireamh ar thábhacht an dínitriúcháin (níotráit á laghdú ina hocsaíd nítríúil (N²O) agus gáis dínitrigine) i gcórais fo-ithreach agus screamhuisce faoi raon cúnsí hidrigeolaíochta. Úsáidfear na sonraí a ghinfear chun an leigheasachán féideartha nádúrtha a áireamh a tharlaíonn feadh na gconairí iompair hidreolaíochta as feirmeacha go dtí dobharlaigh.

De bharr taighde breise maidir le leigheasachán ex-situ agus uisce salach a rialú le hábhair imoibriúcháin ar nós ócar, slisadmad agus teicneolaíocht bithsco, táthar ag súil leis an toilleadh uisce salach a

stóráiltear a laghdú agus airgead na bhfeirmeoirí a spáráil trí athchúrsáil uisce a éascú ar chlóis fheirme na hÉireann.

Tá tábhacht le héifeachtacht úsáid na nítrigine (N) i gcórais thalmhaíochta a fheabhsú óir laghdaíonn sé ar na riachtanais leasacháin nítrigine agus ar chaillteanais timpeallachta N agus cuidíonn sé chun spriocanna iliomad treoracha timpeallachta a bhaint amach (e.g. an Treoir Nítrigine agus an Chreat-Treoir Uisce). Cuireadh tús le tionscadal nua sa bhliain 2008 a dhéanfaidh luacháil ar ról féideartha an nítríocháin agus coscairí úiréaise ar mhaithe le héifeachtacht N-sciodair agus úsáid N-úiré ag féaraigh in Éirinn a fheabhsú.

Léirigh torthaí ó thaighde a rinneadh cheana mar chomharfhiontar idir Caisleán Bhaile Sheáin agus Ollscoil Lincoln go bhféadfadh an coscaire nítríocháin DCD an láisteadh níotráití in Éirinn a laghdú suas le 25% agus astuithe ocsaíde nítríúla a laghdú suas le 45%. Tá imscrúduithe á ndéanamh faoi láthair ar an éifeacht atá ag an ithirchineál, ag teocht na hithreach agus ag taisleach ar éifeachtaacht DCD.

Clár na nDobharcheantar Talmhaíochta

Tá Teagasc i mbun luacháil a dhéanamh, faoi Chlár na nDobharcheantar Talmhaíochta, ar na treoirlínte don Dea-Chleachtas Talmhaíochta (SI 378), a dearadh chun an Clár Náisiúnta Gníomhaíochta faoin Treoir um Níotráití in Éirinn a fheidhmiú. Tá an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia tar éis an tionscadal a mhaoiniú chun athruithe i bhfoinsí cothaitheach (nítrigine agus fosfair), aistriithe i gconairí hidreolaíochta agus aibhneacha in ocht ndobharcheantar bheaga (5-12 km²) a luacháil, de réir mar a chuirtear na treoirlínte i bhfeidhm. Tá na dobharcheantair sin ionadaíoch maidir le raon fiontar talmhaíochta, leibhéil déine agus ithirchineálacha ar fhéarach agus ar thalamh arúil.



Léiriú ar chórais chun sciodar eallaigh a leathadh, Teagasc, Caisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman.

Thíos: Andy Boland, speisialtóir le Teagasc, ag an ócáid cheanna.

Roghnaíodh na dobharcheantair i gcaitheamh 2008 le cur chuige cinnidh agus anailise ilchritéar ar bhonn Córas Faisnéise Tíreolaíochta a chuimsíonn, mar shampla, sonraí na dobharcheantar maidir le dlús stocála, céatadán cumhdaigh fhoráiste, ithirchineál agus geolaíocht – tosca a mbíonn tionchar acu uaireanta ar úsáid na gcothaitheach agus ar acmhainn charntha na hithreach agus ar an acmhainn cothaitheach a aistriú go dtí dobharlaigh. Ar mhaithe le luacháil bhithfhisiceach agus shocheanamaíoch a sholáthar ar an gClár Gnímh, áiríodh san earcú foireann eolaíochta a raibh cúlra ithireolaíochta, hidrigeimice, hidrigeolaíochta agus eacnamaíochta talmhaíochta acu.




Éiceolaíocht Talmhaíochta

I suirbhé ar scéimeanna agraithimpeallachta a rinneadh ar fud an AE fuarthas go raibh géarghá le sainmhíniú níos fearr ar aidhmeanna polasaí agus ar shainchuspóirí, mar aon le roghnú feabhsaithe i gcás na dtáscáirí leis an dul chun cinn a thomhas i dtreo na n-aidhmeanna polasaí. Fuair an suirbhé freisin go mbíonn neart scéimeanna ann agus cuspóirí timpeallachta difriúla acu i gcomhthráth maidir le hacmhainní nádúrtha, agus maidir leis an mbithéagsúlacht agus an tírdhreach. Forbraíodh modheolaíocht do mheasúnú timpeallachta níos fearr ar scéimeanna le ilchuspóirí timpeallachta. Rinneadh staidéar féidearthachta inar cuireadh an mhodheolaíocht i bhfeidhm go sásúil ar dhornán feirmeacha REPS agus gan REPS.

Scóráil feirmeacha REPS níos fearr ná na feirmeacha inchomparáide gan REPS ach ní raibh méid an tsampla – 10 bhfeirm i gcás gach cóireála díobh – ionadaíoch maidir le feidhmiú REPS ar scála náisiúnta. Bheadh comparáid ar an athrú ar an bhfeidmiú timpeallachta i gcaitheamh tréimhse ama (roimh dul le REPS, agus ina dhiaidh) ar cheann de na bealaí ab fhearr chun éifeachtacht timpeallachta na scéime a thomhas.

An Bhithéagsúlach

Maidir le himill pháirce i bhféaraigh faoi dhianbhainistiú, bíonn an-tionchar ag an mbunú agus ag an mbainistiú a dhéantar orthu ar fhiadhúlra an talaimh fheirme (éagsúlacht plandaí agus artrapód) Fuarthas an éagsúlacht ba mhó artrapad ar imill pháirceanna a raibh éagsúlacht níos mó plandaí orthu, agus bhí an éagsúlacht ba mhó plandaí ar imill pháirceanna ar ar cuireadh meascán lusanna fiáine ag fás. Ba bheag feabhas a bhí ar éagsúlacht na bplandaí tar éis cúig bliana ar imill pháirceanna arb é fásra Lolium a bhí in uachtar orthu i dtosach, fiú agus deireadh curtha le hionchuir leasacháin. Tionscnaíodh tionscadal nua chun na roghanna bithéagsúlachta faoi REPS a mheasúnú agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar raon gníomhartha bithéagsúlachta a d'fhéadfadh cur le fiadhúlra feirmeacha.



AN DR. GERALDINE DUFFY Ceann Roinn Sábháilteachta Bia, Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh, Baile Átha Cliath.

Is í an Dr Geraldine Duffy Ceann na Roinne Sábháilteachta Bia in Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh, Teagasc, Baile Átha Cliath. Déanann an clár sábháilteachta bia atá faoi cheannas an Dr Duffy taighde chun bun eolaíoch a sholáthar don dearbhú sábháilteachta bia atá ag tionscal an bhia in Éirinn. Diríonn siad ar éillithigh mhicróbacha agus cheimiceacha i mbia na hÉireann.

Tá céim B.Sc. ag Geraldine as Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus PhD as Ollscoil Uladh. Tá comhaltachtaí iardhochtúireachta idirnáisiúnta curtha i gcrích aici in Ollscoil Nottingham agus in Ionad Taighde Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe (USDA) in Philadelphia.

Chuaigh Geraldine ag obair le foireann taighde Teagasc, in Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh, sa bhliain 1996 agus tá sí ina Ceann ar Roinn na Sábháilteachta Bia ón mbliain 2005 i leith. Diríonn a cuid taighde ar thuiscint a fháil ar tharchur, iompraíocht agus nimhneacht na bpaitiginí micróbacha sa bhiashlabhra.

Baintear leas as an taighde sin chun córais sábháilteachta bainistithe bia a fhorbairt, lena n-áirítear samhlacha measúnaithe riosca cainníochtúil agus idirghabhálacha núosacha chun paitiginí bia-iompartha ar eolas agus éirtheacha a shrianadh.

Tá lear mór foilseachán aici a bhaineann le sábháilteacht mhicróbach bia agus breis is 70 foilseachán píarmheasúnaithe, ar a n-áirítear leabhair agus caibidil as leabhair agus breis is 40 díobh ag plé le E.coli O157, atá fiornimhneach. Tá Geraldine faoi láthair i mbun Creat-Thionscadal ilnáisiúnta don AE "Prosafebeef" ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na mairteola a chomhordú, agus bhí sí ina hóstach ag comhdháil mhór idirnáisiúnta faoi choimirce an tionscadail sin in Ionad Taighde Bhaile an Ásaigh i Márta 2009. Is ball í de choiste micribhitheolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus bhí sí ina saineolaí sábháilteachta bia don Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus d'Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa.

Gáis Cheaptha Teasa & Gáis Thrasteorann

Tá Éire faoi réir ag dhá mhórphíosa reachtaíochta maidir le hastuithe domhanda. Prótacal Gothenburg (agus ina dhiaidh sin an Treoir Síleála Náisiúnta i leith Astuithe) atá ag iarraidh na truaillithigh trasteorann (ar nós NOx agus amóinia) a theorannú, agus Prótacal Kyoto a theorannaíonn astuithe gáis cheaptha teasa. Ós rud é gurb í an talmhaíocht faoi deara 98% den amóinia agus 26.5% de na hastuithe gáis cheaptha teasa náisiúnta, tá sciar mhór den taighde i gCaisleán Bhaile Sheáin dírithe i láthair na huair ar réitigh inmharthana a sholáthar d'fheirmeoirí i gcomhthéacs acmhainneacht táirgeachta a chaomhnú.

Tá an taighde reatha dírithe go háirithe ar astuithe amóinia a mhaolú as leathadh sciodair ar an talamh agus ar mhaolú tithíochta i gcás astuithe ocsaíde nítrúla via straitéisí idirghabhála nó éifeachtacht cothaitheach breise i bhfrithchúiteamh ar astuithe via athrú bainistiú talún nó athrú talamhúsáide.

Amóinia

Tá imscrúduithe déanta ar theicníocht uainiúcháin agus leata athraithe i gcás sciodair (splancphláta agus crú cúil). Laghdaíodh na hastuithe amóinia faoi 28% ar meán nuair a glacadh le teicníocht crú cúil. Ach nuair a féachadh leis an leathadh a shioncronú le tréimhsí dálaí fionnuara scamallacha, tugadh laghdú breis is 50% faoi deara freisin ar na hastuithe as an leathadh leis an splancphláta.

Is beag faisnéis atá ar fáil faoi láthair ar bhonn domhanda maidir leis na hastuithe amóinia as tithíocht ainmhithe. Rinneadh teicníochtaí tomhais dhírigh maidir le teicníochtaí samhaltaithe easraithe agus comhluadrachta Gauss a fhorbairt agus a úsáid chun cainníochtú a dhéanamh ar astuithe amóinia as seideanna lataí agus, den chéad uair, as peadanna geimhridh. Tugadh faoi deara go raibh na hastuithe ag brath go mór ar luas na gaoithe agus go raibh astuithe níos ísle an ceann as na peadanna geimhridh.

Spríoc 2

Tacú le feirmeoireacht inmharthana agus leis an timpeallacht

Direoidh taighde nua anois ar na sineirgí agus ar na freasaitheachtaí atá ag straitéisí laghdaithe amóinia agus ag astuithe gáis cheaptha teasa. Déanfar imscrúduithe ach go háirithe ar an éifeacht ar an gcarbón ithreach agus ar phróisis nítrigine as sciodar a leathadh.

Gáis Cheaptha Teasa

Astuithe ocsaíde nítrúla (N²O) is ea 28% de na hastuithe talmhaíochta GCT uile, agus is é a) eisefearadh ainmhithe agus b) leasachán mianrach a bheith á leathadh faoi deara iad. Tá raon taighde ar siúl faoi láthair atá á mhaoiniú ag an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia, chun straitéisí dea-chleachtas maolaithe a chur le chéile. Ina measc tá measúnú ar na héifeachtaí ar astuithe agus láisteadh as ionramháil N cothaithe via athruithe ar an gcion garbhphróitéine agus forlíonadh aimnáigéad sintéiseach. Tá taighde ar siúl faoi lathair freisin ar úsáid coscairí nítríocháin agus úiréaise chun astuithe a laghdú ar chórais fhéaraigh agus churaíochta; tugann na coscairí nítríocháin laghduithe 40% ar na hastuithe as córais fhéaraigh ar ithreacha troma.

Tá measúnú ar siúl faoi láthair freisin ar ról na seamrach i maolú (N²O). Déanfaidh an taighde sin cainníochtú ar an bhfachtóir astuithe a ghabhann leis an bhfósú ar N atmaisféarach agus déanfaidh sé lánanailis saolré maidir le córais déiríochta seamairbhunaithe.

Táthar i mbun imscrúduithe maidir le straitéisí chun laghdú ar astuithe gáis cheaptha teasa as córais churaíochta freisin. Tá measúnú á dhéanamh ach go háirithe ar na roghanna bainistíochta chun íoslaghdú ar an gcaillteanas carbón orgánach as an ithir, ina measc barra geimhridh, barra cumhdaigh, íoschuraíocht agus ionchorprú iarmhar. Léiríonn na torthaí go dtí seo gurb é an laghdú sa bharr geimhridh an toisc is tábhachtaí i dtéarmaí gáis cheaptha teasa arúla a chothromú.

Tá measúnú á dhéanamh freisin ar éifeacht athruithe talamhúsáide ar astuithe, ó fhéarach go dtí barra bithmhaise, i gcomhthéacs na

spriocanna comhadhainte náisiúnta do tháirgeadh leictreachais.

Barra Cumhdaigh Geimhridh chun an Láisteadh Níotráití a Laghdú

In imscrúduithe i bPáirc na Darach ar éifeacht na mbarr cumhdaigh geimhridh ar thalamh ina raibh sé i gceist eorna earraigh a chur, léiríodh go bhféadfadh barra cumhdaigh geimhridh laghdú go suntasach ar an méid níotráite a láisteadh i gcaitheamh an gheimhridh ach gur ar éigean a bhí aon toradh tairbheach as barr cumhdaigh a ionchorprú ar an táirgeadh a thug an barr eorna ina dhiaidh. Léiríonn sé sin gur glanchostas eacnamaíoch a bheadh ann do na córais táirgthe eorna earraigh in Éirinn as barr cumhdaigh a chur.

Úsáid Éifeachtach Iontaofa ar Choithaigh in Aoileach Ainmhithe

Leanadh den taighde i gcaitheamh 2008 ar sciodar muc a úsáid mar fhoinsé cothaitheach do bharr gránaigh. Léiríodh na trialacha go dtabharfadh úsáid an sciodair laghdú ar an riachtanas leasacháin nítrigine don eorna earraigh, rud a laghdódh go suntasach ar na costais leasacháin.

Agus dá mbeadh sciodar in úsáid ag feirmeoirí curaíochta chuirfí asraon a raibh géarghá leis ar fáil d'fheirmeoirí muc le haghaidh cuid dá dtáirgeadh sciodair ar a laghad.

Téamh Baile

As min saibh go príomha a dhéantar millíní don téamh baile. Nil ach soláthairtí teoranta mine saibh ann, rud a léiríonn go bhfuil scóip ann don bheatha talmhaíochta a úsáid i gcomhair tionscail náisiúnta millíní. D'éirigh leis an áis millíní i bPáirc na Darach millíní a dhéanamh as saileach, mioscantas, tuí ráibe agus tuí ghránaigh.

Tuí ghránaigh is deacra chun millíní a dhéanamh as, agus tugann tuí ráibe agus tuí ghránaigh leibhéil níos airde luathrigh ná saileach nó mioscantas. Is féidir laghdú ar an leibhéal luathrigh de bharr dó, ach na stoic bheatha a mheascadh. Laghdóidh an clár seo ar an spleáchas ar fhoinsí teoranta mine saibh agus tabharfaidh sé sruth féideartha ioncaim d'fheirmeoirí.

I láthair ag Comhdháil Bhithhuinnimh agus IrBEA Teagasc, an Tulach Mhór, bhí Michael Keane, Philip Farrelly & Comhghleacaithe; John Carroll, John Finnan, Teagasc, Páirc na Darach.



Dréacht-Thuarascáil an Chláir Timpeallachta do 2008

Mar gheall ar athruithe ar phraghsanna leasacháin sa bhliain 2008 díriodh ar úsáid agus ar bhainistiú foinsí eile cothaitheach luachmhar ar nós sciodair ar fheirmeacha. Tharraing na hathruithe sin aird ar bhuntáistí na seamrach mar fhoinsé nítrigine freisin. Mórfhócas ba ea na saincheisteanna sin sna taispeántáin san aonad comhairleach timpeallachta ag Farmfest, príomhócáid talmhaíochta Teagasc, a tionóladh i mBaile Átha an Rí ar an 20ú Meitheamh. Léirigh na taispeántáin, a bhí ar scála páirce, na buntáistí a bhain le líon áirithe straitéisí chun laghdú ar na cainníochtaí de leasachán saorga a theastaíonn ar fheirmeacha, ina measc sciodar a leathadh san earrach, agus an tseamair bhán a chur ag fás i mbáinseacha.

Táscaire tábhachtach ar an mbrú ar cháilíocht an uisce amach anseo atá sa treocht maidir le húsáid an leasacháin. Tá na figiúirí úsáide ag titim le tamall. Sábháil airgid a bhí ansin, mar aon le buntáistí suntasacha don timpeallacht. Gné thábhachtach den laghdú ar an ocsaíd nítriúil, gás ceaptha teasa fíorchumhachtach a astaíonn as an ithir, atá sa laghdú ar an leasachán N ceimiceach. Tugadh tosaíocht d'eolas a scaipeadh ar phleanáil agus ar thaifeadadh leasacháin ag ócáidí Teagasc i gcaitheamh 2008.

Thacaigh an clár timpeallachta, tríd is tríd, le forbairt na feirmeoireachta inmharthana agus le haistriú theicneolaíochta na timpeallachta. Bhí clár mór ar an "leas poiblí" i gceist ansin a thug faisnéis phraiticiúil ar an 'deachleachtas talmhaíochta' agus a mhúscaíl feachtas timpeallachta i measc feirmeoirí i gcoitinne



An Scéim um Bainistiocht Dramhaíl Feirme (FWMS)

Thacaigh Teagasc le 14,400 iarrthóir don Scéim um Bainistiocht Dramhaíl Feirme (FWMS), chun na riachtanais páipéarachais don scéim a bheith críochnaithe in am do sprioc 2008. Chuaigh i bhfad níos mó daoine sa scéim ná mar a bhíothas ag súil, ionas gur éirigh le formhór mór na n-iarrthóirí áiseanna clóis feirme den scoth a chur ar fáil dá gcuid beostoic. Tugann sé sin éifeachtacht táirgeachta níos mó, mar aon le dálaí oibre níos fearr d'fheirmeoirí.

Bhí tábhacht leis an tacaíocht a thug Teagasc i leith FWMS i gcomhthéacs riachtanais na gCreat-treoracha Níotráití agus Uisce. Tugadh mionchomhairle d'iarrthóirí na scéime maidir le leagan amach an chlóis feirme, dearadh foirgneamh, bainistiú agus planáil aoiligh. Rialacháin timpeallachta i gcoitinne á gcomhlíonadh níos fearr, an toradh a bheidh air.

Rialacháin a Chomhlíonadh

Mórchuspóir den chlár ba ea feirmeoirí a dhéanamh níos eolgaisí faoi na riachtanais nua timpeallachta a bhain le comhlíonadh rialachán i gcoitinne. Airgead a íoctar le feirmeoirí faoi Scéim na hAoniocáíochta, íoctar é ar choinníoll go gcomhlíontar na riachtanais sin.

Ina measc tá 18 riachtanas bainistíochta reachtúil (SMR) agus daláí maithe talmhaíochta agus timpeallachta (GAEC). Thionscain Teagasc sraith ócáidí feachtas poiblí, 8 gcinn, ar fheirmeacha Teagasc ar fud na tíre, i gcomhar leis an Roinn, sa dara leath de 2008.

Tá sé i gceist sraith eile ócáidí, 10 gcinn ar a laghad, a thionól i gcaitheamh 2009. Bhí breis agus 2,000 feirmeoir i láthair ag na hócáidí sin. Tugadh tús áite d'fhaisnéis a scaipeadh ar na gnéithe sna Treoracha Níotráite a bhain le leasachán a phleanáil agus a thaifeadadh.

Bainistiocht na Tuaithe agus an Bhitheagsúlacht

Thacaigh Teagasc le sprioc an AE stop a chur leis an gcaillteanas bithéagsúlachta faoi 2010 ina chlár forleathan bainistíochta tuaithe sa bhliain 2008. Léiríu praiticiúil air atá san obair fógraíochta a thacaíonn le roghanna éigeantacha bithéagsúlachta a thionscnamh faoi REPS 4. Reáchtáladh 36 léiriú praiticiúil ar fud na tíre, i ngach contae ar leith, ar fhálta sceach a chur agus a athnuachan.

D'éirigh go han-mhaith leo agus bhí neart daoine i láthair, feirmeoirí REPS go háirithe. Ghlac breis agus 5,000 feirmeoir páirt sa bhliain 2008. Leanfar den fheachtas agus beidh a thuilleadh léirithe ann sa bhliain 2009. Tá mór-ionchur ag Teagasc mar pháirtí i dTionscadal BurrenLIFE. Ba é 2008 an ceathrú bliain sa mhórhionscadal taighde timpeallachta agus comhairleach cúig bliana a ceapadh chun samhlacha socheacnamaíochta eile a rianú don fheirmeoireacht inmharthana i mBoirinn.

An mhórócaid ar chlár 2008, b'in Comhdháil Idirnáisiúnta Bhoirinn ar an bhFeirmeoireacht Chaomhantais, á reáchtáil le tacaíocht ó Theagasc.

AN SUIRBHÉ FEIRME NÁISIÚNTA

Léirigh torthaí an tSuirbhé Feirme Náisiúnta gur tháinig méadú ar an meánioncam náisiúnta Feirme Teaghlaigh, ó €16,680 san fheirm sa bhliain 2006 go dtí €19,687 sa bhliain 2007, méadú 18%. Titim 26% a bhí ann sa bhliain 2006. Bhí méadú 27% ar an ioncam ar na feirmeacha lánaimseartha áfach sa bhliain 2007, go dtí €43,988. Dála blianta eile, b'í an déiríocht a ghin an fáltas ba mhó, thug sí meánioncam €51,017 san fheirm i gcomparáid le €10,682 agus €7,702 san fheirm i gcás feirmeacha caorach agus eallaigh faoi seach.

Bhí na hathruithe FFI ag dul ó lúide 10% ar an gcóras Caorach den chuid is mó go dtí móide 42% ar na féirmeacha Curaíochta den chuid is mó agus móide 41% ar shainfheirmeacha Déiríochta. Bhí titim 7% agus 5% ar an FFI faoi seach i gcás Tógáil Beostoic agus Córais Bheostoic Eile. Mhéadaigh íocaíochtaí díreacha 1% ar meán ar bhonn náisiúnta, ó €16,346 san fheirm sa bhliain 2006 go dtí €16,524 sa bhliain 2007.

D'fhan na meáníocaíochtaí díreacha seasmhach ar fud na gcóras feirmeoireachta uile ó 2006 go dtí 2007. Sa bhliain 2007 b'ionann íocaíochtaí díreacha agus fóirdheontais agus 31% den Oll-Aschur Feirme agus 84% den FFI. Tharla titim ar chion na n-íocaíochtaí díreacha maidir le haschur agus ioncam feirme sa bhliain 2007, i gcomparáid le blianta eile, go mórmór mar gheall ar an méadú ar

an aschur margaidh sna hearnálacha déiríochta agus curaíochta, de bharr praghsanna níos airde ag geata na feirme ar bhainne agus ar ghránaigh.

B'ionann an ghlaninfheistíocht nua agus €9,937 san fheirm sa bhliain 2007 – méadú 66% ar 2006, agus b'ionann é agus 50% den FFI. Tuaradh an méadú mór sin ar an infheistíocht feirme sa bhliain 2007 i dtreo dheireadh 2006, nuair a léirigh suirbhé ar an sampla NFS ardú 88% ar an infheistíocht phleanáilte do 2007. Ní dheachthas ar aghaidh leis an infheistíocht sin ar fad ar ndóigh ach bhí méadú 66% ar an infheistíocht iarbhair sa bhliain 2007 mar gur infheistigh feirmeoirí 50% ar meán dá FFI. Mhéadaigh an mheáninfheistíocht ar fheirmeacha speisialtóireachta déiríochta ó €11,796 san fheirm sa bhliain 2006 go dtí €23,524 sa bhliain 2007 i.e. ardú 100%. Infheistíocht a rinneadh chun cloí leis na rialacháin timpeallachta agus leis na rialacháin do shrianadh agus stóráil sciodair is mó a bhí i gceist. Mhéadaigh an infheistíocht ar fheirmeacha curaíochta ó €7,747 sa bhliain 2006 go dtí €18,735 sa bhliain 2007, méadú 142%.

Bhí an fhostaíocht lasmuigh den fheirm díreach mar a bhí sa bhliain 2008, 58% ar na feirmeacha uile. Ar 80% de na feirmeacha bhí foinsé eile ioncaim ag an bhfeirmeoir agus/nó ag an gcéile pósta, rud a d'fhág nach raibh ach 20% de na feirmeacha a bhí ag brath ar an bhfeirmeoireacht go hiomlán dá sli bheatha.



Anne Kinsella, Liam Connolly agus Cathal O'Donoghue ón Ionad Taighde Geilleagair Tuaithe, agus Suirbhé Feirme Náisiúnta 2007 á sheoladh.

Spríoc 2

Tacú le feirmeoireacht inmharthana agus leis an timpeallacht

Tuiscint ar Fhás na Táirgeachta i dTalmhaíocht na hÉireann (1996-2006)

De bharr leasuithe a rinneadh ar an gComhbheartas Talmhaíochta le déanaí anuas agus leis an liobrálú leanúnach i gcúrsaí trádála, tarlaíonn sé go bhfuil iomaíochas na margáí talmhaíochta ina príomhphointe díospóireachta le blianta beaga anuas. B'in an bunús réasúnaíochta do lucht taighde in Ionad Taighde Geilleagair Thuaithe Teagasc (RERC), mar aon lena gcomhghleacaithe i Roinn an Gheilleagair i gColáiste na Tríonóide chun cruthúnas táirgiúlachta na talmhaíochta in Éirinn a scrúdú.

Baineadh leas sa taighde sin as gléas eacnamaíoch ar a dtugtar Anailís ar Theorainn Stocastach (Stochastic Frontier Analysis - SFA) chun innéacsanna Táirgiúlachta na dTosca Uile (Total Factor Productivity - TFP) a thógáil i gcás gach ceann de na príomhchineálacha feirmeoireachta in Éirinn, le sonraí an tSuirbhé Feirme Náisiúnta, ó 1996 go dtí 2006. Tomhaiseann innéacs TFP fás na táirgiúlachta, agus an gaol idir an t-athrú aschuir agus an t-athrú ar úsáid na n-ionchur uile á chur san áireamh. Tá an tomhas sin ar an táirgiúlacht éagsúil leis na táscairí táirgiúlachta traidisiúnta a fheictear go coitianta sa litríocht, ar nós táscairí táil (an tál bainne sa bhó nó an táirgeadh barr sa heicteár), agus ar a dtugtar táscairí páirt-táirgiúlachta. Cuireann na táscairí sin an t-aschur i gcomparáid le hionchur amháin, ar nós talamh, saothar nó líon na n-ainmhithe.

Déanann innéacs TFP an t-athrú bliantúil TFP a dhianscoileadh ina athrú teicniúil, athrú ar an éifeachtacht theicniúil agus athrú ar scála na héifeachtachta. Cé gur athruithe ar TFP agus ar a chuid comhchodanna in imeacht ama, is mó a bhíonn i gceist san anailís féachadh freisin ar shaincheist ghaolmhar a scrúdaigh na tosca a mbíonn tionchar acu ar

na leibhéil éifeachtachta teicniúla ar fheirmeacha na hÉireann.

Léirigh torthaí an taighde sin, a foilsíodh sa bhliain 2008, gurb í Tógáil Beostoic an earnáil ina raibh an táirgiúlacht ba mhó, agus ina dhiaidh sin, Déiríocht, Bailchríoch ar Eallach, Caoirigh agus Gránaigh. B'iad na meánrátaí fáis bliantúil TFP, 2%, 1.4%, 0.9%, 0.4% agus -0.2% faoi seach.

Léirigh an taighde freisin go mbíonn na leibhéil éifeachtachta comhghaolmhar go ginearálta le húsáid sintí (go suntasach in earnáil na Déiríochta amháin áfach), cáilíocht ithreach, méid foriomlán na feirme, leibhéal an diansaothraithe (córtais beostoic) agus an leibhéal speisialaithe. Bhí an t-inseamhnú saorga comhghaolmhar le héifeachtacht in earnáil na Déiríochta freisin.

Ní raibh an chomhéifeacht d'fhostaíocht lasmuigh den fheirm suntasach i gcás earnála ar bith, rud a thugann le fios go mbíonn feirmeacha a bhfuil post lasmuigh den fheirm acu lán chomh héifeachtach leis na feirmeacha sin gan post lasmuigh.

D'aibhsigh an taighde a thábhachtaí is atá scála na hoibríochta freisin.

Bhí torthaí méadaitheacha ar scála ann i ngach cás seachas san earnáil Bailchríoch ar Eallach agus in earnáil na gCaorach, rud a léiríonn go mbíonn feirmeacha móra níos éifeachtaí. Tugann sin le fios gur dóichí go mbeadh méadú ar na leibhéil éifeachtachta teicniúla ach an scála a mhéadú.

Toisc an mhórtábhacht a chonacthas le barainneachtaí scála i dtorthaí an taighde, is léir go mbeidh dúshlán le sárú ag lucht polasaí agus acu siúd a bheidh ag plé le pleanáil do thalmhaíocht na hÉireann amach anseo, tharla gurb iad oibríochtaí sách beag is coitianta (i gcomparáid leis an nós idirnáisiúnta). Bhain na taighdeoirí in RERC leas as an toradh sin le deireanas chun an réasúnaíocht eacnamaíoch a aibhsíú a bheadh le comhpháirtíochtaí feirme i gcomhthéacs scála méadaitheach oibríochtaí i margadh idirnáisiúnta atá ag éirí níos iomaíche ar feadh an ama. Ciste Spreagtha Taighde DAFF a mhaoinigh an taighde sin.



Trevor Domnellan agus Kevin Hanrahan, an Ionad Taighde Geilleagair Tuaithe (RERC).



DAWN HOWARD Oifigeach Taighde Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe

Chuaigh ag obair le Teagasc i Márta 2008 mar Oifigeach Taighde ar conradh i mBitheolaíocht Mhóilíneach agus in Eanáir 2009 ar thaighde iardhochtúireachta san Ionad don Eolaíocht Bhitheach ar champas na Mealla, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.

Ról reatha: Banc DNA a bhunú ina acmhainn bhainc d'eallach déiríochta agus mairteola na hÉireann, mar aon le mionsonraí feinitíopacha. Tá an acmhainn sin in úsáid chun forbairtí reatha a shaothrú sna heolaíochtaí bitheacha. Is é faoi deara an clár roghnaithe géanómach d'aithreacha A.I. Déiríochta agus d'aithreacha A.I. Mairteola faoi thús 2010.

Tá tionscadail reatha eile ag iarraidh marcóirí géanómacha a shainithint do thréithe inspéise.

Tá an banc DNA in úsáid cheana féin chun teacht ar pholamorfachtaí núicléitíde aonair núiosacha (SNP) a shamhlaítear le thréithe a mbíonn tábhacht eacnamaíoch leo sna póirthe eallaigh in Éirinn. Cuirfeadh le beaichte an phróisis roghnúcháin agus méadófar ar an ráta dul chun cinn géiniteach, ionas gur fusa na hainmhithe a shainithint is fearr a oireann do chórais táirgeachta na hÉireann.

Nuair a dhéantar an banc DNA a fhorbairt ionas go mbeidh i bhfad níos mó samplaí ann, mar aon le caoirigh, beidh sé ina acmhainn náisiúnta fiurluachmhar don iliomad tionscadal amach anseo a mbeidh rún acu marcóirí géanómacha a shainithint do thréithe a mbeadh tábhacht eacnamaíoch leo i gcás eallaigh agus caorach. Cuirfeadh go mór leis an iomaíocht in earnáil na talmhaíochta in Éirinn.



SPRIOC 3

Éagsúlú a chothú i ngeilleagar na tuaithe agus cáilíocht an tsaoil faoin tuath a fheabhsú

Próifil Thionscal an Bhia in Éirinn

Olltáirgeacht - €20 billiún; 9% OTI
750 + cuideachtaí
50,000 fostaithe go díreach
€8.6 billiún in easpórtálacha 2007

Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

Sainbhia

320+ cuideachtaí
3,000 fostaithe go díreach
Fiúchas €500 milliún

Deiseanna san earnáil Bia

- Stíleanna Maireachtála Nua
- Athruithe ar Theaghlaigh
- Bia Áisiúil
- Sainbhia
- Bia Orgánach
- Margáí na bhFeirmeoirí

Sa bhliain 2008 earcaíodh seisear comhairleoir turasoíreachta bia/tuaithe agus oibríonn siad in ionaid ar fud na tíre. Is mór an tábhacht a ghabhann le diol díreach dar le cuid mhór táirgeoirí agus bhí an-éileamh ar cúrsa sa díolachán díreach a chuir Teagasc ar fáil. Cuireadh an cúrsa seo ar siúl i gcúig ionad agus d'fhreastail os cionn céad duine orthu.

Cuireadh cúrsa gnó um bia ar siúl in dhá ionad ar fhreastail cúig dhuine dhéag ar an meán orthu. Sa bhliain 2008 earcaíodh beirt teicneolaithe bia

freisin atá chun cinn i reachtaíocht a cheapadh dá rannáin faoi seach, plean um anailís guaise agus pointí rialúcháin criticiúla don tionscal um cháis feirme, cuir i gcás.

I rith na bliana, bhí baint ag comhairleoirí bia i seisiúin mheantóireachta in éineacht le táirgeoirí bia i réimsí chomh héagsúil le forbairt salainn, brioscáin feirme, milseogra, bia naíonán, iógart, uachtar roeite, bainne leachtach agus cáis.



Mairéad agus David Tiernan, a tháirgeann cáis ar a bhfeirm in aice le Dún Léire, Co. Lú.

Turasóireacht Tuaithe

Cuid de thionscal arbh fhiú €6.5 billiún sa bhliain 2007 é is ea an turasóireacht tuaithe. Beidh forbairt na turasóireachta tuaithe á tiomáint ag (1) a riachtanaí is atá sé an éagothroime mhór a tharla i dturasóireacht na hÉireann le blianta beaga anuas a shárú, ina dtugann os cionn leath na gcuairteoirí ar fad (5.7 milliún) a thagann go hÉirinn cuairt ar Bhaile Átha Cliath agus nach dtéann ach 1.5 milliún díobh go dtí an Iarthuaisceart agus (2) na tacaíochtaí flaitiúla do thurasóireacht tuaithe sa tionscnamh LEADER a fógraíodh le gairid.

Cheana féin tá os cionn 10,000 gnóthas bheaga ag gabháil don turasóireacht tuaithe in Éirinn lena n-áirítear tithe feirme, tithe cathrach agus tuaithe, tithe féinfhrestail, árasáin, lóistí agus tithe foraoise, láithreáin champála agus charbhán, brúnna, tithe maorga, feirmeacha sláinte; áiseanna slatiascaireachta, saoire rothaíochta agus siúil agus feirme agus siopaí tae, ionaid cheardaíochta, feirmeacha oscailte, ionaid léirithe agus músaeim feirme agus gníomhaíochtaí cultúrtha. Is beag leas ar éigean atá bainte fós as an gcumas féideartha atá ann chun taithe saoire tuaithe a chur ar fáil.

Cuirtear oiliúint ar fáil, mar shampla cuireadh cúrsa 25 uair a chloig i láthair faoi thurasóireacht tuaithe do 16 rannpháirtí i mBaile Bhuirne i gcomhpháirt le LEADER (Tugadh an deis do na rannpháirtithe go léir freastal ar sheisiún meantóireachta duine le duine chun a gcuid tuairimí a fhorbairt d'iaratas ar an gclár LEADER agus ar Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais (FETAC)).

D'oibrigh sainchomhairleoirí turasóireachta Teagasc le heagraíochtaí lena n-áirítear Cónaidhm um Thurasóireacht Tuaithe na hÉireann (IRTF), coiste meastóireachta Fhorbairt Acmhainní Tuaithe na Sionainne, fochoiste Chultúr agus Turasóireacht an Chláir, líonra turasóireachta Fáilte Ireland, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh chun turasóireacht tuaithe a chur chun cinn.



Mic Léinn um feirmeoireacht eachaí i dTeagasc, Cill an Dáilúnaigh

Comhairle Eachaí

Chuir foireann chomhairleach Teagasc gníomhaíochtaí eachaí ar siúl ag imeachtaí éagsúla lena n-áirítear Aonach Trádála agus Siompóisiam Idirnáisiúnta Chumann Tógálaithe Capall Folaíochta Éireannach a reachtáladh in Ollionad Diolachán Mhuintir Goff sa Chill, Co. Chill Dara, i mí Eanáir 2008 ar ar fhrestail níos mó ná 2,300 cuairteoir agus Seó Capaill Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath san RDS.

Gníomhaíochtaí Oideachasúla

I gcaitheamh na bliana freastalaíodh ar riachtanais oideachasúla an tionscail le roinnt cúrsaí a cuireadh ar bun. Cuireadh cúrsaí ar Scileanna Capaill ar siúl (lena n-áirítear scileanna um Thaispeáint Lámh Laistigh, Álaidh agus Scoilíocht Scaoilte) i gCill Airne, Port Laoise, Dún Garbhán agus Baile an Phoill.

Scil-Líonra Tógálaithe Capall

D'fhreastail thart ar 10-12 rannpháirtí ar gach aon chúrsa. Cúrsaí 10 lá ab ea iad a tugadh in imeacht 10 seachtaine.

Reachtáladh roinnt Cúrsaí i dTógáil agus i mBainistíocht Capall ar fud na tíre lena n-áirítear Durlas, Inis Córthaidh, Dún Garbhán, an

Caisleán Nua Thiar agus Béal Átha hÉis. Ghlac 25-30 duine páirt i ngach cúrsa ceithre lá thar ceithre seachtaine.

Cuireadh dhá oíche taispeánta ar siúl a raibh éileamh mór orthu (d'fhreastail thart ar 300 duine ag gach ceann) i gcomhpháirt le Scoil Eachaíochta an Airm agus proifisiúnaigh eile sa tionscal a bhain leis an téama 'Ón bhFeirm go dtí an Margadh'. Ba é aidhm na dtaispeántaí riachtanais an mhargaidh reatha agus na heasnamh idir Geata na Feirme agus an Margadh a chuimsiú.

Ceann eile de na buaicphointí ab ea bróisiúr nua dar teideal 'Horse Ownership - A General Guide for the First Time Horse/Pony Owner' a foilsíodh agus a bhfuarthas 2,000 iaratas air.

Tugadh 64 cinn de chuairteanna feirme ar an iomlán ar úinéirí agus tógálaithe capall ar fud na tíre.

Comhairle maidir le Feirmeoireacht Orgánach

Tá 64 cuspóir leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais a seoladh i mí Mhárta 2008, ina bhfuil Teagasc chun cinn i 35 cuspóir acu siúd. Rinne Teagasc an dréachtphlean a chomhordú in éineacht le DAFF agus an Bord Bia. Cuireadh an Plean Gnó Orgánach de chuid Teagasc faoi bhráid an Aire Bia, Trevor Sargent, an 19 Márta 2008.

Scriobh an tAire Sargent chuig na húinéirí tréada go léir sa tír i mí Iúil agus mí Lúnasa 2008 agus é ag moladh d'fheirmeoirí modhanna orgánacha a úsáid mar rogha eile. Tugadh sonraí teagmhála na foirne comhairlí ar an litir, rud ba chúis le 1,600 glao gutháin a tháinig isteach thar thréimhse ceithre nó cúig seachtaine.

Líonra d'Fheirmeacha Taispeánta Orgánacha

Reachtáladh an Clár um Fheirm Taispeánta Orgánach ó mhí an Mheithimh go lár mhí Mheán Fómhair, rud a bhí difriúil ó bhlianta roimhe sin, chun a bheith i gcomhthráth leis an tSeachtain Orgánach Nádurtha. D'fhreastail os cionn 2,800 duine ar 20 imeacht ar fud na tíre sna fiontair go léir. Rinne beirt den fhoireann

chomhairleach gach imeacht díobh a chomhordú.

Cuairteanna Feirme agus Seisiúin Chomhairliúcháin Suntasacha


Thug an fhoireann cuairt ar 316 feirm ar an iomlán ar fud na tíre. Rinneadh formhór na gcuairteanna feirme i gcomhpháirt le comhairleoirí áitiúla agus pleanálaithe na Scéime um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath.

Imeachtaí Oideachasúla

Cuireadh ceithre chúrsa creidiúnaithe 25 uair a chloig ar siúl, a bhain le Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC), dar teideal "Introduction to Organic Farming", i mBéal Átha na Sluaighe, Inis, Maigh Chromtha agus sa Chaisleán Nua Thiar ar ar fhrestail thart ar 17 ar an meán ar gach ceann díobh. Cuireadh gach cúrsa ar siúl thar cheithre thráthnóna agus dhá leathlá a caitheadh ar cuairt chuig feirmeacha.

Tá oiliúint mar theagascóirí á cur faoi láthair ar an gceathrar comhairleoirí orgánacha lánaimseartha le haghaidh Ríomh-Choláiste Teagasc.

Pleananna maidir le Roghanna 01/01/08
Gníomhartha molta (7619 ar an iomlán)




Clár Options

Chuir comhairleoirí Teagasc mionsheirbhís pleanála ar fáil do theaghlaigh a raibh feirm acu faoin gclár Options sa bhliain 2008. Tugadh cúnadh do bheagnach 2000 teaghlach a raibh feirm acu chun na láidreachtaí agus na laig a bhain lena ngnó feirmeoireachta a mheas agus deiseanna nua a fhiosrú chun ioncam an teaghlaigh feirme a mhéadú trí éagsúlú nó trí fhostaíocht eistfeirme a fháil. Chabhraigh an tseirbhís seo leis na táirgeoirí na fíricí a bhain le hioncam feirme a chinntiú lena n-áirítear ioncam teaghlaigh, costais mhaireachtála, riachtanas ioncaim sa todhchaí agus moladh 7,619 gcinn de bhearta gníomhaíochta do theaghlaigh feirme dá bharr.

Comhdháil Orgánach Teicniúil Náisiúnta

Reachtáladh an Chomhdháil Teicniúil sa Tulach Mhór an 2 Nollaig 2008. Chuir 13 duine taispeántas i láthair do 150 toscaire. Foilsíodh imeachtaí na comhdhála agus cuireadh thart iad ar an lá.



GOAL 4

Inniúlacht eagraíochtúil a fheabhsú agus luach a thabhairt ar airgead

TAIGHDE

COMHALTACHTAÍ WALSH

Leanann scéim Chomhaltachta Walsh ag cur deontais ar fáil do mhic leinn iarchéime chun obair a dhéanamh ar thionscadail a bhaineann le Clár Taighde Teagasc agus iad ag staidéar chun ardchéim a bhaint amach.

In 2008 fuarthas 112 iarratas nua ar an iomlán ó scoláirí ollscoile agus ceadaíodh 41 díobh a raibh maoiniú ó Teagasc le fáil acu agus 26 a raibh maoiniú acu ó fhoinse seachtrach. Faoi láthair tá líon iomlán de 208 Comhaltacht ag dul ar aghaidh faoin scéim agus ardaíodh 9 gcinn de thionscadail MSc go dtí leibhéal PhD, rud a thugann líon iomlán de 163 comhaltacht PhD.

In 2008 cuireadh tús leis an gcéad cúrsa struchtúrtha ceithre bliana PhD agus cláraíodh 13 mac léinn nua faoi Chomhaltacht Walsh ar an gclár staidéir sin le Coláiste na Ollscoile, Baile Átha Cliath. Cuireadh moladh foirmiúil le chéile chun go nglacfaí le Dochtúireachtaí Tionsclaíocha faoi Scéim Chomhaltachta Walsh agus táthar ag súil go n-earcófar na céad iontrálaithe go déanach in 2009.

Tionóladh Seimineár Comhaltachta Walsh 2008 (13 léiriúchán ó bhéal agus 22 póstaer) i rith Seachtain na hEolaíochta 2008. D'fhreastail an



Bhí an Dr. Don Thornhill, Cathaoirleach na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais ina aoichainteoir ag Seimineár Comhaltachta Walsh de chuid Teagasc san RDS.

Dr. Don Thornhill, Cathaoirleach na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais mar aoichainteoir. Bhí an lucht féachana mar aon leis na breithiúna an tógtha leis an mbuaiteoir, an tÚasal Galatios Moschonas as Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh, lena chur i láthair ar 'Milleadh Paca Séidte: Fionnachtain, Nuálaíocht agus Aistriú Teicneolaíochta'.

Iar-Dhochtúireachtaí
Dréachtaíodh agus ceadaíodh téarmaí agus coinniollacha scéime nua agus tá agallaimh idir lámha do líon postanna ceadaithe iardhochtúireachta.




Maoin Intleachtúil

Tá feidhmeannas corparáideach um maoin intleachtúil (MI) curtha ar bun i Teagasc ó 2006 i leith chun tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí ar shaincheisteanna uile MI. Mar gheall ar mhéadú suntasach i maoiniú do thaighdeoirí Teagasc, go háirithe ó Fhiontraíocht Eolaíochta Éireann (SFI) agus ó Fhiontraíocht Éireann (EI), tá gá le comhaontuithe ardleibhéil idir páirtithe acadúla agus tionscail agus is mó an bhéim a leagtar ar luach tráchtála aschuir taighde den chineál seo.

Ó tharla go bhfuil rithábhacht ag baint le feachtas agus ceannach isteach ó thaighdeoirí agus ón bPríomh-Imscrúdaitheoir, leanadh le hoiliúint a chur ar thaighdeoirí i bhfoirm léiriúcháin agus ceardlanna, cinn ginearálta agus cinn eile dírithe ar thionscadail ar leith; tá méadú dá réir tagtha ar thuiriscíú aireagáin agus comhdú paitinní.

Mar gheall ar na naisc iomadúla idir Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus taighdeoirí Teagasc, An Chloch Liath, sa réimse 'Bia agus Sláinte', tá go leor de na teicneolaíochtaí paitinnithe faoi chomh-úinéireacht ag an dá pháirtí. Bunaíodh comhchoiste Tráchtálaíochta MI in 2007 chun an punann paitinní a bhainistiú agus déanam sé an-iarracht luach tráchtála a bhaint amach do theicneolaíochtaí dá leithéid agus mar thoradh ar sin rinneadh roinnt measúnuithe agus socraíodh ceadúnais eisiacha le comhlachtaí oiriúnacha bia agus déiríochta in 2008.

An tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc; Galatios Moschonas, buaiteoir sheiminéar bliantúil comhaltachta Walsh as a chur i láthair ar 'Mhilleadh Paca Séidte'; agus Billy Reynolds, Cathaoirleach, Coiste Talmhaíochta agus Gnóthaí Tuaithe an RDS.



Taighdeoir Teagasc Sinead Waters, le daltaí agus iad ar cuairt chuig Ionad Taighde um Tháirgeadh Ainmhithe Bhaile Átha an Rí mar chuid den tSeachtain Eolaíochta.

Ar dheis: Na daltaí Marion Ruane agus Gary Heagney agus péist ribíneach á scrúdú acu.

cheadúnais sa bhliain 2008 le hais 2007. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar ghlanioncam ó mheasúnú comhlachtaí agus ó cheadúnais sna blianta amach romhainn, agus tá bainistiú proifisiúnta ar mhaoin intleachtúil rithábhachtach chun iomaíochas a mhéadú sa bhithgheilleagar agus chun luach ar airgead a chur ar fáil tríd an leas is fearr a bhaint as torthaí taighde an tionscail.

Seirbhísí leabharlainne agus faisnéise

Is é príomhaidhm na seirbhíse leabharlainne i gcónaí ná seirbhísí feabhsaithe leictreonacha a chur ar fáil. Leathnaíodh ar Sheirbhís na nIrisí Leictreonacha chun breis is 200 ríomh-irisleabhar a chur ar fáil agus taifeadh 3,000+ seisiún úsáideora. Cuireadh rochtain ar an nGreasán Eolaíochta 'Web of Science' ar fáil chomh maith chun teacht ar litríocht eolaíoch a fheabhsú mar aon le cuardach luanna agus áiseanna rianaithe. Cuireadh oiliúint ar fáil do thaighdeoirí ar an gcaoi chun na hacmhainní atá ar fáil a úsáid agus tugadh láithreán greasáin na Leabharlainne suas chun dáta chun gurbh éasca teacht ar acmhainní.

Ar na mórbhearta eile a cuireadh i gcrích sa bhliain 2008 tá comhaontuithe a tugadh chun críche le haghaidh mórthionscadail comhoibríochta ar nós 'Bia um Shláinte na hÉireann' faoi stiúir Fiontraíocht Éireann agus an Tionscal, 'Tionscnamh Feidhm-Bhia Muiri' arna mhaoiniú ag an Roinn Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Iascaigh agus Foras na Mara, agus trí cinn de Bhraislí Straitéiseacha Taighde (SRC) arna mhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Meastar go dtiocfaidh méadú ar cheadúnú teicneolaíochtaí Teagasc sna blianta amach romhainn mar thoradh ar thionscnaimh den chineál seo.

Tá de thoradh ar na tosca sin le chéile gur beag nár tháinig méadú faoi dhó ar thuiriscíú aireagán, iarratais ar phaitinní agus comhaontuithe um measúnú /

Leanadh le hacmhainní clóite riachtanacha a shealbhú chun tacú le cláir taighde agus comhlíonadh os cionn 1800 iarratas ar dhoiciméid i rith na bliana 2008.

Cuireadh scéim ar bun chun Céimí faoi Oiliúint Leabharlainne a earcú. Bunaíodh í seo ar scéimeanna comhchosúla sna leabharlanna acadúla, agus thosaigh an céimí ag obair gar do dheireadh na bliana.

Scribhneoireacht Eolaíochta

Dhírigh an Fheidhm Scribhneoireachta Eolaíochta ar na réimsí seo a leanas in 2008:

Foilseacháin

Táirgeadh ceithre eagrán d'iris nuálaíochta agus taighde Teagasc 'TRearch', lena n-áirítear eagrán speisialta chun cothrom 50 bliain de An Foras Talúntais a cheiliúradh. Foilsíodh dhá eagrán den 'Irish Journal of Agricultural and Food Research' faoi dhealramh nua.

Seachtain na hEolaíochta

Déanam an clár 'Faigh amach faoin Eolaíocht agus faoin Innealtóireacht' (DSE) de chuid Forfás comhordú ar an tSeachtain Eolaíochta, a bhfuil sé mar aidhm aige suim a mhéadú in eolaíocht, teicneolaíocht, nuálaíocht agus innealtóireacht i measc mic léinn, múinteoirí agus an ghnáth-phobail. Thionóil Teagasc sraith

imeachtaí do dhaltáí dara leibhéal (Baile an Ásaigh, Baile Átha an Rí, an Ghráinseach agus An Chloch Liath), tríú leibhéal (Páirc na Darach), ceathrú leibhéal (Seimineár Bliantúil Comhaltachta Walsh); agus don phobal i gcoitinne (sraith chainteoirí san RDS – áit ar thug an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc, caint ar 'An Dá Ábhar Imní Domhanda: Bia agus Fuinneamh').

Teilifís

Ghlac taighdeoirí de chuid Teagasc páirt in 'Crops of the Future' sa dara sraith den seó teilifíse 'The Investigators' ar RTÉ (262,000 lucht féachana). Ba iad Eimear Gallagher agus Nigel Brunton (Ionad Taighde

Bia Bhaile an Ásaigh) a ghlac páirt sa réimse 'Nútraiceodaigh', ghlac Denis Griffin agus Dan Milbourne (Ionad Taighde Barr i bPáirc na Darach) páirt sa chlár póraithe prátaí agus ghlac Matthew McCabe (An Ghráinseach) páirt i 'pharming'.

Córais Faisnéise na Bainistíochta Riosca

Cuireadh punann de na tionscadail taighde ar fad in airde ar láithreán greasáin Teagasc. Tá an pleán athfhorbartha bogearraí ar feitheamh go dtí go ndéanfar cinntí athstruchtúraithe eagraíochtaí.

An t-eolaí Dan Milbourne agus an clár teilifíse 'The Investigators' á scannánú.





I láthair ag plandáil crann i Teagasc, An Chloch Liath ag ceiliúradh cothrom 50 bliain bhunú AFT bhí an tOllamh Liam Donnelly; Ceann an Ionaid, ionad Taighde Bia, an Chloch Liath; An Dr. Rita Hickey, an comhalta foirne is nuá agus Michael Reidy, an comhalta is faide ar an bhfoireann.

Pleanáil Gnó agus Bainistíocht Riosca

Ullmháiodh Ráiteas Straitéise nua don tréimhse 2008 go dtí 2010 i ndiaidh comhairle inmheánach agus seachtach a ghlacadh.

Ullmháiodh doiciméid phleanála corparáideacha (Plean Gnó Forasach Cúig Bliana, Clárann Rioscaí Corparáideacha agus Clár Bliantúil) agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia iad chun riachtanais rialála a chomhlionadh. Ina theannta sin, ullmháiodh plean Gnó foirmiúil Leibhéal 1 don Údarás agus rinneadh athbhreithniú air i rith na bliana.

Tugadh treoirinte Meastóireachta ar Infheistíocht Chaipitiúil suas chun dáta agus rinneadh athbhreithniú ar bhreithmheasanna tionscadal caipitil i rith na bliana.

Beidh pleananna d'fhorbairt Chreat Faisnéise Bainistíochta cuimsitheach ar aon dul leis an atheagrú ginearálta ar struchtúir atá idir lámha faoi láthair.

Sláinte agus Sábháilteacht

Mar chuid de thionscnamh seachanta Teagasc / Údarás Sláinte agus Sábháilteachta cuireadh oiliúint ar 3,000 feirmeoirí fásta ar chúrsa d'fhormáid nua. Tugadh staidéar geospásúil náisiúnta ar thionóiscí feirme chun críche agus cuireadh na torthaí i láthair ag comhdháil Sábháilteachta Feirme Uile-Oileáin.

Tharla 21 tionóisc mharfacha sa phobal feirmeoireachta in 2008, ardú suntasach é sin ar an mbliain roimhe sin nuair a maraíodh 11 duine.

Tugadh fíorú an chórais bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta chun críche trí cheithre iniúchadh suímh agus oiliúint a chur ar 92 comhalta foirne. Rinneadh suirbhé Radóin in 18 láthair. Tuairiscíodh 32 tionóisc in 2008, agus bhí 16 comhalta foirne ar ais ag obair laistigh de thrí lá ina dhiaidh sin.

Seirbhísí Réadmhhaoinne


Ag teacht leis an mBuiséad Caipitil bliantúil, tugadh díolacháin chun críche ar bhfiú €4.755 milliún iad i rith na bliana agus tháinig críoch le ceannacháin suíomhanna i Liatroim agus i Luimneach (€0.615m). B'fhíú €2 million ar an iomlán an Clár Caipitil Beag a chuireann maoiniú ar fáil do mhiontionscadail feabhsaithe ag réimse suíomhanna ar fud na tíre. Rinneadh athnuachan ar 6 léas i rith na bliana.

Ó tháinig an Plean Caomhnaithe Chaisleán Bhaile Sheáin chun críche in 2007, tá Teagasc ag obair i gcomhar le Comhairle Oidhreachta na hÉireann agus le hIonataobhas Oidhreachta na hÉireann chun staidéar féidearthachta a fhorbairt chun bealaí ina bhféadfaí an Caisleán a úsáid amach anseo a aithint.

Bainistíú Athruithe

Neartaíodh ar an bhfeidhm mheasúnaithe i Teagasc nuair a leithdháileadh breis acmhainní air in 2008. Ba iad an dá phríomhthionscadal a rinne an tAonad Measúnaithe in 2008 ná an measúnú a rinneadh ar an straitéis Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide 2002-2006 agus an t-athbhreithniú piaraí ar an gclár taighde comhshaoil. Tá measúnú ar Straitéis Acmhainní Daonna, athbhreithniú piaraí ar chuid den chlár taighde bia agus measúnú ar an teastas agus ardeastas i marcachas agus i ngrá a bhainistíú idir lámha agus tiocfaidh siadsan chun críche go luath in 2009.

Ceanncheathrú Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach.



HUK MOK Anailísí Feidhmchlár Ceanncheathrú Teagasc

Córas Bainistíochta Doiciméad Teagasc

Rugadh Huk Mok i Hong Kong agus fuair sé oideachas in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, áit ar bhain sé M.Sc. amach in Eolaíocht Ríomhaireachta. D'oibrigh sé i dteicneolaíocht na fáisneise in Éirinn, i gCeanada, i Hong Kong agus i Malaeisia. Thosaigh sé ag obair mar anailísí feidhmchlár le Teagasc in 2005 agus é ag obair as Páirc na Darach agus tá sé freagrach as an gCóras Bainistíochta Doiciméad laistigh de Teagasc a leagan amach.

Is eagraíocht eolais i Teagasc, agus déantar méideanna ollmhóra eolais a tháirgeadh gach bliain. Cruthaíonn, úsáideann, athúsáideann agus dáileann an fhoireann eolas go leanúnach. Tá méideanna suntasacha d'eolas Teagasc i bhfoirm páipéir, tuarascálacha, bunachar sonraí agus comhairle scríofa ar réimse leathan tionscadal agus ábhar. Ní mór na socmhainní eolas seo a bhainistíú go cúramach agus a choinneáil slán. Tugadh Córas Bainistíochta Doiciméad (CBD) isteach go Teagasc i mí na Nollag 2007 chun

cuidiú le bainistíú na sócmhainní seo. Baineadh feidhm as in Ionad Taighde Mairteola na Grainsí mar thionscadal píolótach. Tá an CBD gnóthach le ranna eile anois lena n-áirítear an Stiúrtóireacht Taighde Talmhaíochta, an Stiúrtóireacht Riaracháin agus an Stiúrtóireacht Chomhairleach. Tá beartaithe é a úsáid i ranna eile sa bhliain 2009.

Is é an úsáid is fearr a bhaintear as an CBD ná chun doiciméid neamhstruchtúrtha a bhainistíú ar nós doiciméid pháipéir a scanadh, grianghraif, doiciméid MS-Office, PDFanna srl. Tugann sé deis d'úsáideoirí an t-eolas a theastaíonn uathu a fháil ar ais go tapa trí úsáid a bhaint as na huirlísí cuardaigh a chuireann an CBD ar fáil.

Oireann an CBD go breá do bhainistíú doiciméadú cliant i Stiúrtóireacht na Seirbhísí Comhairleacha. Cuireadh leagan píolótach in úsáid in Aonad Bainistíochta Loch Garman chun doiciméadú cliant a ghabháil don scéim REPS4. Cuimsítear na doiciméid ar

fad a bhaineann le cliant a bhíonn rannpháirteach i REPS4 sa CBD. Déantar na doiciméid seo a innéacsú de réir Chomhartha Aitheantais (CA) an Chliant, Sloinne an Chliant, Céad ainm an Chliant, Cineál Doiciméid agus Bliain na Scéime.

Is féidir le baill foirne na Seirbhíse Comhairlí, Pleanálaithe agus lucht Riaracháin na doiciméid a fháil ar ais go héasca bunaithe ar na hairíonna sin, rud a laghdaíonn ar an méid ama a thógann sé seirbhís a chur ar fáil do chustaiméir agus an méid doiciméad a bhíonn i bhfoirm páipéir. Tá an CBD deartha ar bhealach a chinntíonn go bhfuil sé sách solúbtha chun freastal ar scéimeanna eile. Tá pleananna i bhfeidhm chun an CBD a leathnú le gur féidir leis glacadh le gach doiciméad cliant, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta an Chláir 'Options', ithirshamplaí, iarratais ó mhic léinn srl. Is é an aidhm ná bainistíocht doiciméad níos fearr, gan bhriseadh gan bhearna, agus seirbhís feabhsaithe a chur ar fáil do chliant.

Oifigeach na bPinsean Catherine McCague i mbun seimneáir in 2008.

Rinneadh dul chun cinn ar an gClár Fís Taighde in 2008 agus tá obair fhorbartha tosaithe ar na tionscadail a sonraíodh sa Chlár agus Grúpa Stiúrtha bunaithe do gach ceann de na tionscadail. Rinneadh suirbhé ar na foirgnimh ar fad maidir le rochtain bhunúsach agus tá suirbhé éifeachtúlachta fuinnimh idir lámha.

An Ghaeilge

Sonraíodh plean gníomhaíochta chun Scéim Ghaeilge a chur i bhfeidhm in 2008 agus tá dul chun cinn déanta i roinnt réimsí lena n-áirítear tionscnaimh oiliúna, gníomhaíochtaí a aithint sa scéim faoi ICT agus an dátheangachas a úsáid ag mór-imeachtaí poiblí laistigh den eagraíocht i rith na bliana.

Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí (CSAP) 2008-2010

Áirítear ar thorthaí CSAP 2008:

Caighdeán Seirbhíse ar Ardchaighdeán

Léirigh 2000 cárta aiseolais a fuarthas ó chliaint na Seirbhíse Comhairlí in



2008 go raibh 72% díobh an sásta le caighdeán na seirbhíse a fuair siad. Bhí 24% sásta, 2% míshásta agus 2% thar a bheith mí-shásta.

Comhionannas/Éagsúlacht

Aistríodh trí chúrsa de chuid Chomhairle na nDámhachtainí Breisoidreachais agus Oiliúna (FETAC) go Teangacha Oirthear na hEorpa

Rochtain Fhisiciúil

Rinneadh suirbhé ginearálta ar fhoirgnimh Teagasc ar fad in 2008 maidir le rochtain. Tugadh faoi iniúchadh mionsonraithe iomlán rochtana:

- i gColáiste Chill an Dáltúnaigh
- in Oifigi Comhairleacha agus Oiliúna Phort Laoise
- in Oifig Chomhairleach Ros Comáin
- in Oifig Chomhairleach an Mhuileann gCearr
- i gColáiste Bhéal Átha hÉis (cuid de)

Eolas

- 94 preasráiteas eisithe
- 4 eagrán den irisleabhar 'TResearch'
- 6 eagrán de 'Today's Farm'
- 43,000 nuachtlitr míosúil seolta chuig cliaint na seirbhíse comhairlí leis an taighde is deireanaí
- 3 eagrán de 'Moorpark News'
- 3 eagrán den 'Ashtown Food Innovator'

Tráthúlacht agus Cúirtéis

Luaigh 96% de na cártaí aiseolais a líonadh isteach (fuarthas 2000 cárta aiseolais) go raibh an tseirbhís a fuair siad sciobtha agus éifeachtúil. Dúirt 99% gur caitheadh leo le cúirtéis.

Gearáin

Tá cártaí aiseolais le fáil in gach oifig.

Achomhairc

Talmhaíocht Leibhéal 5 – Sástacht le próiseas measúnaithe achomharc – 41% an-sásta, 51% sásta, 7% réasúnta sásta agus 1% mí-shásta.

Comhairle agus Meastúchán

Chas 21 grúpa comhpháirtíochta geallsealbhóirí ar a chéile in 2008 agus iad ina n-ionadaithe ó 12 fiontar. D'fhreastail 81 eagraíocht agus 79 oibreoir ar chruinnithe comhpháirtíochta geallsealbhóirí.

Rogha

Cuireadh 128 cúrsa ar bun thar 1099 trathnóna. D'fhreastail 2,663 rannpháirtí ar chúrsaí lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.

Comhionannas do Theangacha Oifigiúla

Cuireadh oiliúint ar 8 comhalta foirne in 2008 agus iad ag ullmhú chun seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil.

Comhordú níos fearr

Chas 21 grúpa comhpháirtíochta geallsealbhóirí ar a chéile in 2008 agus iad ag déanamh ionadaíochta ar 12 fiontar. D'fhreastail 81 eagraíocht agus 79 oibreitheoir ar chruinnithe comhpháirtíochta geallsealbhóirí.

Custaiméirí Inmheánacha

Comhaontaíodh Prótacail um Sheirbhís do Chustaiméirí Inmheánacha idir na Bainisteoirí Sinsearacha agus Bainisteoirí na Comhpháirtíochta agus eisíodh chuig an bhfoireann ar fad iad.

RÁITIS AIRGEADAIS

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2008



Innovation in the countryside
101 ideas



by Peter Young & Paul McCarthy

RÁITIS AIRGEADAIS

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2008

CLÁR	Leathanach
TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	69
RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AN AIRGEADAIS	71
RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS	72
BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	73
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	75
CLÁR COMHARDAITHE	76
RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID	77
NÓTAÍ LE CUR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	78

TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS & CISTE

le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Theagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2008 iniúchta agam faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oilíúint agus Comhairle), 1988.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí Bhaill an Udaráis agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta Talmhaíochta (Taighde, Oilíúint agus Comhairle), 1988, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an tÚdarás na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leo go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Bhaill an Údaráis leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Údaráis.

Is í an fhreagracht atá ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas ábhartha dlíthiúil agus rialála agus Caighdeán Iniúchta Idirnáisiúnta (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tugaim mo thuairim ar na ráitis airgeadais agus cibé acu an dtugann siad léargas fíorcheart de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leo go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé acu ar coinníodh leabhair chuntais chuí dar liom. Lena chois sin, deirim cibé acu an dtugann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tugaim tuairisc ar aon chás ábhartha nár caitheadh suimeanna airgid ar na críocha a bhí beartaithe dóibh nó cás nach bhfuil na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe riachtanacha ar fad faighte agam chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaim an Ráiteas maidir le Rialú Inmhéanach Airgeadais le féachaint ar chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó má tá an ráiteas míthreorach nó gan a bheith ag teacht le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráiteas airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmhéanach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus scrúdaim í féachaint an bhfuil sí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais iniúchta.

Déanaim breithniú ar impleachtaí mo thuairisce má thugaim faoi deara go bhfuil míráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha nach dtagann leis na ráitis airgeadais.

Bonn Tuairim na hIniúcháireachta

Agus mé i mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Iniúchta Idirnáisiúnta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le bainistiú agus oibriúcháin chomhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna, faisnéisiú, agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a áirítear sna ráitis airgeadais. Áiríonn an t-iniúchadh chomh maith measúnacht ar na meastacháin agus ar na breithiúnais shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, mar aon le measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta d'imthosca an Údaráis, ar feidhmíodh iad go seasta agus ar nochtaiodh iad go sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh mo dhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid ba chúis leo. Le linn dom teacht ar mo thuairim, rinne mé measúnú freisin ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais ina n-iomláine.

TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS & CISTE

le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Béim ar Ábhar – Caiteachas ar Fhoireann

Tugadh faoi deara san iniúchadh gur tabhaíodh caiteachas ar leith a bhain le siamsaíocht agus le taisteal don fhoireann nach raibh bainteach go hiomlán le cúrsaí gnó. Níorbh fhéidir an chuid neamhéifeachtach a mheas go cruinn, áfach, mar gheall ar na cuspóirí measctha den chaiteachas ina raibh forbairt foirne ina measc. Dheimhnigh an tÚdarás dom, ar bhonn athbhreithnithe, go bhfuil beartais iomchuí ceaptha agus foilsithe anois maidir le siamsaíocht agus taisteal thar lear a bhaineann leis an bhfoireann, go bhfuil treoir leasaithe curtha i bhfeidhm a bhaineann le hiarratas ar bhuiséid agus go bhfuil an fhoireann curtha i gcuimhne faoi úsáid inghlactha a bhaint as cistí poiblí i ndáil le caiteachas a bhaineann le siamsaíocht.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Údaráis ag an 31 Nollaig 2008 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

John Buckley

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2009

RÁITEAS I dTAOBH RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH

Thar ceann Údarás Teagasc, is mian liom aitheantas a thabhairt dár bhfreagracht i leith a chinntiú go gcoinnítear córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh ar bun agus go bhfeidhmítear é.

Ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnach a sholáthar agus ní dearbhú absalóideach in aghaidh earráide ábhartha, míráitis nó cailleanais. Agus éifeachtúlacht rialuithe airgeadais inmheánaigh á meas, tugann an tÚdarás agus a Choiste Iniúchta aird, i measc rudaí eile, ar cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tá bearta curtha i gcrích ag an Údarás le cinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe iomchuí i bhfeidhm trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- freagrachtaí bainistíochta, údaráis agus cuntasachta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní Teagasc a chosaint;
- cultúr de chuntasacht a forbairt ar leibhéal uile na heagraíochta.

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an Údarás chun rioscaí gnó laistigh de Theagasc a aithint trí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- nádúr, méid agus impleacht airgeadais rioscaí atá os comhair Theagasc a aithint agus méid agus catagóirí na rioscaí a mheasann sé a bheith inghlactha san áireamh;
- an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta a mheas;
- cumas Teagasc a mheas maidir leis na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- na costais a bhaineann le rialuithe ar leith a mheas i gcoibhneas leis an sochar a fhaightear.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat de thuairisciú bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear roinnt dualgas agus córas tarmilgín agus cuntasachta ar a n-áirítear:

- córas cuimsitheach bliantúil um buiséadú agus thuairisciú airgeadais a ndéanann an tÚdarás athbhreithniú agus faomhadh air;
- athbhreithnithe rialta a dhéanann an tÚdarás ar an straitéis trí chéile, ar phleananna gnó agus airgeadais agus ar athraithe i gcomparáid le buiséid oibríocháin agus chaipitil.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag Teagasc, feidhm a oibríonn de réir na gceanglas atá sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit agus de réir na gcritéir éifeachtúlachta atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Theagasc a foilsíodh in 2007. Bíonn anailís ar na rioscaí a bheadh ann do Theagasc mar chuid d'obair na hiniúcháireachta inmheánaí agus bunaítear pleananna bliantúla don iniúchadh inmheánach ar an anailís seo. Is é an Coiste Iniúchta a cheadaíonn na pleananna don iniúchadh inmheánach. In 2008 d'fhostaigh an tÚdarás saineolaí seachtacht chun comhairle a chur ar an gCoiste Iniúchta.

Bunaítear monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais um rialú airgeadais inmheánaigh ar na foinsí seo: obair an iniúcháir inmheánaigh, obair an Choiste Iniúchta a mhaoirsíonn obair an iniúcháir inmheánaigh, obair na mbainisteoirí feidhmiúchain de chuid Teagasc atá freagrach as creat rialuithe an airgeadais a forbairt agus a chaomhnú, agus barúlacha a thug an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

Dearbhaim go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar an éifeachtúlacht a bhaineann leis na córais um rialú airgeadais inmheánaigh sa bhliain 2008 agus gur cuireadh bearta iomchuí i bhfeidhm.

D'fhaomh an tÚdarás an tuarascáil ar an 'Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht a bhaineann le Córas um Rialú Airgeadais Inmheánaigh' ag a chruinniú an 7 Eanáir 2009. Mheas an Coiste Iniúchta an tuarascáil agus faisnéis chúlra eile a bhain leis an athbhreithniú a chuir an tIniúcháir Inmheánach i láthair ag a chruinniú an 4 Feabhra 2009.

An Dr Nollaig Mac Amhlaidh

Cathaoirleach

24 Meitheamh 2009

RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Faoi Alt 12(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, éilítear ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm a mbeidh faomhadh an Aire Talmhaíochta agus Bia aici le comhthoilú an Aire Airgeadais. Le linn na ráiteas airgeadais sin a ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta feiliúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn leanúnach ach amháin mura bhfuil sé feiliúnach glacadh leis go leanfaidh Teagasc de bheith i mbun oibre;
- aon difríochtaí ábhartha ó chaighdeán chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a nochtann, le cruinneas réasúnach ag am ar bith, seasamh airgeadais Theagasc agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na riachtanais reachtúla. Coinnítear na leabhair chuntais i gceanncheathrú an Údaráis i bPáirc na Darach, Ceatharlach. Ina theannta sin tá an tÚdarás freagrach as sócmhainní Theagasc a chosaint agus an méid is gá a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An Dr Nollaig Mac Amhlaidh
Cathaoirleach
24 Meitheamh 2009

James Brett
Ball den Údarás

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Is iad seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha atá glactha chuige féin ag Teagasc:

Bonn cuntasaíochta

Ullmhíodh na Ráitis Airgeadais faoi réir ag coinbhinsiún an chostais stairiúil, ach go gcuirtear sócmhainní áirithe isteach ar a luach measta (féach thíos), agus i bhfoirm atá arna faomhadh ag an Aire Talmhaíochta agus Bia le comhthoilú an Aire Airgeadais faoin Act Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Ullmhíodh na Ráitis Airgeadais agus úsáid á baint as modh cuntasaíochta na bhfabhrúithe agus de réir na gcleachtas cuntasaíochta is coitianta. Glactar leis na Caighdeáin Thuairiscithe Airgeadais atá molta ag na cuideachtaí cuntasaíochta aitheanta nuair a fheileann siad.

Maoiniú stáit

Áirítear maoiniú Stáit don earnáil bia agus don chomhchlár taighde Spreagtha ar bhonn fabhrúithe. Áirítear an maoiniú Stáit ar fad eile ar bhonn admhálacha airgid thirim.

Taighde agus tionscadail eile

Áirítear deontais le haghaidh taighde agus tionscadail eile mar ioncam sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas a bhaineann leo.

Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímhneas

Tógadh sócmhainní ón gComhairle Oiliúna Talmhaíochta agus An Foras Talúntais ar an 8 Meán Fómhair 1988 ag na luachanna deiridh a bhí i gCláir Chomhordaithe na gcomhlachtaí sin. Luaitear breiseanna ag a gcostas. Ní dhímheastar talamh. Discríobhtar costas nó luacháil sócmhainní seasta eile atá inár seilbh trí thráthchodanna cothroma thar an saol úsáideach a mheastar a bheidh acu mar seo a leanas:

Foirgnimh Feirme	20 bliain
Foirgnimh Eile	50 bliain
Gléasra agus Feithiclí	5 bliana
Trealamh Ríomhaireachta	3 bliana
Trealamh Saotharlainne agus Oifige	10 mbliana

Dímheastar sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais thar théarma an léasa má tá sé seo níos giorra ná an saol úsáideach a mheastar a bheidh acu.

Gearrtar dímhneas leathbhliana sna blianta a fuarthas agus a diúscaíodh na sócmhainní.

Léasanna

Déileáiltear le sócmhainní seasta a fhaightear faoi léasanna airgeadais de réir an bheartais thuasluaite faoi shócmhainní seasta. Áirítear an ghné chaipitiúil de na hoibleagáidí cíosa gaolmhara faoi dhliteanais, agus gearrtar an ghné úis ar chaiteachas thar théarma na buntréimhse léasa.

Gearrtar dímhneas leathbhliana sna blianta a fuarthas agus a diúscaíodh na sócmhainní.

Léasanna

Déileáiltear le sócmhainní seasta a fhaightear faoi léasanna airgeadais de réir an bheartais thuasluaite faoi shócmhainní seasta. Áirítear an ghné chaipitiúil de na hoibleagáidí cíosa gaolmhara faoi dhliteanais, agus gearrtar an ghné úis ar chaiteachas thar théarma na buntréimhse léasa.

Gearrtar cíosanna ar léasanna oibriúcháin sa chuntas caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

Cuntas caipitil

Is ionann an t-iarmhéid ar an gcuntas seo agus luach neamhamúchta cistí a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach.

Stoic

Oifigigh Theagasc a chuir luach ar na stoic. Cuirtear luach ar bheostoc agus táirgí feirme ag glanluach measta inréadaithe. Cinnítear glanluach inréadaithe ar an mbonn go ndíoltar ainmhithe le marú. Na gnóthachain agus cailleanais a eascraíonn as na luachálacha seo, léirítear iad ina n-iomláine san ioncam oibriúcháin. Cuirtear luach ar na stoic eile ar fad ag an raon is ísle costas agus glanluach inréadaithe.

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Féichiúnaithe

Discríobhtar drochfhiacha a luaithe is a aithnítear iad agus déantar soláthar ar leith má tá amhras ann an bhfaighfear íocaíocht.

Pinsin

Tá scéimeanna pinsin sochair shainithe ag Teagasc a fhaigheann maoiniú go bliantúil ar bhonn íoc mar thuilleann tú ó airgead a chuirtear ar fáil dóibh, airgead a chuireann an Roinn Talmhaíochta agus Bia ar fáil san áireamh, agus airgead a asbhaintear ó thuarastal bhail na foirne.

Déantar dliteanais Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireachta agus an modh aonaid réamh-mheasta á chur i bhfeidhm.

Tugann na costais phinsin léargas ar na sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad saor ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn Teagasc. Aithnítear méid atá cothrom leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid gur féidir é a aisghabháil, agus fritháirítear deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhíscaoileadh.

Na gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a d'eascair as athruithe i dtuimhí Achtúireacha agus as cistí barrachais agus easnaimh ó thaithí léirítear iad sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCailteanas Aitheanta don bhliain agus aithnítear coigeartú ag freagairt dóibh sa mhéid is féidir a fháil ar ais ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

Is ionann dliteanais phinsin agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin todhchaíochta atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil amach anseo ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh, agus Bia.

Moorepark Technology Limited

Is comhfhiontar atá i Moorepark Technology Limited idir Teagasc agus comharchumainn éagsúla talmhaíochta. Tá sealúchas 57% ag Teagasc i scairchaipiteal íochta na cuideachta. Ullmhaíodh ráitis airgeadais ar leith i ndáil le Moorepark Technology Limited. Measadh nár chuí torthaí na Cuideachta a chomhdhlúthú. (Nóta 14).

Airgeadra Iasachta

Bearta a shonraítear in airgeadraí eachtracha aistrítear go Euro iad agus cuirtear sa chuntas iad de réir na rátaí malartaithe a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na mbeart. Sócmhainní airgeadúla agus dliteanais a shonraítear in airgeadraí eachtracha aistrítear go Euro iad de réir na rátaí malartaithe a bhí i bhfeidhm ar dháta an Chlár Comhardaithe.

AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

An bhliain dar críoch an 31st Nollaig 2008

	Nótaí	31 Nollaig 2008 €'000	31 Nollaig 2007 €'000
Ioncam			
Maoiniú Stáit	2	148,873	149,802
Maoiniú an AE	3	1,684	1,361
Ioncam oibriúcháin	4	32,252	30,413
Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsin	9	21,982	26,162
Barrachas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	24	4,616	36,878
Deontais, deonacháin agus tobhaigh dheonacha		3,395	3,320
		<u>212,802</u>	<u>247,936</u>
Caiteachas	5	<u>213,933</u>	<u>205,106</u>
		(1,131)	42,830
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	12	(10,936)	(3,594)
Aistriú chuig an státchiste	24	0	(9,400)
(Easnamh)/Barrachas don bhliain airgeadais		<u>(12,067)</u>	<u>29,836</u>
Iarmhéid ag tús na bliana		<u>31,037</u>	<u>1,201</u>
Iarmhéid ag tús na bliana		<u>18,970</u>	<u>31,037</u>

RÁITEAS AR IOMLÁN NA nGNÓTHACHAN AGUS NA gCAILLTEANAS AITHEANTA

	Nótaí	31 Nollaig 2008 €'000	31 Nollaig 2007 €'000
(Easnamh)/Barrachas don bhliain airgeadais		<u>(12,067)</u>	<u>29,836</u>
Cailteanais ar dhliteanais scéime pinsin	9	(5,155)	(17,031)
Athruithe i mbuntoimhí de luach reatha dliteanais na bpinsean	9	(8,539)	169,389
(Cailteanas)/Gnóthachan Achtúireach ar dhliteanais phinsin		<u>(13,694)</u>	<u>152,358</u>
Coigeartú i maoiniú pinsin iarchurtha		<u>13,694</u>	<u>(152,358)</u>
(Cailteanas)/Gnóthachan Aitheanta Iomlán don bhliain		<u>(12,067)</u>	<u>29,836</u>

Baineann na suimeanna thuas ar fad le hoibriúcháin atá fós ar siúl. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 26.

An Dr Nollaig Mac Amhlaidh
Cathaoirleach

An tOllamh Gerry Boyle
Stiúrthóir

CLÁR COMHARDAITHE

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2008

	Nótaí	31 Nollaig 2008 €'000	31 Nollaig 2007 €'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	13	94,338	83,402
Sócmhainní airgeadais	14	2	2
		<u>94,340</u>	<u>83,404</u>
Sócmhainní reatha			
Stoic	16	5,543	5,145
Féichiúnaithe	17	9,437	7,603
Iarmhéideanna bainc		30,236	41,992
Taiscí gearrthréimhseacha		598	677
		<u>45,814</u>	<u>55,417</u>
Creidiúnaithe - Méideanna dlite laistigh de bhliain			
Creidiúnaithe agus fabhrúithe	18	13,635	15,294
Ioncam iarchurtha	19	13,211	9,088
		<u>26,846</u>	<u>24,382</u>
Glansócmhainní reatha		<u>18,968</u>	<u>31,035</u>
Sócmhainní iomlána lúide dliteannais reatha roimh phinsin		113,308	114,439
Maoiniú pinsin iarchurtha	9	871,574	835,898
Dliteannais na bpinsean	9	(871,574)	(835,898)
		<u>0</u>	<u>0</u>
Glansócmhainní reatha		<u>113,308</u>	<u>114,439</u>
Arna ionadú ag			
Cuntas caipitil	12	94,338	83,402
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		18,970	31,037
		<u>113,308</u>	<u>114,439</u>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 26.

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2008

	Nótaí	31 Nollaig 2008 €'000	31 Nollaig 2007 €'000
Imréiteach barrachas oibriúcháin le glaninsreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin (Easnamh) / Barrachas oibriúcháin		(12,067)	29,836
Dimheas	13	6,953	6,748
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	12	10,936	3,594
Ús faighte		(1,643)	(839)
Brabús ar dhíol sócmhainní seasta (Méadú) i stoic		(4,616)	(36,878)
(Méadú) i bhféichiúnaithe		(398)	(181)
(Laghú) / Méadú i gcreidiúnaithe agus dliteannais fhadtréimhseacha		(1,834)	(2,383)
Méadú in ioncam iarchurtha		(1,659)	413
		<u>4,123</u>	<u>4,718</u>
Glan(eis-sreabhadh) / insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		<u>(205)</u>	<u>5,028</u>
RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID			
Glan-eis-sreabhadh / insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		<u>(205)</u>	<u>5,028</u>
Toradh ar infheistíocht agus fónamh ar airgeadas			
Ús faighte		1,643	839
Glan-insreabhadh airgid ó fháltais ar infheistíocht agus fónamh ar airgeadas		1,643	839
Gníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	13	(18,185)	(10,586)
Fáltais ó dhiúscairtí sócmhainní seasta inláimhsithe		4,912	37,126
Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		<u>(13,273)</u>	<u>26,540</u>
Maoiniú			
Aisíocaíochtaí iasachta réadmhaoine		0	(4)
Glan-eis-sreabhadh airgid ó mhaoiniú		0	(4)
(Laghú) / Méadú in airgead tirim	23	<u>(11,835)</u>	<u>32,403</u>
Imréiteach ghlan-sreabhadh airgid le gluaiseacht i nglanchistí			
Méadú in airgead tirim	23	(11,835)	32,403
Glanchistí ar an 1 Eanáir		42,669	10,266
Glanchistí an 31 Nollaig		<u>30,834</u>	<u>42,669</u>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 26.

NÓTAÍ LE CUR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS ...ar leanúint

6 Anailís ar chostais oibríocháin ghinearálta

	Údarás, Ceanncheathrú agus Náisiúnta	Seirbhís Chomhairleach	Oiliúint agus Forbairt	Taighde ar Tháirgeadh Talmhaíochta	Taighde Bia	2008 €'000	2007 €'000
Soláthairtí/seirbhísí feirmeoireachta	2	12	1,613	2,370	11	4,008	3,087
Cothabháil / deisiúcháin	632	1,288	1,670	1,901	2,416	7,907	6,375
Cíosanna/rátaí/árachais	40	799	380	1,038	482	2,739	2,370
Postas/teileafóin	672	1,175	169	304	127	2,447	2,417
Cumhacht/breosla/peitreal	124	448	563	1,006	523	2,664	2,185
Soláthairtí saotharlainne	1,405	2	122	1,113	1,128	3,770	4,087
Priontáil/stáiseanóireacht/poiblíocht	1,912	991	417	385	191	3,896	3,768
Soláthairtí seimneáir/seomra ranga/ leabharlainne	386	274	236	121	311	1,328	1,251
Seirbhísí gníomhaireachtaí seachttracha	1	338	12	287	39	677	454
Soláthairtí ceantín na mac léinn & na foirne	0	1	518	184	83	786	668
Soláthairtí/seirbhísí TFC	1,058	121	401	473	405	2,458	3,169
Táillí dlí/gairmiúla (Nóta 10)	1,051	66	204	327	220	1,868	1,953
Costais lighnéitheacha na gclár	2	36	204	824	885	1,951	1,737
Imeachtaí speisialta agus ilchineálacha	46	371	27	394	22	860	194
	7,331	5,922	6,536	10,727	6,843	37,359	33,715

NÓTAÍ LE CUR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS ...ar leanúint

	2008 €'000	2007 €'000
7 Barrachas trádála beostoic		
Diolacháin	2,833	2,675
Deontais agus fóirdheontais	789	699
Ioncam iomlán ó thrádáil beostoic	3,622	3,374
Stoc tosaigh	4,187	4,167
Ceannacháin	1,217	853
Lúide: Stoc deiridh	5,404	5,020
	(4,701)	(4,187)
Costas iomlán díolachán beostoic	703	833
Barrachas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais (Nóta 4)	2,919	2,541
8 Foireann	2008	2007
Seo a leanas an meánlíon foirne a fostaíodh i rith na bliana:		
Gairmiúil	824	796
Teicniúil	199	210
Riarachán/cléireachas	282	288
Feirm/teaghlaigh	285	302
	1,590	1,596
9 Aoisliúntas		

Forálann Alt 9 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988 do bhunú scéimeanna do dheonú sochar aoisliúntais maidir le baill foirne ceaptha ag Teagasc agus baill foirne aistrithe chuig Teagasc ón gComhairle Oiliúna Talmhaíochta agus An Foras Talúntais.

Go dtí go ndéanfaidh an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, an tAire Airgeadais agus an tOireachtas dréacht-scéimeanna aoisliúntais a fhaomhadh, reachtálann Teagasc scéimeanna aoisliúntais ar bhonn riaracháin.

Lena chois sin tá Teagasc i mbun riaracháin ar dhá scéim aoisliúntais (Scéim Aoisliúntas Ball Foirne na gColáistí Talmhaíochta, 1985 agus Scéim Pinsin Ranniocaigh Talmhaíochta Céilí agus Leanaí na gColáistí Talmhaíochta, 1985) i leith ball foirne ar leith a bhí fostaite ag Coláistí Talmhaíochta agus Gairneoireachta faoi úinéireacht phríobháideach, agus is é an Státchiste atá freagrach as costas na dtuarastal sin trí ghníomhaireacht Theagasc.

Is scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe iad na scéimeanna thuasluaite. Ní choimeádtar ciste ar leith, agus ní choinnítear sócmhainní, chun íocaíocht pinsean agus aiscí a mhaoiniú. Taispeántar meastachán achtúireach ar dhliteanais todhcháiocha atá ag fabhrú i leith sochar todhcháiocha sa Chlár Comhardaithe.

Ba é an meánlíon pinsean míosúil a íocadh i rith na bliana 1,432 (2007 -1,425).

NÓTAÍ LE CUR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS ...ar leanúint

Costais aoisliúntais

(i) Anailís ar chostas iomlán na bpinsean a gearradh ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais

	2008 €'000	2007 €'000
Costas seirbhíse reatha	14,462	18,410
Ús ar dhliteanais scéime	45,454	43,849
Ranníocaíochtaí foirne	(4,959)	(4,628)
	54,957	57,631

(ii) Gluaiseacht i nglanlíteanas pinsean i rith na bliana airgeadais

	2008 €'000	2007 €'000
Glanlíteanas pinsean ar an 1 Eanáir	835,898	962,094
Costas seirbhíse reatha	14,462	18,410
Sochair a íocadh	(37,934)	(36,097)
Ús ar dhliteanais scéime	45,454	43,849
Caillteanas / (Gnóthachan) Achtúireach	13,694	(152,358)
	871,574	835,898

(iii) Sócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin

Aithníonn Teagasc sócmhainn mar mhéid comhfhreagrach don dliteanas iarchurtha neamh-maoinithe do phinsin bunaithe ar an sraith toimhdí a ndearnadh cur síos orthu thuas agus líon na n-imeachtaí a tharla roimhe sin. I measc na n-imeachtaí seo tá an bonn reachtúil do bhunú na scéimeanna aoisliúntais agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le maoiniú pinsean seirbhíse poiblí, ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil san áireamh. Cé nach bhfuil comhaontú foirmiúil i dtaobh na méideanna áirithe seo leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia, níl fianaise ar bith ag Teagasc nach leanfar leis an mbeartas maoinithe seo d'fhonn suimeanna dá leithéid a íoc mar a dhéantar faoi láthair.

	2008 €'000	2007 €'000
Glanmaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean sa bhliain		
Maoiniú ar féidir a fháil ar ais maidir le pinsin na bliana reatha	59,916	62,259
Maoiniú a cuireadh i leataobh chun pinsin a íoc	(37,934)	(36,097)
	21,982	26,162

Bhí an tsócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin cothrom le €872 milliún ag an 31 Nollaig 2008 (2007 - €836 milliún).

(iv) Stair de dhualgais sochair shainithe	2008 €'000	2007 €'000	2006 €'000
Caillteanais ó thaithí	(5,155)	(17,031)	(26,362)
Céatadán de luach reatha dliteanas scéime	0.6%	2.0%	2.7%
Athruithe i dToimhdí	(8,539)	169,389	14,999
Céatadán de luach reatha dliteanas scéime	0.98%	20.3%	2.6%
(Caillteanas) / Gnóthachan achtúireach aitheanta sa STRGL	(13,694)	152,358	(11,363)

NÓTAÍ LE CUR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS ...ar leanúint

Is é €11,329,000 an cailteanas achtúireach carnach a léirítear sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána.

(v) Cur síos Ginearálta ar an Scéim

Is socrú é an scéim pinsin a bhaineann le críoch-thuarastal don phinsin sochair shainithe ina bhfuil sainmhíniú ar shochair agus ranníocaíochtaí le tagairt don "sampla" reatha de rialacháin scéime na hearnála poiblí. Cuireann an scéim pinsean ar fáil (an t-ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), mar aon le cnapshuim aisce (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéili agus leanaí. Is é 65 bliain d'aois an aois scoir do bhaill go hiondúil agus bíonn baill, a tháinig isteach roimh 2004, i dteideal éirí as gan laghdú achtúireach ó 60 bliain d'aois ar aghaidh. Méadaíonn íocaíochtaí pinsin (agus iarchur íocaíochtaí) de ghnáth de réir mar a tharlaíonn boilsciú tuarastail san earnáil phoiblí ginearálta.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh do nochtáí FRS17 ar luacháil achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách an 28 Eanáir 2009 chun riachtanais FRS17 (athbhreithnithe) a chur san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheas an 31 Nollaig 2008.

Is iad seo a leanas na príomh-thoimhdí achtúireacha a úsáideadh chun dliteanais faoi FRS17 a ríomh:

	2008 % in aghaidh na bliana	2007 % in aghaidh na bliana
Méadú sa ráta boilscithe	2.00	2.50
Méadú sa ráta boilscithe	3.50	4.00
Méadú sa ráta pinsin	3.50	3.50
Ráta lascaire na ndliteanas scéime	5.70	5.50

Glacadh ráta báis a chuireann feabhsúcháin san áireamh a bhaineann le hionchas saoil in am is i dtráth, sa chaoi agus go mbraitheann ionchas saoil ag am scoir ar an mbliain a shroicheann ball aois scoir (65 bliana d'aois). Léiríonn an tábla thíos an t-ionchas saoil do bhaill a shroicheann 65 bliain d'aois sna blianta 2008, 2028 agus 2048.

Bliain a shroicheann baill 65 bliain d'aois	2008	2028	2048
Ionchas saoil – fear	85.7	86.8	86.8
Ionchas saoil – bean	88.8	89.8	89.8

Bunaithe orthu seo agus toimhdí eile agus an modh aonaid réamh-mheasta luaite i FRS17 a chur i bhfeidhm, seo a leanas luach reatha dliteanais na scéime pinsin:

	2008 €'000	2007 €'000
Dlíteanais charntha i leith baill ghníomhacha scéime	367,429	344,604
Dlíteanais i leith pinsinéirí reatha agus pinsin iarchurtha	504,145	491,294
	871,574	835,898

Tháinig athrú ar thoimhdí déimeagrafacha agus tá cailteanas achtúireach dá bharr.

(vi) Nochtáí Athbhreithnithe FRS 17

Cuireadh an t-eolas faoi phinsin i láthair de réir na riachtanais nua nochtá ó 2008 ar aghaidh faoi leasú a rinneadh ar FRS 17.

10 Táille iniúchta

Áiríodh soláthar de €50,500 sa chaiteachas i leith luach saothair an iniúcháir do 2008 (2007 - €50,500).

NÓTAÍ LE CUR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS ...ar leanúint

11 Táillí agus luacha saothair an Údarás

Íocadh na luacha saothair seo a leanas le baill den Údarás:

	2008 €'000	2007 €'000
Cathaoirleach	24	24
Baill eile den Údarás	124	124
	<u>148</u>	<u>148</u>

Áirítear na méideanna seo sa chaiteachas pá iomlán a áirítear faoi Nóta 5 thuas.

12 Cuntas caipitil

	2008 €'000	2007 €'000
Iarmhaid an 1 Eanáir	<u>83,402</u>	<u>79,808</u>
Aistriúcháin ón gcuntas ioncaim agus caiteachais		
Méid caipitilthe i leith sócmhainní ceannaithe	18,185	10,586
Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí	(296)	(248)
Aisiocaiocthaí iasachta réadmhaoine	0	4
	<u>17,889</u>	<u>10,342</u>
Lúide: Amúchta ar aon dul le dímhéas sócmhainní	<u>(6,953)</u>	<u>(6,748)</u>
	<u>10,936</u>	<u>3,594</u>
Iarmhaid an 31 Nollaig	<u>94,338</u>	<u>83,402</u>

13 Sócmhainní seasta inláimhsithe

	Talamh €'000	Foirgnimh €'000	Gléasra & Trealamh €'000	Iomlán €'000
Costas nó luacháil				
Ag tús na bliana	5,810	86,997	62,155	154,962
Breiseanna	0	13,188	4,997	18,185
Diúscairtí	0	(129)	(7,275)	(7,404)
Ag deireadh na bliana	<u>5,810</u>	<u>100,056</u>	<u>59,877</u>	<u>165,743</u>
Dímhéas carntha				
Ag tús na bliana	0	30,107	41,453	71,560
Muirear don bhliain	0	2,341	4,612	6,953
Diúscairtí	0	(124)	(6,984)	(7,108)
Ag deireadh na bliana	<u>0</u>	<u>32,324</u>	<u>39,081</u>	<u>71,405</u>
Glanmhéideanna sna leabhair				
Ag tús na bliana	5,810	56,890	20,702	83,402
Ag deireadh na bliana	<u>5,810</u>	<u>67,732</u>	<u>20,796</u>	<u>94,338</u>

NÓTAÍ LE CUR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS ...ar leanúint

San áireamh sna hiarmhéideanna tosaigh tá 522.8 heicteár talún (1,291.3 acra) aistrithe ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ag luachanna ainmniúla, agus athluacháladh sócmhainní áirithe eile ar an 31 Nollaig 1975 nó ar an 1 Iúil 1980.

Tá Teagasc ag baint úsáide as 38.0 heicteár (94 acra) talún faoi úinéireacht na Roinne Talmhaíochta & Bia, agus tá an Roinn ag baint úsáide as 27.1 heicteár (67 acra) atá faoi úinéireacht Teagasc. Níl muirear ar bith ar cheachtar páirtí de thoradh na socruithe seo.

Tá sócmhainní seasta áirithe a tugadh ar iontaoibh do Theagasc arna gcosaint le reacht, agus dá réir sin ní féidir iad a dhiol.

14 Sócmhainní airgeadais

Tá sealúchas 57% ag Teagasc sa scairchaipiteal íochta de Moorepark Technology Limited (5,100 scair ag €0.127). Is comhfhiontar atá sa Chuideachta, a ionchorpraíodh ar an 18 Eanáir 1991, idir Teagasc agus chomharchumainn talmhaíochta éagsúla.

Tá ráitis airgeadais ar leith ullmhaithe i leith na Cuideachta agus seo a leanas na torthaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2008:

	2008 €'000	2007 €'000
Láimhdeachas	<u>1,123</u>	<u>1,184</u>
Brabús oibriúcháin roimh dhímhéas, ús agus cáin	248	199
Dímhéas (tar éis deontas amúchta)	(248)	(199)
Ús faighte	4	6
Cáin	<u>2</u>	<u>0</u>
Brabús i ndiaidh cánachais	<u>6</u>	<u>6</u>
Brabús carntha go dtí an 31 Nollaig	<u>33</u>	<u>27</u>

Forálann Meamram Comhlachais na Cuideachta go bhfuil páirtithe leasmhara i dteideal leas a bhaint as seirbhísí na Cuideachta ag rátaí fabhracha.

Seo a leanas na hidirbhearta trádála a bhí idir Theagasc agus Moorepark Technology Limited (a áiríonn comhairleacht, anailísí agus úsáid áiseanna teicniúla agus áiseanna eile):

	2008 €'000	2007 €'000
Diólacháin Moorepark Technology Limited le Teagasc (san áireamh sa láimhdeachas)	<u>378</u>	<u>251</u>
Forchúitimh eile ó Theagasc (asbhainte ó chostas díolachán)	<u>0</u>	<u>0</u>
Iomlán	<u>378</u>	<u>251</u>
Suimeanna dlite do Moorepark Technology Limited an 31 Nollaig	<u>69</u>	<u>35</u>
Diólacháin Theagasc do Moorepark Technology Limited	<u>140</u>	<u>163</u>
Suimeanna dlite do Teagasc an 31 Nollaig	<u>6</u>	<u>47</u>

NÓTAÍ LE CUR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS ...ar leanúint

Faoi théarmaí Chomhaontú Thionscnóirí Moorepark Technology Limited tá geallta ag Teagasc riachtanais áirithe foirne a chur ar fáil le haghaidh Moorepark Technology Limited as a chuid acmhainní féin agus ina theannta sin go ndéanfaidh siad forchostais na Cuideachta a fhrithghealladh maidir le fóntais, stórais, cuntais agus eisilteach. Seo a leanas na costais a bhí i gceist:

	2008 €'000	2007 €'000
Foireann	185	177
Eile	190	162

Áirítear na hiomláin seo i gcaiteachas Teagasc faoi Thaighde Bia (Nótaí 5 agus 6).

Úsáideann Moorepark Technology Limited sócmhainní, ar le Teagasc iad, mar seo a leanas:

	2008 €'000	2007 €'000
Costais tosaigh	1,196	1,196
Glanluach Leabhar an 31 Nollaig	53	97

Áirítear na méideanna seo faoi Ghléasra agus Trealamh (féach ar Nóta 13 thuas).

De réir Chomhaontú na dTionscnóirí, tá a halla próiseála reatha ag Ionad Táirgí Déiríochta Pháirc Uí Mhórdha mar aon le suíomh taobh leis ar a bhfuil áiseanna breise tógtha ag an gCuideachta tugtha ar léas do Moorepark Technology Limited ar chíos ainmniúil d €127 in aghaidh na bliana.

Níor measadh é bheith feiliúnach torthaí na Cuideachta a chomhdhlúthú.

Tá trí cinn d'infheistíochtaí beaga ag Teagasc i gcomharchumainn talmhaíochta atá cothrom le €1,243 ar fad (2007 - €1,243).

15 Coláistí Priobháideacha

Tugann Teagasc tacaíocht do cheithre coláistí priobháideacha mar seo a leanas:

	2008 €'000	2007 €'000
Deontais do choláistí priobháideacha	5,286	4,697
Baill foirne ar iasacht ag coláistí priobháideacha (áirítear iad seo sa chaiteachas pá iomláin faoi Nóta 5 thuas).	513	514
	5,799	5,211

16 Stoic

	2008 €'000	2007 €'000
Beostoc	4,701	4,187
Táirgí feirme, leasacháin agus stoic bheathaithe	668	695
Soláthairtí ginearálta	174	263
	5,543	5,145

NÓTAÍ LE CUR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS ...ar leanúint

17 Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí

	2008 €'000	2007 €'000
Féichiúnaithe trádála	4,799	4,357
Féichiúnaithe eile, réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	4,638	3,246
	<u>9,437</u>	<u>7,603</u>

Beidh na méideanna uile a luaitear thuas dlite laistigh de bhliain.

18 Creidiúnaithe - Méideanna dlite laistigh de bhliain

	2008 €'000	2007 €'000
Creidiúnaithe trádála	2,143	2,987
Cáin ioncaim asbhainte de réir ÍMAT	1,805	1,658
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	814	707
Cáin bhreisluacha	313	1,866
Cáin shiarchoinneálach	163	166
Creidiúnaithe eile agus fabhrúithe	8,397	7,910
	<u>13,635</u>	<u>15,294</u>
Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach atá san áireamh thuas	<u>3,095</u>	<u>4,397</u>

19 Ioncam iarchurtha

Déanann Teagasc taighde a fhaigheann maoiniú poiblí de réir conarthaí le hInstitiúidí Stáit eile, an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ach go háirithe. Cuirtear deontais a bhaineann le taighde dá leithéid seo san áireamh mar ioncam i leith gach conradh faoi seach a luaithe is a bheidh na costais a bhaineann leis íochta.

Ar an 31 Nollaig bhí foinsé agus méid ioncaim iarchurtha i ndáil le taighde agus tionscadail eile cothrom le:

	2008 €'000	2007 €'000
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia – airleacain do thionscadail BTIB	2,806	1,625
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia – airleacain do thionscadail Stimulus	3,879	4,197
European Science Foundation – Feachtas Bolscaireachta Sábháilteachta Bia	480	429
Suimeanna eile a bhain le taighde a cuireadh ar athlá	4,859	1,566
Suimeanna a fuarthas roimhré d'obair a bhain le cur i gcrích díol talún i mBaile Átha an Rí	1,187	1,271
	<u>13,211</u>	<u>9,088</u>

20 Léasanna airgeadais

Ar an 31 Nollaig 2007 ní raibh dualgas ar bith ar Theagasc faoi léasanna airgeadais (2006 - dada).

Níor tabhaíodh muirear airgeadais ar bith i rith na bliana faoi léasanna airgeadais (2007 - Nil).

21 Ceangaltais chaipitiúla

Bhí tiomantais chaipitiúla gan íoc ag an 31 Nollaig 2008 cothrom le €7.20 milliún (2007 - €5.08 milliún).

NÓTAÍ LE CUR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS ...ar leanúint

22 Léasanna oibriúcháin

Ag an 31 Nollaig 2008 bhí tiomantais bhliantúla ag Teagasc faoi léasanna oibriúcháin nárbh fhéidir a chealú, mar seo a leanas:

	Talamh agus Foirgnimh €'000	Gléasra agus Innealra €'000	Iomlán €'000
Léasanna atá ag dul in éag:			
Laistigh de bhliain amháin	11	46	57
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	269	101	370
Tar éis cúig bliana	119	0	119
	<u>399</u>	<u>147</u>	<u>546</u>

23 Anailís ar athruithe sna glanchistí i rith na bliana

	1 Eanáir 2008 €'000	Sreabhanna Airgid €'000	31 Nollaig 2008 €'000
Airgead sa bhanc agus ar láimh	41,992	(11,756)	30,236
Rótharraingt bhainc	0	0	0
Taiscí gearrthréimhseacha	677	(79)	598
Ag deireadh na bliana	<u>42,669</u>	<u>(11,835)</u>	<u>30,834</u>

24 Diúscairt sócmhainní seasta

	Fáltais/ Costais €'000	Fáltais/ Costais €'000
Fáltais ó dhíol maoine*		
27.1 Heictéar (67 acra) i mBaile Átha an Rí	4,702	
15 Heictéar (6 acra) sa Ghráinseach	150	
Teachín tuaithe i gColáiste Bhéal Átha hÉis	105	
Costas díolachán	<u>(161)</u>	
Fáltais an díola ó shócmhainní eile		4,796
		116
		<u>4,912</u>
Glanluach leabhar na sócmhainní seasta eile a diúscaíodh		<u>(296)</u>
		<u>4,616</u>

*Ba é dada an luach ísealscríofa ar an maoin díolta ag tús na bliana.

25 Baill den Údarás – nochtadh idirbheart

Tá glactha ag an Údarás le nósanna imeachta de réir na dtreoirilínte atá eisithe ag an Roinn Airgeadais i ndáil le nochtadh leasa ó bhaill den Údarás agus chloigh an tÚdarás leis na nósanna imeachta seo. Ní raibh idirbhearta ar bith i rith na bliana i ndáil le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh leas ag ball ar bith den Bhord iontu..

26 Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an tÚdarás na ráitis airgeadais ar an 6 Bealtaine 2009.